

# Dréacht-Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050

Bealtaine 2024

# Clár Ábhar

<b>Achoimre Feidhmiúcháin</b>	<b>3</b>
<b>1 Maidir le hUisce Éireann</b>	<b>11</b>
1.1 Ár gcuspóir agus ár bhfís	11
1.2 Ár luachanna	11
1.3 Cad a dhéanaimid	12
1.4 Ár stair agus ár n-oidhreacht	14
1.5 An dul chun cinn atá déanta ó 2014	15
<b>2 Na Dúshláin atá Romhainn go dtí 2050</b>	<b>16</b>
<b>3 Sracfhéachaint ar ár gCuspóirí Straitéiseacha</b>	<b>20</b>
<b>4 Cuspóir Straitéiseach 1: Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa</b>	<b>23</b>
4.1 Réamheolas	23
4.2 Aidhm Straitéiseach 1: Uisce óil sábháilte a chinntiú	24
4.3 Aidhm Straitéiseach 2: Soláthairtí iontaofa uisce a sheachadadh	28
4.4 Aidhm Straitéiseach 3: Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú	33
<b>5 Cuspóir Straitéiseach 2: Tacú lenár gcustaiméirí, leis na pobail agus leis an ngeilleagar</b>	<b>37</b>
5.1 Réamheolas	37
5.2 Aidhm Straitéiseach 4: Seachadadh do chustaiméirí	38
5.3 Aidhm Straitéiseach 5: Teagmháil le pobail	39
5.4 Aidhm Straitéiseach 6: Fás a sholáthar	42
<b>6 Cuspóir Straitéiseach 3: Ár dtimpeallacht a chosaint agus a athchóiriú</b>	<b>46</b>
6.1 Réamheolas	46
6.2 Aidhm Straitéiseach 7: Ár gcomhshaol uisce a chosaint	47
6.3 Aidhm Straitéiseach 8: Ar ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce	49
6.4 Aidhm Straitéiseach 9: Cur le bithéagsúlacht dhearfach	52
<b>7 Cuspóir Straitéiseach 4: Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Aimsir atá Amach Romhainn</b>	<b>56</b>
7.1 Réamheolas	56
7.2 Aidhm Straitéiseach 10: Neodracht carbóin a bhaint amach	57
7.3 Aidhm Straitéiseach 11: Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh	59
7.4 Aidhm Straitéiseach 12: Ár sócmhainní a bhainistiú	61
7.5 Aidhm Straitéiseach 13: Tairbhe a bhaint as nuálaíocht	63
7.6 Aidhm Straitéiseach 14: Maoiniú fadtéarmach a dhaingniú	65
<b>8 Cuir Chuige maidir le Dúshláin Fhadtéarmacha a Shárú</b>	<b>68</b>
<b>9 Cur chun Feidhme</b>	<b>72</b>
9.1 An tslí a ndéanfaimid ár gcuspóirí a bhaint amach	72
9.2 An tslí a ndéanfaimid dul chun cinn a mheas	73
9.3 Monatóireacht ar an timpeallacht	74
<b>10 Athbhreithniú agus Nuashonrú</b>	<b>76</b>
Aguisín A	78
Aguisín B	80
Aguisín C	83
Acrainmneacha agus Giorrúcháin	90
Gluais	91



## Achoimre Feidhmiúcháin

**Soláthraíonn Uisce Éireann, mar sholáthraí náisiúnta seirbhísí uisce poiblí na hÉireann, 1.7 billiún lítear uisce óil dár gcustaiméirí gach lá agus bailíonn agus déileálann sé níos mó ná 1.2 billiún lítear fuíolluisce sula gcuirtear ar ais go sábháilte chuig an gcomhshaol é.**

Tá sé ríthábhachtach dár sochaí go ndéantar seirbhísí uisce sábháilte, slán agus inbhuanaithe a sholáthar, lena dtacaítear le sláinte an phobail, lena dtacaítear le seachadadh tithíocht agus post agus lena gcosnaítear ár gcomhshaol agus ár gcuid acmhainní luachmhara uisce.

### Ár bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050

Is é an Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050 (PSSU 2050) ár bplean straitéiseach fadtéarmach atá le hullmhú go riachtanach faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013. Leagtar amach ann ár gcuspóirí agus na bealaí ina bhfuil sé mar aidhm againn iad a bhaint amach i gcomhthéacs na ndúshlán suntasach is dócha a bheidh romhainn sna 25 bliana atá romhainn. Achoimrítear sa phlean ár dtreo straitéiseach agus na gníomhaíochtaí a chuirfimid chun

feidhme chun seirbhísí uisce poiblí inbhuanaithe a chinntiú d'Éirinn. Nuair a bheidh sé ceadaithe, tiocfaidh sé in ionad ár PSSU reatha ó 2015, a chlúdaigh an tréimhse ó 2015 go 2040. Cuireadh an Dréacht-PSSU 2050 faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) de réir Threoir MST (2001/42/CE) an Aontais Eorpaigh (AE) agus Measúnacht Chuí (faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga) agus foilsítear na doiciméid sin freisin lena n-athbhreithniú.

Tá comhpháirtíochtaí láidre mar bhonn taca ag ár gcur chuige maidir le pleanáil don todhchaí agus é mar aidhm aige sochair agus luach frithpháirteach a sheachadadh. Trí sheachadadh ár PSSU 2050, tógfaimid ar oidhreacht ár seirbhísí uisce údaráis áitiúil agus oibreoidimid lenár gcustaiméirí, lenár bpobail agus lenár bpáirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar ár dtimpeallacht chomhroinnte agus chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch. Beidh sé mar aidhm againn dea-shampla a thabhairt agus glacadh le taighde agus nuálaíocht, ag comhtháthú teicneolaíochtaí nua agus cleachtais inbhuanaithe chun soláthar uisce sábháilte agus iontaofa a chinntiú sa todhchaí agus an comhshaol a chosaint.



### ÁR GCUSPÓIR

Táimid ábalta ag an dúshlán a bhaineann le seirbhísí claochlaitheacha uisce a sholáthar a chuidíonn le pobail déanamh go maith.



### ÁR BHFÍS

Éire inbhuanaithe ina bhfuil meas agus cosaint ar uisce, don phláinéid agus don saol ar fad a thacaíonn sé.

## Na dúshláin atá romhainn

Feidhmímid i dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú go gasta agus tá a fhios againn go dtiocfaidh athrú ollmhór ar sholáthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce sna blianta amach romhainn. Sin an fáth ar thugamar faoinár staidéar fadbhreathnaitheachta - Fís 2050. Rinneamar an staidéar sin i gcomhar le páirtithe leasmhara éagsúla agus smaoiníomar ar thacar torthaí inmhianaithe don earnáil uisce in Éirinn idir seo agus 2050 agus sainaithnítear na dúshláin agus deiseanna a meastar go mbeidh an tionchar is mó acu ar sholáthar seirbhísí uisce le linn na tréimhse sin. Tá cur síos mionsonraithe ar na príomhdhúshláin agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acusan ar ár gcuid seirbhísí uisce leagtha amach sa tábla thíos.



### Athrú Aeráide

Léirítear i réamh-mheastacháin ar an athrú aeráide go mbeidh samhraí níos tirime agus geimhrí níos déine in Éirinn.



### Daonra agus geilleagar atá ag fás

Tá an tríú daonra is mó fáis san Eoraip ag Éirinn agus tá ár ngeilleagar ag méadú i gcónaí. Meastar go sroichfidh daonra ár dtíre sé mhilliún duine faoi 2050.



### Géarchéimeanna comhshaoil agus bithéagsúlachta

Tá géarchéimeanna comhshaoil agus bithéagsúlachta againn agus d'fhéadfadh nach leor scála agus luas na freagartha chun cuspóirí comhshaoil fadtéarmacha an AE agus náisiúnta a bhaint amach.



### Bonneagar atá ag dul in aois

Tá meánaois na bpríomhlíonraí uisce in Éirinn idir 65 agus 85 bliain d'aois, i gcomparáid le 36 bliain ar fud an Aontais Eorpaigh.



### Reachtaíocht, rialáil agus beartas

Bíonn tionchar suntasach ag beartas agus reachtaíocht Eorpach ar an gcaoi a ndéanaimid ár ngnó a sheachadadh, agus tá sé ag athrú go leanúnach.



### Dálaí eacnamaíocha

Is féidir le tosca domhanda dul i bhfeidhm go mór ar dhálaí eacnamaíocha, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ansin ar sholáthar seirbhísí uisce.

## An dóigh a bhféadfaí dul i gcion ar sheirbhísí

<p>Tá tionchair an athraithe aeráide á bhfeiceáil againn cheana. Ag brath ar cad é an cás a thitfidh amach maidir leis an athrú aeráide amach anseo, d'fhéadfadh an tionchar ar inbhuanaitheacht ár bhfoinsí uisce agus ar dhraenáil ár gcathracha agus ár mbailte a bheith as cuimse.</p>	<p>I gcás díobhálach an athraithe aeráide, d'fhéadfadh imirce mar gheall ar an aeráid brú gan fasach a chur ar ár gcumas freastal ar an éileamh ar sheirbhísí uisce.</p>	<p>Táimid ag brath go géar ar an timpeallacht uisce dár soláthairtí uisce agus chun ár scaoileadh fuíolluisce cóireáilte a fháil. D'fhéadfaí dúshláin shuntasacha a chruthú maidir le seirbhísí uisce a sholáthar má dhéantar an timpeallacht uisce a dhíghrádú tuilleadh.</p>	<p>Gan mórinfheistíocht in athnuachan sócmhainní agus athsholáthar an bhoinn sócmhainní atá ann faoi láthair, ardóidh aois na sócmhainní i gcónaí agus beidh tionchar dosheachanta ar na leibhéil seirbhíse.</p>	<p>Leis an athrú ar bheartas agus reachtaíocht na hEorpa, spreagtar ceanglais nua agus beidh tionchar suntasach aige sin ar na seirbhísí a sholáthraímid sna blianta amach romhainn.</p>	<p>D'fhéadfadh tionchar a bheith ag cor chun donais eacnamaíoch ar infhaighteacht an mhaoiniúcháin agus d'imreofaí tionchar dá réir sin ar thorthaí seirbhíse agus tionchar níos faide ar acmhainn an tslabhra soláthair.</p>
--	--	--	--	--	---

## Ár bhfreagra straitéiseach

Mar fhreagairt ar na dúshlán chasta a bhfuil earnáil an uisce ag tabhairt aghaidh orthu, tá cuspóirí straitéiseacha agus gníomhaíochtaí tacaíochta forbartha againn a chuideoidh linn aghaidh a thabhairt ar ár riachtanais is tábhachtaí agus a chinntiú go leanfaimid ag soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce inbhuanaithe go fadtéarmach.



### CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1 Uisce óil sábháilte agus iontaofa

Tá soláthairtí uisce sábháilte agus iontaofa riachtanach do shláinte an phobail agus don dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch. Cosnóimid cáilíocht ár n-uisce ag an bhfoinse agus déileálfaimid leis ar ardchaighdeán sula ndáiltear é trínár líonra fairsing de phríomhphíopaí uisce ar theaghlaigh agus ar ghnóthaí. Beidh caomhnú uisce agus laghdú sceite mar chuid lárnach dár straitéis chun ár n-acmhainní uisce luachmhara a bhainistiú go hinbhuanaithe.



### CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3 Ár dtimpeallacht a chosaint agus a chur ar ais mar a bhí

Tá dlúthbhaint idir seirbhísí uisce sábháilte a sholáthar agus ár dtimpeallacht uisce a chosaint. Beidh sé mar aidhm againn oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara eile chun tacú lenár n-aidhm náisiúnta cuspóirí comhshaoil na Creat-Treorach Uisce. Beidh sé mar aidhm againn freisin oibriú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun draenáil athléimneach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach dár gcathracha agus dár mbailte, rud a chosnaíonn an comhshaol uisce freisin. Tá sé mar aidhm againn ár sócmhainní agus ár ngníomhaíochtaí a bhainistiú chun glanghnóthachan bithéagsúlachta a bhaint amach, lena n-áirítear réitigh nádúr-bhunaithe agus bearta abhantraigh a chur chun cinn.




### CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2 Tacú lenár gcustaiméirí, leis na pobail agus leis an ngeilleagar

Freastalóimid ar riachtanais ár gcustaiméirí trí sholáthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce iontaofa ar ardchaighdeán. Díreofar lenár gcur chuige ar thosaíocht a thabhairt do riachtanais ár gcustaiméirí agus ar rannpháirtíocht ár bpobail ionas gur féidir le gach duine a pháirt a ghlacadh chun ár n-acmhainní comhroinnte a chosaint. Oibreoidimid freisin lenár lucht déanta beartas, lenár n-údaráis phleanála, agus lenár gcuid páirtithe leasmhara tithíochta agus tionscail chun tacú le geilleagar na hÉireann agus le soláthar tithíochta dár ndaonra atá ag fás.



### CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4 Seirbhísí inbhuanaithe a oireann don aimsir atá amach romhainn


Tá sé ríthábhachtach seirbhísí uisce inbhuanaithe a chinntiú chun uisce sábháilte agus comhshaol cosanta a chinntiú do na glúine atá le teacht. Dúshlán ollmhór a bheidh ann ár gcuid seirbhísí uisce a athrú chun go mbeidh siad oiriúnach don todhchaí agus beidh orainn a bheith inár bhfóntas uisce Carbón Glan-Nialasach agus an t-aisghabháil acmhainní a uasmhéadú ag teacht le cur chuige an gheilleagair chiorclaigh. Ní mór dúinn freisin ár mbainistíocht saolré sócmhainní a bharrfheabhsú agus luach na nuálaíochta a uasmhéadú. Beidh gá le maoiniú fadtéarmach leordhóthanach agus seasta mar bhonn taca ag ár gcuid oibre uile.





## Ár ngníomhaíochtaí


I gcomhréir le hAlt 33(4) den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013, tá na modhanna atá beartaithe againn chun ár gcuid cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach leagtha amach againn. Léirítear iad mar 35 príomh-ghníomh Tógann na gníomhartha sin ar an mbunús láidir arna bhunú ag ár bPlean Straitéiseach reatha um Sheirbhísí Uisce. Mar shampla, inár PSSU 2050 táimid tiomanta d'fheidhmiú agus athbhreithniú leanúnach ár gcéad Phlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU), a seachadadh faoinár PSSU reatha.


Leagtar amach sa PNAU ár gcur chuige maidir le soláthar uisce atá sábháilte, inbhuanaithe, slán agus iontaofa go ceann 25 bliain. Áirítear lenár dtiomantas don PNAU inár PSSU 2050 cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua agus cur chuige nuálach chun ár gcuid foinsí uisce a chaomhnú. Déanfar athbhreithniú rialta ar ár PSSU 2050, gach cúig bliana, chun a chinntiú go mbeidh sé iomchuí i gcónaí. Cuirfidh na hathbhreithnithe ar ár gcumas dul i ngleic le cúinsí de réir mar a thagann athruithe orthu agus dul i ngleic le riachtanais a bhíonn ag athrú i rith an ama.

AIDHM STRAITÉISEACH		GNÍOMH
 Cuspóir Straitéiseach <b>1 - Uisce óil sábháilte agus iontaofa</b>	<b>Uisce óil sábháilte a chinntiú</b>	<b>1.1</b> Tabhairt faoi mheasúnuithe riosca inár soláthairtí go léir agus bearta cuí a chur chun feidhme chun riosca a bhainistiú. <b>1.2</b> Cloí leis an Treoir maidir le hUisce Óil agus le ceanglais reachtúla eile a bhaineann le cáilíocht uisce óil. <b>1.3</b> Bearta bainistithe abhantracha a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt do réitigh nádúrghnaithe chun caighdeán uisce foinsé a fheabhsú.
	<b>Soláthairtí iontaofa uisce a sheachadadh</b>	<b>1.4</b> Ár bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce a chur i bhfeidhm agus leanúint lena athbhreithniú, ina ndéantar feabhsuithe ar bhonneagar soláthair uisce a sholáthar chun soláthairtí seasmhacha a chinntiú amach anseo. <b>1.5</b> Pleananna teagmhais a fhorbairt chun iontaofacht ár soláthairtí uisce a fheabhsú. <b>1.6</b> Feabhas a chur ar sheasmhacht oibriúcháin trí bhearta coisctheacha agus próisis fheabhsaithe i dtaobh freagairt teagmhais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
	<b>Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú</b>	<b>1.7</b> Níos lú uisce a úsáid trí chaomhnú uisce a chur chun cinn chun cuidiú le custaiméirí a n-úsáid a laghdú. <b>1.8</b> Níos lú uisce a úsáid tríd an gClár Maoirseachta Uisce feabhsaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. <b>1.9</b> Níos lú uisce a chailleadh ach laghdú sceite a sheachadadh.

AIDHM STRAITÉISEACH		GNÍOMH
 Cuspóir Straitéiseach <b>2 - Tacú lenár gcustaiméirí, leis na pobail agus leis an ngeilleagar</b>	<b>Seachadadh do chustaiméirí</b>	<b>2.1</b> Riachtanais agus ionchais na gcustaiméirí a thuiscint. <b>2.2</b> Feabhas a chur ar chumarsáid le custaiméirí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ionchais ár gcustaiméirí agus chun faisnéis fíor-ama a sholáthar ar úsáid, teagmhais agus cáilíocht uisce. <b>2.3</b> Tacú lenár gcustaiméirí a gcion a dhéanamh chun uisce a chosaint mar acmhainn luachmhar agus seirbhísí uisce níos fearr a chumasú.
	<b>Teagmháil le pobail</b>	<b>2.4</b> Clár oideachais agus rannpháirtíochta an phobail a fhorbairt chun feasacht a ardú ar luach an uisce agus ar na seirbhísí uisce a chuirimid ar fáil. <b>2.5</b> Leanúint de luach taitneamhachta inár sócmhainní a fhorbairt le pobail áitiúla, nuair atá sé sábháilte agus cuí.
	<b>Fás a sholáthar</b>	<b>2.6</b> Dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara agus comhoibriú leo chun tacú le beartas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. <b>2.7</b> Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara tithíochta agus tionscail chun tacú le soláthar tithe nua agus le fás eacnamaíoch. <b>2.8</b> Cumas anailíse éilimh a fhorbairt agus a leabú chun bonn eolais a chur faoi riachtanais infheistíochta amach anseo, iad a thuar agus pleanáil a dhéanamh ina leith.

AIDHM STRAITÉISEACH		GNÍOMH
 <p>Cuspóir Straitéiseach 3 - Ár dtimpeallacht a chosaint agus a chur ar ais mar a bhí</p>	<p><b>Ár gcomhshaoil uisce a chosaint environment</b></p>	<p><b>3.1</b> Oibriú le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara chun Creat Straitéise Fuíolluisce a fhorbairt.</p> <p><b>3.2</b> Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.</p> <p><b>3.3</b> Astarraingt inbhuanaithe a chinntiú agus cóireáil uisce iarmharta a láimhseáil.</p>
	<p><b>Ar ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce</b></p>	<p><b>3.4</b> Dobharlaigh a chosaint agus a athchóiriú trí chomhoibriú.</p> <p><b>3.5</b> Seirbhísí fuíolluisce a bhainistiú ar feadh shaolré na sócmhainní chun ceanglais rialála a chomhlíonadh.</p> <p><b>3.6</b> Seirbhísí uisce a bhainistiú ar feadh shaolré na sócmhainní chun ceanglais rialála a chomhlíonadh.</p>
	<p><b>Cur le bithéagsúlacht dhearfach</b></p>	<p><b>3.7</b> Ár sócmhainní a bhainistiú ionas go mbeidh ‘glanbhreisiú’ ann ó thaobh na bithéagsúlachta de.</p> <p><b>3.8</b> Tús áite a thabhairt do réitigh nádúrghnaithe agus do bhearta abhantraigh maidir le seachadadh tionscadail uisce agus fuíolluisce.</p>

AIDHM STRAITÉISEACH		GNÍOMH
 <p>Cuspóir Straitéiseach 4 - Seirbhísí Inbhuanaithe a oireann don aimsir atá amach romhainn</p>	<p><b>Neodracht carbóin a bhaint amach</b></p>	<p><b>4.1</b> Plean maidir le Neodracht Carbóin a Bhaint Amach a fhorbairt agus a chur chun feidhme.</p> <p><b>4.2</b> Obair i ndlúthchomhar lenár slabhra soláthair chun an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm go daingean sa chaoi ina gcuirtear bonneagar uisce agus fuíolluisce ar bun.</p>
	<p><b>Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh</b></p>	<p><b>4.3</b> Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce agus é a chur i bhfeidhm.</p> <p><b>4.4</b> Na tairbhí a fhaightear ón ngeilleagar ciorclach a bharrfheabhsú</p>
	<p><b>Ár sócmhainní a bhainistiú</b></p>	<p><b>4.5</b> Na gníomhaíochtaí a dhéantar ar ár sócmhainní a bhainistiú ar bhealach comhordaithe thar a saolré ar fad d’fhonn deimhniú ISO 55000 a bhaint amach.</p> <p><b>4.6</b> Féachaint chuige go gcuirtear riosca agus luach san áireamh i ngach cinneadh aon uair a dhéantar cinneadh thar shaolré na sócmhainní.</p>
	<p><b>Tairbhe a bhaint as nuálaíocht</b></p>	<p><b>4.7</b> Cultúr a fhorbairt bunaithe ar nuálaíocht i roinn na seirbhísí uisce chun toadhcháí inbhuanaithe a chothú.</p> <p><b>4.8</b> Leanúint i mbun cumas fadbhreathnaitheachta agus faire na fáistine a fhorbairt.</p>
	<p><b>Maoiniú fadtéarmach a dhaingniú</b></p>	<p><b>4.9</b> Na riachtanais infheistíochta atá ag ár sócmhainní uisce agus fuíolluisce san fhadtéarma a chainníochtú agus a chur in iúl.</p> <p><b>4.10</b> Cur chuige i leith maoiniú ilbhliantúil a chur i bhfeidhm.</p>






## Ár gcur chuige maidir le planáil fhadtéarmach

I gcomhthéacs na ndúshlán is dócha a bheidh roimh ár n-earnáil uisce amach anseo, aithnímid go bhfuil gá le cur chuige níos láidre maidir le planáil fhadtéarmach chun seirbhísí inbhuanaithe uisce poiblí agus fuíolluisce a chinntiú:

- Oibreimid i gcomhar lenár gcuid custaiméirí, pobail agus páirtithe leasmhara, leis an aidhm againn comhpháirtíochtaí láidre a chothú chun torthaí níos fearr a sheachadadh d'Éirinn.
- Trí smaointeoireacht chórais a ghlacadh, tuigfidh na hidirspleáchais laistigh dár dtimpeallacht uisce agus thar earnálacha seirbhíse, as a dtiocfaidh torthaí tairbheacha do chách.
- Beimid ullamh le haghaidh cásanna amach anseo a mbeidh tionchar acu ar ár seachadadh seirbhísí uisce, amhail torthaí malartacha an athraithe aeráide agus treochothaí daonra, chun cabhrú linn teacht ar éiginnteachtaí agus oiriúnú don athrú, agus déanfaimid planáil le haghaidh na gcásanna sin chomh maith.
- Tá ár bpobal i gcroílár ár n-aistear chuig todhchaí uisce inbhuanaithe. Déanfaimid infheistíocht ina gcuid sláinte agus folláine, tiomanta d'oiliúint agus d'fhorbairt, agus tógfaimid cultúr muintearas ina gcuirfidh go léir lenár gcomhspríocanna a bhaint amach.




## Ár bPlean a chur chun feidhme

Imlíníonn an PSSU 2050 creat straitéiseach do sheirbhísí uisce, a threoraíonn forbairt ár bpleananna agus ár gclár forfheidhmithe. Le chéile, tá na pleananna sin ina mbonn dár n-aighneachtaí rialála chuig an CRF, lena n-áirítear an Plean Infheistíochta. Déanaimid socrú tosaíochta mar chuid den phróiseas pleanála infheistíochta d'fhonn ailíniú le tosaíochtaí an Rialtais mar atá leagtha amach sa Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce 2024 - 2030 a chinntiú.

Déanfaimid monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéanfaimid agus tuairisceoidimid ár bhfeidhmíocht in aghaidh ár bpleananna agus ár spriocanna trí phróisis rialaithe a chinnteoidh go bhfanfaimid cuntasach dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara.

Léirítear i bhFíor 1 an gaol atá ag an bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce seo (Leibhéal 1) leis na pleananna cur chun feidhme (Leibhéal 2) agus leis na tionscadail agus na cláir a bheidh ann amach anseo (Leibhéal 3).



Fíor 1 An gaol atá ag PSSU Shraith 1 seo le Pleananna Straitéiseacha Shraith 2, Straitéisí Tacaíochta agus pleananna cur chun feidhme níos mionsonraithe agus an gaol atá acu le beartais agus straitéisí náisiúnta agus áitiúla.

# 1 | Maidir le hUisce Éireann

## 1.1 Ár gcuspóir agus ár bhfís

**Ar fud na hÉireann, braitheann pobail, gnólachtaí, an geilleagar agus an comhshaol ar sholáthar seirbhísí poiblí uisce atá sábháilte, slán agus inbhuanaithe.**

Táimid bródúil as a bheith freagrach as ár seirbhísí uisce a athrú ó bhonn chun go mbeidh rath ar phobail ar fud na hÉireann. Táimid tiomanta do sheirbhísí uisce sábháilte, slán agus inbhuanaithe a sholáthar dár ndaonra atá ag dul i méid agus mar phríomh-áisitheoir infheistíochta i dtodhchaí na hÉireann. Tá jab ríthábhachtach le déanamh againn agus go leor dúshlán agus deiseanna agus muid ag tnúth le 2050. Tá sé d'aidhm ag ár straitéis 25 bliain, an Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050, treo soiléir a thabhairt dúinn maidir leis an aistear atá romhainn amach.



### ÁR GCUSPÓIR

Táimid ábalta ag an dúshlán a bhaineann le seirbhísí bunathraitheacha uisce a sholáthar a chuidíonn le pobail déanamh go maith.



### ÁR BHFÍS

Éire inbhuanaithe ina bhfuil meas ar uisce agus ina gcosnaítear é, don phláinéid seo agus do gach a maireann air.

## 1.2 Ár luachanna

Lenár gcúig luach, sainítear saintréith ár n-eagraíochta, treoraítear ár ngníomhaíochtaí agus ár gcinntí, agus cuirtear creat ar fáil don dóigh a ndéanaimid cumarsáid lena chéile, lenár gcustaiméirí agus lenár bpáirtithe leasmhara.

Soláthraímid do chustaiméirí agus do phobail

Oibrímid níos fearr le chéile

Déanaimid an rud ceart

Táimid uailmhianach

Coinneoidimid a chéile slán sábháilte

### 1.3 Cad a dhéanaimid

#### Ár seirbhísí

Soláthraímid seirbhísí uisce atá sábháilte, slán agus inbhuanaithe do chustaiméirí agus do phobail ar fud na hÉireann. Chun é sin a dhéanamh, astarraingimid 1.7 billiún lítear d’amhuisce ón timpeallacht gach lá agus déanaimid é a chóireáil ionas go mbeidh sé sábháilte lena ól. Chun uisce a sholáthar do thithe agus do ghnólachtaí bainimid úsáid as meascán de dhomhantarraingt agus d’fhuinneamh chun é a iompar trí 64,000 km de phíopaí. Bailímid freisin os cionn 1.2 billiún lítear fuíolluisce ó thithe agus ó ghnólachtaí trínár 26,000 ciliméadar de shéaraigh sula ndéantar é a chóireáil agus a chur ar ais sa timpeallacht.

Chun na seirbhísí ríthábhachtacha sin a sholáthar go laethúil, seirbhísí atá mar bhonn faoin bhfás sóisialta agus eacnamaíoch don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht, is gá an bonneagar uisce agus fuíolluisce a oibriú, a chothabháil agus a uasghrádú. Lenár n-infheistíochtaí leanúnacha i mbonneagar, feabhsófar an cháilíocht uisce, feabhsófar athléimneacht agus cosnófar agus athchóireofar an timpeallacht, rud a chinnteoidh go mbeidh tairbhí ann dár gcustaiméirí agus dár bpobail.



# Ár Seirbhísí Uisce

## Astarraingítear an t-uisce

80% as aibhneacha agus lochanna 20% as uisce dromchla (>1,000% láithreán astarraingthe)

## Glantar an t-uisce

1.7 billiún lítear in aghaidh an lae; 706 ionad cóireála uisce. Inár n-ionaid cóireála uisce déantar amhuisce a chóireáil ar an gcaighdeán is airde, agus é a dhéanamh sábháilte le hól.

## Soláthraítear an t-uisce glan do chustaiméirí

> 64,000 ciliméadar de phríomhlíonra uisce; 1,763 stáisiún caidéalúcháin. Cuirimid soláthar leanúnach uisce ghlain ar fáil do theaghaisí agus do ghnólachtaí ar leibhéal brú inghlactha.

Ionad Cóireála Uisce

Stáisiún Caidéalúcháin

Ionad Cóireála Fuíolluisce

## Cóireáiltear an fuíolluisce

1.2 billiún lítear in aghaidh an lae; 1,056 ionad cóireála. Déanaimid fuíolluisce a phróiseáil agus a ghlanadh, agus caighdeán timpeallachta dhochta á gcomhlíonadh, sula gcuirimid ar ais go sábháilte sa timpeallacht é.

## Bailítear an fuíolluisce

>26,000 ciliméadar de shéaraigh; 2,270 stáisiún caidéalúcháin. Bailímid fuíolluisce ó thithe agus ó ghnólachtaí ár gcustaiméirí.

Iontógáil Amhuisce & Stáisiún Caidéalúcháin

### Ár gcreat beartais agus rialála

Is comhlacht Stáit tráchtála, rialáilte, faoi úinéireacht phoiblí é Uisce Éireann ag a bhfuil freagrach as soláthar uisce poiblí agus seirbhísí fuíolluisce.

- Is í an **Chreat-Treoir Uisce (CTU)** an Treoir uileghabhálach a bhaineann le beartas uisce san Aontas Eorpach (AE). Tá sé mar aidhm aige an timpeallacht uisce a chosaint agus a athchóiriú ionas go mbeidh ‘Stádas Dea-Eiceolaíochta’ nó níos fearr ag gach dobharlach.
- Is ionann an **Treoir maidir le hUisce Óil (TUÓ)** agus príomh-dhlí an Aontais Eorpaigh maidir le huisce óil. Baineann sé le rochtain ar uisce atá ceaptha lena ól ag daoine, agus cáilíocht an uisce sin, chun sláinte an duine a chosaint.
- Tá sé mar aidhm ag an **Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD)** sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint trí oibleagáidí maidir le bailiú agus cóireáil fuíolluisce uirbigh.
- Leagtar amach sa **Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce (RBSU)** tosaíochtaí an Rialtais maidir le soláthar seirbhísí uisce le linn na tréimhse atá sonraithe sa ráiteas .
- Is é an CRF a dhéanann an rialáil eacnamaíoch ar sheirbhísí uisce poiblí agus leagtar amach ioncam ceadaithe Uisce Éireann le haghaidh gach tréimhse rialúcháin ioncaim, tréimhse 5 bliana go hiondúil.

- Is é an GCC a dhéanann rialáil chomhshaoil ar sheirbhísí uisce poiblí agus soláthraíonn sé údaruithe scaoilte fuíolluisce agus soláthroidh sé údaruithe astarraingthe uisce a luaithe agus a bhunófar an creat rialála sin.
- Leagtar amach feidhmeanna agus cumhachtaí Uisce Éireann maidir le soláthar sheirbhísí uisce, inter alia, san Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 go 2022.

### An Comhthéacs Reachtaíochta PSSU

Tá forléargas mionsonraithe ar chomhthéacs reachtach dhoiciméad an PSSU le fáil in Aguisín A lena n-áirítear ceanglais Threoir MST an Aontais Eorpaigh (AE) (2001/42/CE) agus Measúnacht Chúí (faoin Treoir maidir le hÉin (Treoir 2009/147/CE ón gComhairle/). CE) agus an Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle) chomh maith leis an Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013. Leagtar amach go mion in Aguisín B an dóigh a ndeachaigh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chúí i bhfeidhm ar fhorbairt ár PSSU chomh maith leis an bpróiseas comhairliúcháin reachtúil.

### 1.4 Ár stair agus ár n-oidhreacht Ag tógáil ar ár n-oidhreacht seirbhísí uisce

Tá an t-ádh linn go bhfuil oidhreacht iontach seirbhísí uisce againn in Éirinn. Baineann sé sin go léir leis na daoine a chuir seirbhísí uisce ar fáil san am atá caite. Tá laochra náisiúnta againn a chuir scéimeanna móra ar fáil sna 1800í a bhí claochlaitheach maidir le sláinte an phobail, go háirithe do na boicht sna ceantair uirbeacha. Ina measc, bhí Sir John Gray a bhí ina fhórsa tiomána taobh thiar de Scéim Uisce Fheartraí do Bhaile Átha Cliath, agus Sir John Benson ar chuir a fhís do Sholáthar Uisce Chorcaí an bhunsraith do chathair rathúil. Le blianta beaga anuas, tá laochra áitiúla gan moladh againn ar nós feighlithe na n-údarás áitiúil ar fud na hÉireann a chuir éirim i bhfeidhm chun seirbhísí uisce a choinneáil ar siúl in aghaidh dúshláin chrua agus tearcinfheistíochta. Táimid buíoch de gach duine a chuaigh romhainn ag seachadadh seirbhísí uisce agus a thug an oidhreacht seo dúinn le tógáil uirthi.

In 2013, cuireadh tús le hathrú ar sheirbhísí uisce in Éirinn nuair a bunaíodh Uisce Éireann agus cuireadh comhaontú seirbhíse 12 bliain i bhfeidhm leis na húdarás áitiúla chun seirbhísí uisce a sholáthar. Tá an t-athrú á thabhairt chun críche anois idir 2023 agus 2026 mar go nglacfaidh Uisce Éireann freagracht iomlán as seirbhísí uisce. Mar cheann den bheagán fónais uisce ar scála náisiúnta san Eoraip tugann sé seo deiseanna spreagúla dúinn seirbhísí uisce a thabhairt chun cinn agus a bheith ina gceannairí ar an leibhéal idirnáisiúnta.

<sup>1</sup> Foilsíodh Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce 2024 – 2030 i mí Feabhra 2024

Agus é seo á dhéanamh againn, feicimid leanúnachas leo siúd atá imithe romhainn, go háirithe maidir leis na luachanna a roinneann muid sa tseirbhís phoiblí, ag cosaint sláinte poiblí agus an chomhshaoil agus ag tacú le pobail agus daoine.

Dhá thionscadal shuntasacha atá curtha i gcrích againn le linn ár gcéad deich mbliana ná uasghráduithe móra ar Scéim Soláthair Uisce Fheartraí agus ar Ionad Cóireála Uisce Bhóthar na Laoi. Cé gur chuir na sócmhainní seo seirbhís luachmhar ar fáil do Bhaile Átha Cliath agus do Chorcaigh ó na 1800idí, bhíothas in ann uasghráduithe nua-aimseartha a fháil le fada an lá. Tá na hoibreacha sin críochnaithe anois, agus soláthraítear uisce óil sábháilte do 200,000 duine i mBaile Átha Cliath Theas/Cill Mhantáin Thuaidh agus do 125,000 duine i gCathair Chorcaí gach lá.

### Ár gCeangal leis an Uisce

Tá dlúth-nasc idir ár dtodhchaí agus todhchaí an uisce. Ní bhaineann sé le cúrsaí bonneagair amháin, baineann sé le feasacht agus meas.

Agus muid ag dul isteach sa ré nua seo, tugaimid ómós do luachanna na seirbhíse poiblí, cosaint sláinte, maoirseacht comhshaoil, agus tacaíocht pobail. Tógann ár n-aistear ar an lorg a d'fhág na daoine a réitigh an bealach dúinn. In éineacht leis na bunsraitheanna seo agus lenár gcuid oibre lenár gcustaiméirí agus lenár bpobail, is féidir linn an acmhainn luachmhar seo a chosaint do na glúnta atá le teacht.

## 1.5 An dul chun cinn atá déanta ó 2014

Ó bunaíodh Uisce Éireann 10 mbliana ó shin, tá feabhsuithe suntasacha curtha i gcrích againn ar chaighdeán na seirbhíse a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí agus dár ngnólachtaí. Ó 2014:

**Rinneamar 167** ionad cóireála fuíolluisce a uasghrádú nó a thógáil.



**Feabhsaíodh** acmhainn agus athléimneacht an uisce trí líon iomlán de **79** ionad cóireála uisce a thógáil nó a uasghrádú.



### Táimid ar an mbóthar ceart chun fáil réidh

le formhór an scaoilte camrais neamhchóireáilte faoi dheireadh 2025.



**Chuireamar tús le feidhmiú** an **1ú** Phlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU) d'Éirinn. Leagtar amach sa PNAU an dóigh a bhfaighimid cothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh ar uisce óil thar an ngearrthéarma, thar an meántéarma agus thar an bhfadtéarma. Glacadh an Creat PNAU in 2021 agus glacadh ár gceithre phlean réigiúnacha le linn 2022 agus 2023.

Tá raon **feabhsuithe seirbhíse** curtha ar fáil ag Uisce Éireann ar fud na tíre:



Laghdaíodh an ráta náisiúnta sceite ó **46%** go **38%**.



Tá ár nIonad Náisiúnta Bainistíochta Oibríochtaí atá suite i mBaile Átha Cliath ag feidhmiú anois **24/7**, le monatóireacht ar níos mó ná 966 aláram sa 92 ionad cóireála uisce is mó dár gcuid.



Leagadh síos fad iomlán de **2,575 km** de phríomhphíobáin nua nó athshlánaithe.



Tá cáilíocht an uisce óil ó sholáthairtí poiblí fós an-ard agus cloíonn os cionn **99.7%** de shamplaí leis na teorainneacha baictéar agus ceimiceán.

## 2 | Na Dúshláin atá Romhainn go dtí 2050

**Oibrímid i dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú go tapa. Tá a fhios againn go mbeidh dúshláin ollmhóra ag baint lenár dtimpeallacht oibrithe sna blianta amach romhainn maidir le soláthar seirbhísí uisce.**

Chun ullmhú d'fhorbairt na straitéise 25 bliain seo (PSSU 2050), in 2021-2022 thugamar faoi staidéar fadbhreathnaitheachta (Fís 2050) trí chomhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na hearnála uisce. Leagadh amach sa staidéar na torthaí inmhianaithe don earnáil uisce in Éirinn go dtí 2050 agus sainathnódh leis dúshláin & deiseanna (saincheisteanna) a bhféadfadh an tionchar is mó a bheith acu ar sholáthar seirbhísí uisce as seo go 2050.

Agus an t-aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus aschuir ó Fhís 2050 á n-úsáid againn, shainaithníomar an méid a mheasamar le bheith ar na saincheisteanna is tábhachtaí, ar dócha go mbeidh tionchar suntasach acu ar Uisce Éireann sa tréimhse suas go dtí an bhliain 2050: Chuireamar iad sin san áireamh inár bPáipéar Saincheisteanna do PSSU 2050 agus chuamar i gcomhairle leo le linn 2023 chun cabhrú linn na príomhdhúshláin ar cheart dúinn a bhreithniú agus PSSU 2050 á fhorbairt againn a shainiú; tá tuilleadh eolais le fáil in Aguisín B. Tá achoimre ar na príomhdhúshláin atá romhainn san áireamh sna codanna seo a leanas.

### Athrú Aeráide



**Cruthaítear mórdhúshlán leis an athrú aeráide do sholáthar seirbhísí uisce idir seo agus 2050. De réir mar a leanann teochtaí domhanda ag ardú, éireoidh dálaí foircneacha aeráide níos coitianta.**

Le báisteach agus stoirmeacha níos déine, méadóidh an baol tuilte agus briseadh sa chumhacht, rud a rachaidh i gcion ar an athléimneacht oibríochtúil. Imreoidh na teagmhais sin tionchar ar ár mbonneagar agus teagmhais

truailithe níos minice mar thoradh air sin, téann siad an tionchar sin i bhfeidhm ar an bpobal agus ar an gcomhshaol.

D'ainneoin méadú ar líon na báistí diana, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an mbáisteach ar fad i míonna an tsamhraidh. Mar gheall ar níos lú báistí i míonna an tsamhraidh mar gheall ar aimsir níos teo agus níos tirime, laghdófar na leibhéil uisce i lochanna agus in aibhneacha agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin mar sin ar an infhaighteacht uisce, rud a mbeidh méadú ar an dóchúlacht go dtarlóidh triomach mar thoradh air. D'fhéadfadh an t-athrú aeráide dul i gcion ar an tsochaí ar roinnt bealaí freisin, amhail imirce daonra a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go mór ar na seirbhísí nach mór dúinn a chur ar fáil. Mura ndéantar aon rud, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar chustaiméirí aghaidh a thabhairt ar shrianta uisce níos faide agus níos minice.

Táimid tiomanta do na bearta riachtanacha a dhéanamh chun pleanáil a dhéanamh chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú agus athléimneacht a chuimsiú i bpleananna uisce agus fuíolluisce amach anseo.



## Fás Daonra agus Eacnamaíoch



**Tá fás daonra ina phríomhspreagadh maidir leis an éileamh ar sheirbhísí uisce amach anseo agus beidh éileamh méadaithe ar sheirbhísí uisce i gceantair áirithe mar thoradh air.**

Cé go bhfuil an tríú daonra is mó fáis san Eoraip ag Éirinn agus go meastar go sroichfidh sé sé mhilliún duine faoin mbliain 2050, d'fhéadfaí go sárófar an figiúr sin mar thoradh ar an imirce de bharr cúrsaí aeráide. Leis an bhfás sin, mar aon le leathnú eacnamaíoch, beidh gá le bonneagar nua agus uasghrádaithe chun tacú le forbairt. Le hionaid uirbeacha atá ag méadú agus a bhfuil daonra mór iontu, cruthófar tuilleadh rith chun srutha uisce stoirme de bharr dromchlaí

neamhscagacha níos mó, rud a chruthóidh dúshlán dár mbonneagar fuíolluisce agus dár dtimpeallacht uisce.

Beidh orainn oibriú lenár n-údaráis phleanála chun tuiscint a fháil ar an dóigh a bhfuil ár gcathracha agus ár mbailte ag athrú agus chun forbairt inbhuanaithe an bhonneagair seirbhísí uisce ar féidir leis freastal ar riachtanais ár ndaonra atá ag fás a chinntiú agus ár n-acmhainní ganna agus leochaileacha á gcosaint.

Mura dtagann an soláthar leis an éileamh méadaithe, d'fhéadfadh baol méadaithe a bheith os comhair ár gcustaiméirí go gcuirfear isteach ar an soláthar.

## Géarchéimeanna timpeallachta agus bithéagsúlachta



**Le blianta beaga anuas, tá sé ag éirí níos soiléire go bhfuil go leor speiceas á gcailliúint ag ráta nach bhfacthas riamh roimhe.**

Tá sé sin ag tarlú ar an leibhéal náisiúnta, Eorpach agus domhanda. Agus neart tíortha ag teipeadh orthu in 2019 a gcuid spriocanna i leith cailiteanas bithéagsúlachta a laghdú a bhaint amach, d'fhógair Rialtas na hÉireann 'éigeandáil bhithéagsúlachta' an bhliain chéanna, rud a tharraing aird na n-earnálacha go léir ar an ngá atá le gníomhartha a fhorbairt chun an bhithéagsúlacht a chosaint.

Ón mbliain 2019, tá thart ar 85% de ghnáthóga cosanta na hÉireann agus 30% de speicis chosanta i mbaoil<sup>2</sup>. In ainneoin dul chun cinn i réimsí áirithe, creideann an GCC nach leor scála agus luas na bhfeabhsuithe atá á ndéanamh chun cuspóirí fadtéarmacha AE agus náisiúnta a bhaint amach maidir le cáilíocht uisce, cáilíocht an aeir, cosaint an dúlra agus laghdú astuithe.

Tá go leor tosca taobh thiar de chailliúint na bithéagsúlachta in Éirinn, lena n-áirítear dianchleachtas talmhaíochta agus foraoiseachta, ró-iascaireacht, speicis ionracha, athruithe ar thalamhúsáid, rith chun srutha uirbeach agus doirteadh fuíolluisce nach bhfuil cóireáilte go himleor chuig ár n-aibhneacha agus róshaothrú acmhainní amhail portaigh; mar shampla, féadfaidh athruithe in úsáid na talún stóráil bunsreibe nádúrtha a laghdú agus tionchar a imirt ar méideanna an uisce le linn an tsamhraidh.

<sup>2</sup> [https://www.npws.ie/sites/default/files/publications/pdf/NPWS\\_2019\\_Vol1\\_Summary\\_Article17.pdf](https://www.npws.ie/sites/default/files/publications/pdf/NPWS_2019_Vol1_Summary_Article17.pdf)

Ní hamháin go mbíonn tionchar ag na tosca sin ar ár dtimpeallacht, ach laghdaítear cáilíocht ár bhfoinse agus ár n-uiscí glactha mar gheall orthu. Mar shampla, má bhíonn tionchar ag brúnna eile ar dhobharlach, d'fhéadfadh sé sin an cumas comhshamlaithe atá ar fáil a laghdú agus d'fhéadfadh sé costas cóireála fuíolluisce a mhéadú. De réir mar a mhéadóidh truailleáin agus de réir mar a thiofadh ábhar salaithe nua chun cinn, méadófar an éileamh ar ár bpróisis cóireála uisce agus fuíolluisce.

### Bonneagar atá ag dul in aois




Tá ár mbonneagar uisce agus fuíolluisce reatha ag dul in aois agus tá gá le cothabháil nó athsholáthar suntasach ar ár sócmhainní ionas

gur féidir linn leanúint ar aghaidh lenár seirbhísí a sholáthar ar leibhéal cuí. Ní fhreastalóidh an cur chuige maidir le sócmhainní a chothabháil agus a athsholáthar atá ann le fiche nó tríocha anuas dúshlán amach anseo, go háirithe i gcomhthéacs an athraithe aeráide. Mar shampla, tá meánaois na bpríomhlíonraí uisce in Éirinn idir 65 agus 85 bliain d'aois, i gcomparáid le 36 bliain d'aois san Aontas Eorpach. I láthair na huaire, táimid ag athsholáthar níos lú ná 0.5% dár bpríomhlíonraí uisce gach bliain agus níos lú ná 0.1% dár séaraigh gach bliain; mar sin ag an ráta sin, ghlacfaidh sé thart ar 200 bliain chun ár ngréasán uisce a athsholáthar agus os cionn 1000 bliain chun séaraigh nua a chur ina n-áit. I gcás ár bpríomhphíobán uisce, chaithfí é sin a mhéadú go dtí 1 % le go stopfaí an fheidhmíocht.

Mura bhfaighimid bealaí nua chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthair trí réitigh chomhtháite nua amhail bonneagar gorm-glas a bhaineann leas as próisis nádúrtha agus/ nó a dhéanann aithris ar phróisis nádúrtha, agus cuir chuige nua chun réitigh a sholáthar i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara iomadúla, lena soláthraítear tairbhí níos leithne don tsochaí, tiofadh meath suntasach ar fheidhmíocht na seirbhíse faoi 2050. Agus muid ag pleanáil don todhchaí, ní mór dúinn réitigh inoiriúnaithe a chur chun feidhme ar féidir leo freastal ar ár ndúshlán láithreacha agus na cinn níos fadtéarmaí.

### Reachtaíocht, rialáil agus beartas



Beidh tionchar suntasach ag athruithe ar reachtaíocht agus rialacháin na hEorpa agus na hÉireann ar an dóigh a gcuirfimid ár seirbhísí ar fáil. Cé go gcuirimid fáilte roimh reachtaíocht fheabhsaithe agus cuir chuige rialála nua a thacaíonn le cuspóirí comhshaoil agus inbhuanaitheachta; spreagfaidh siad ionchais agus riachtanais nua, agus is dócha go mbeidh éifeachtaí fadréimseacha acu sin ar gach gné beagnach de na seirbhísí uisce in Éirinn.

Beidh scála an dúshlán le hoiriúnú suntasach. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo beidh gá le cur chuige sruthlíneithe a dhíríonn ar phríomhcheisteanna, agus cur chuige comhordaithe agus comhoibríoch ar fud eagraíochtaí agus earnálacha.

## Dálaí eacnamaíocha



**Is féidir le tosca domhanda amhail cogadh agus paidéimí dul i bhfeidhm go mór ar dhálaí eacnamaíocha, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ansin ar sholáthar seirbhísí uisce.**

Le linn tréimhsí um chobhsaíocht agus fás eacnamaíoch, is minic a eascraíonn infheistíocht mhéadaithe, agus soláthraítear an chobhsaíocht airgeadais is gá do phleanáil straitéiseach

réamhbhreathnaitheach. A bhuí leis sin, táimid ábalta pleanáil le haghaidh fáis agus iniúchadh a dhéanamh ar réitigh nuálacha ar féidir leo tairbhí níos leithne a sholáthar dár gcustaiméirí, dár bpobail agus don chomhshaol.

Os a choinne sin, is féidir le tréimhsí cor chun donais eacnamaíoch teorainn a chur le hinfhaighteacht an mhaoiniúcháin do thionscadail bonneagair chriticiúil agus do

riachtanais chothabhála. D'fhéadfadh sé sin moill a chur ar dhul chun cinn na dtionscadal riachtanacha, as a dtagann feabhsuithe iarchurtha ar sheirbhís do chustaiméirí agus do phobail ar deireadh. Ina theannta sin, is féidir le cor chun donais eacnamaíoch iallach a chur orainn riachtanais oibríochtúla láithreacha a chur in ord tosaíochta agus gan a oiread béime a chur ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo.

### 3 | Sracfhéachaint ar ár gCuspóirí Straitéiseacha

#### **Foilsíodh ár bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce reatha in 2015 agus clúdaíodh ann an tréimhse 25 bliain 2015-2040 agus cuimsíodh ann 6 Chuspóir Straitéiseacha.**


Anois, beagnach 10 mbliana ina dhiaidh sin agus i ndiaidh breithniú ar na ceisteanna agus na dúshláin fhadtéarmacha amach anseo a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus na meigithreochtaí domhanda trínar staidéar 'Fís 2050' á gcur san áireamh, tá ceithre chuspóir straitéiseacha forbartha againn chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a théann i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí uisce ó anois go 2050.

Faoi gach cuspóir straitéiseach, shainnaimid aidhmeanna straitéiseacha agus príomhghníomhaíochtaí a chuideoidh linn aghaidh a thabhairt ar ár ndúshláin is tábhachtaí agus a chinntiú go leanfaimid ag soláthar seirbhísí uisce go fadtéarmach. Tagann na príomhchuspóirí agus na príomhaidhmeanna sin

leis an Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 agus leagann siad amach an treo taistil agus na bearta a dhéanfaimid thar na 5-10 mbliana atá romhainn lenár gcuspóirí fadtéarmacha a bhaint amach. Bhí an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus an Mheasúnacht Chúilárnach maidir le cuspóirí, aidhmeanna agus gníomhaíochtaí a fhorbairt lena gcinntítear cosaint na timpeallachta.

Bíonn na dúshláin atá romhainn maidir le seirbhísí uisce a sholáthar go dtí 2050 casta agus leathan go minic agus mar sin is minic a thacaíonn na príomhghníomhaíochtaí atá leagtha amach sa doiciméad seo le hilchuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Léirítear ár gcuspóirí straitéiseacha agus ár n-aidhmeanna straitéiseacha i bhFíor 3.1.





**Tacú lenár gcustaiméirí, leis na pobail agus leis an ngeilleagar**

Déanfaimid ár ndícheall seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí, agus oibrímid lenár bpáirtithe leasmhara chun tosaíochtaí ailínithe a sheachadadh agus tacú le fás inbhuanaithe.

**Aidhm Straitéiseach 4** Seachadadh do chustaiméirí

**Aidhm Straitéiseach 5** Teagmháil le pobail

**Aidhm Straitéiseach 6** Soláthar a dhéanamh d'fhás

**Seirbhísí inbhuanaithe a oireann don aimsir atá amach romhainn**

Déanfaimid cinntí don fhadtéarma le go mbeimid in ann dul in oiriúint agus athléimneacht ár sócmhainní a chinntiú.

**Aidhm Straitéiseach 10** Neodracht carbóin a bhaint amach

**Aidhm Straitéiseach 11** Cineálacha cur chuige ciorclacha a ghlacadh

**Aidhm Straitéiseach 12** Ár sócmhainní a bhainistiú

**Aidhm Straitéiseach 13** Tairbhe a bhaint as nuálaíocht

**Aidhm Straitéiseach 14** Maoiniú fadtéarmach a dhaingniú

Fíor 3.1 Cuspóirí Straitéiseacha agus Aidhm Straitéiseach

**Cinntimid go bhfuil cáilíocht ár soláthairtí uisce sábháilte,** agus soláthraímid seirbhís uisce ar féidir le custaiméirí, pobail, agus an geilleagar i gcoitinne brath air.



## 4 | Cuspóir Straitéiseach 1: Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa



CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1

**Uisce óil sábháilte agus iontaofa**

**Cinntimid go bhfuil cáilíocht ár soláthairtí uisce sábháilte, agus soláthraímid seirbhís uisce ar féidir le custaiméirí, pobail, agus an geilleagar i gcoitinne brath air.**

### 4.1 Réamheolas

Tá soláthar uisce shábháilte inbhuanaithe agus iontaofa bunúsach do thír nua-aimseartha. Táimid tiomanta, dá bhrí sin, dá chinntiú go bhfuil cáilíocht ár soláthairtí uisce sábháilte lena úsáid, agus do sheirbhís uisce a sheachadadh ar féidir le custaiméirí, pobail, agus an geilleagar i gcoitinne brath air. Leis na torthaí sin beidh ár bpobail ábalta déanamh go maith agus tacófar le soláthar tithíochta agus post nua. I mí na Nollaig 2023, chuireamar ár gcéad Phlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU) i gcrích d'Éirinn. Leagtar amach inár PNAU an dóigh a bhfaighimid cothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh ar uisce óil thar an ngearrthéarma, thar an meántéarma agus thar an bhfadtéarma. Achoimrítear ann ár gcur chuige maidir le soláthar uisce atá sábháilte, inbhuanaithe,

slán agus iontaofa a sholáthar dár gcustaiméirí go ceann 25 bliain. Tá trí cholún sa chur chuige sin: Caillteanas a Laghdú, Úsáid a Laghdú agus Soláthar níos Cliste. I dteannta a chéile, cuirfidh na colúin sin ar ár gcumas ár n-idirghabhálacha caipitil agus oibriúcháin a bharrfheabhsú chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach agus freagairt do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn. Thar an tréimhse go dtí 2050, tá a fhios againn, leis na saincheisteanna amhail an t-athrú aeráide, fás daonra agus athruithe ar abhantracha, go gcruthófar dúshláin dheacra nach mór dúinn a bhainistiú go héifeachtach chun leanúint ar aghaidh ag soláthar uisce óil atá sábháilte agus iontaofa. Le fás daonra, méadófar an t-éileamh ar sholáthairtí uisce agus an gá le forbairt foinsí nua. Leis an athrú aeráide, méadófar minicíocht agus fad triomaigh, rud a laghdóidh infhaighteacht ár soláthairtí. Méadófar leis freisin an baol tuilte de bharr báisteach níos déine.

Cinnteoimid go mbeidh rochtain ag ár gcustaiméirí go léir ar uisce óil sábháilte iontaofa trí bhainistíocht réamhghníomhach a dhéanamh ar cháilíocht an uisce óil ón bhfoinse go dtí an sconn, trí inbhuanaitheacht agus athléimneacht ár soláthairtí uisce a fheabhsú agus trínár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú.

Sa tréimhse go **2050**, de réir féidearthacht eacnamaíochta agus teicniúil, tá sé mar aidhm againn:



- Uisce sábháilte óil a áirithiú dár gcuid custaiméirí gan aon fhógraí fiuchta uisce fadtéarmacha i bhfeidhm.
- Soláthairtí athléimneach uisce a bhaint amach ag tacú leis an ngeilleagar.
- Sceitheadh a laghdú go gnáth-leibhéal na hEorpa atá le socrú faoin Treoir maidir le hUisce Óil.


## 4.2 AIDHM STRAITÉISEACH 1: Uisce óil sábháilte a chinntiú

Déanfaimid sábháilteacht agus cáilíocht uisce óil a bhainistiú ón bhfoinse go dtí an sconna d'fhonn sláinte an duine a chosaint.

### Rioscaí a bhainistiú

**Gníomhaíocht 1.1: Tabhairt faoi mheasúnuithe riosca inár soláthairtí go léir agus bearta cuí a chur chun feidhme chun riosca a bhainistiú.**

Chun sábháilteacht agus cáilíocht an uisce óil a bhainistiú go réamhghníomhach, tabharfaimid faoi mheasúnuithe riosca cuimsitheacha ar ár soláthairtí go léir ón bhfoinse go dtí an sconna. Déanfaimid amhlaidh trí Phleananna Sábháilteachta Uisce Óil (PSUÓna) a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil) 2023 a chur chun feidhme. Leis na measúnuithe sin, cuirfear bonn eolais eolas faoi idirghabhálacha bunaithe ar abhantracha, idirghabhálacha eagraíochtúla, oibríochtúla, cothabhála agus caipitil lena maolófar na rioscaí sin.



**Le Pleananna Sábháilteachta Uisce Óil (PSUÓ), soláthraítear measúnú riosca cuimsitheach agus cur chuige bainistíochta riosca chun cáilíocht agus sábháilteacht an uisce óil a chinntiú. D'fhorbair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an cur chuige agus tá sé ionchorpraithe sa Treoir maidir le hUisce Óil. Léiríonn sé dea-chleachtas maidir le measúnú riosca ar sholáthar uisce.**

Cuimsítear leis na pleananna gach riosca a d'fhéadfadh cur isteach ar an soláthar uisce, ón "foinse go dtí an sconna tomhaltóra". Airítear leis sin rioscaí dár bhfoinsí abhantraigh, an chóireáil agus an córas dáileacháin. Is éard atá i gceist leo sin ná guaiseacha féideartha a aithint, measúnú a dhéanamh ar a ndóchúlacht agus a ndéine, bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chórais agus bearta ceartaitheacha a dhéanamh nuair is gá.





Ina theannta sin, glacfaimid chur chuige sócmhainne saolré iomláine maidir leis an gcinnteoireacht, lena n-áirítear cothabháil iomchuí trí Phleananna Bainistithe Sócmhainní a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ag cinntiú go mbeidh ár mbonneagar láidir agus athléimneach i leith riosca féideartha. Áirítear leis sin monatóireacht ar dhálaí chun cothabháil choisctheach a éascú agus chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna sócmhainní féideartha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ár gcumas cáilíocht uisce óil shábháilte a sholáthar.

Chun na rioscaí do cháilíocht an amhuisce óil a thuiscint, déanfaimid measúnú ar bhaol na ngníomhaíochtaí bunaithe ar abhantraigh i ndáil lenár gcuid foinsí uisce óil. Bainfimid an méid sin amach tríd an gcur chuige 'foinse-conair-gabhdóir' a úsáid i leith measúnú riosca agus bainfimid leas as tacair shonraí maidir

leis an gcomhshaol atá ann cheana. Beidh sé ríthábhachtach clár monatóireachta cáilíochta uisce foinsé a chur chun feidhme chun na rioscaí dár bhfoinsí uisce a thuiscint agus a bhainistiú. Cabhróidh an tuiscint ar riosca le heolas a thabhairt do bhearta maolaithe a chur in ord tosaíochta agus a dhíriú, agus ag an am céanna tacófar lenár gcuspóir an comhshaol a chosaint agus a athchóiriú trí cháilíocht ár bhfoinsí a fheabhsú. Is áisitheoir ríthábhachtach é comhoibriú le gníomhaireachtaí poiblí agus páirtithe leasmhara abhantraí chun ár gcuid foinsí uisce óil a chosaint agus a fheabhsú, toisc go mb'fhéidir nach mbeidh bearta maolaithe faoinár smacht i gcónaí. Déanfaimid iarracht dul i mbun comhpháirtíochtaí chun forbairt agus cur i bhfeidhm réitigh bhainistithe abhantraigh a chumasaíonn rioscaí a bhainistiú ag an bhfoinsé. Ní hamháin go gcuireann an cur chuige comhoibríoch seo le héifeachtúlacht

na bainistíochta riosca ach cuireann sé freagracht chomhroinnte chun cinn maidir le sábháilteacht agus cáilíocht an uisce óil freisin, rud a chuidíonn linn feasacht a ardú ar luach an uisce. Comhoibrímid go gníomhach le réimse leathan páirtithe leasmhara chun cosaint foinsé a chur chun cinn lena n-áirítear úinéirí talún, grúpaí tionsclaíochta, earnáil na talmhaíochta, na foraoiseachta agus na timpeallachta, agus gníomhaireachtaí poiblí.

Trí mheasúnuithe riosca a dhéanamh agus bearta oiriúnacha a chur i bhfeidhm, nuair is féidir, táimid ag cloí, ní hamháin, le riachtanais rialála ach tá ár dtiomantais á léiriú freisin i leith bainistiú réamhghníomhach agus cuimsitheach ar rioscaí a bhaineann le huisce óil. Cinntíonn an cur chuige seo córas seasmhach agus freagrúil, a chosnaíonn folláine na bpobal ar a bhfreastalaímid.



## Cás-staidéar - Feabhas ar shábháilteacht agus cáilíocht Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin



## An Treoir maidir le hUisce Óil agus ceanglais reachtúla eile a chomhlíonadh

**Gníomhaíocht 1.2: Cloí leis an Treoir maidir le hUisce Óil agus le ceanglais reachtúla eile a bhaineann le cáilíocht uisce óil.**

Deimhin a dhéanamh de go dtugaimid aghaidh ar an Treoir maidir le hUisce Óil agus ceanglais reachtúla eile ríthábhachtach dár dtiomantas i leith bainistiú sábháilteachta agus cáilíochta ár soláthairtí uisce óil. Tá comhlíonadh cheanglais na Treorach maidir le hUisce Óil ina thosaíocht ag Uisce Éireann faoi réir bheartas an Rialtais mar atá leagtha amach i Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce 2024 - 2030, lena n-áirítear imeachtaí reatha de bhun sárúithe a thabhairt chun críche.

I gcomhréir leis an mbéim sa Treoir maidir le hUisce Óil ar chur chuige riosca-bhunaithe, forbróimid ár gclár mhonatóireachta chun dul níos faide ná na gnéithe comhlíontachta. Cuimseoidh siad clár monatóireachta oibriúcháin atá deartha chun sonraí fíor-ama a sholáthar ar fheidhmíocht oibriúcháin agus ar cheisteanna a bhaineann le cáilíocht uisce. Cuirfear an clár in oiriúint do thorthaí i dtaobh sainithint guaiseachta agus measúnaithe riosca laistigh den chóras soláthair a dhéanfar mar chuid de na Pleananna Sábháilteachta Uisce Óil. Tacóidh a gcuspóir le rioscaí a shainithint agus déanfaidh sé bailíochtú ar éifeachtacht na mbeart rialaithe ag gach céim — ón bhfoinse go sconná an chustaiméara.

**Táimid infheistiú de nach mór €20 milliún déanta againn chun Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin a uasghrádú d'fhonn an riosca a bhaineann le haon fhógraí fiuchta uisce amach anseo a laghdú agus chun uisce óil a chosaint i gcomhair 620,000 duine i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath (MBÁC). Tá an t-ionad mar an dara hionad cóireála uisce is mó in Éirinn, soláthraíonn sé uisce do thuairim is 30% de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, agus tá sé ríthábhachtach maidir le tacú le fás eacnamaíoch ar fud na cathrach.**

Bhí an córas cóireála uisce reatha ag an ionad thíos leis de bharr infheistíochta teoranta. Rinne na huasghráduithe sin na háiseanna reatha a nuachóiriú agus feabhas a chur ar cháilíocht, iontaofacht agus athléimneacht an tsoláthair uisce a fhreastalaíonn ar Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Cuireadh tús leis na hoibreacha ar an láithreán i mí an Mheithimh 2018 agus áiríodh leo an córas scagacháin a uasghrádú, próiseas nua díghalraithe ultraivialait (UV) a shuiteáil agus an córas díghalraithe reatha a uasghrádú. De bharr na n-uasghráduithe seo tá feabhas suntasach curtha ar cháilíocht an uisce óil do thomhaltóirí i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath, agus ag an am céanna laghdaíodh an baol maidir le haon fhógraí fiuchta uisce amach anseo.

Ag leanúint ar aghaidh ó na hoibreacha suntasacha seo, leanfar le clár oibreacha uasghrádaithe breise ag Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin sna blianta amach romhainn chun soláthar leanúnach uisce óil sábháilte do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath a chinntiú.

Inár dtiomantas i leith uisce óil sábháilte, tá sé de rún againn dul níos faide ná comhlíonadh ach nósanna imeachta a fhorbairt chun ábhar truaillithe atá ag teacht chun cinn is féidir a bheith i bhfoinsí amhuisce a imscrúdú agus a mheas. Is féidir comhdhúile a chuireann isteach inchríneacha, cógaisíocht agus micreaphlaistigh a bheith i measc na n-ábhar salaithe sin. Déanfaimid tagairt do liosta faire na Treorach chun eolas nua a choinneáil cothrom le dáta faoi ábharthacht na gcomhdhúil atá ag teacht chun cinn do shláinte an duine agus do na cuir chuige monatóireachta is oiriúnaí, agus déanfaimid measúnú ar an mbaol a bhaineann le substaintí atá ar an liosta faire dár soláthairtí uisce. Ina theannta sin, leanfaimid le measúnú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le luaidhe sa chóras dáileacháin agus le haghaidh a thabhairt orthu agus tabharfaimid aghaidh ar neamhchomhlíonadh na n-ábhar truaillithe sainaitheanta amhail tríhalaiméatáin (THMs), lotnaidicíd agus mangainéis.

### **Bearta cosanta foinse a thacú**

**Gníomhaíocht 1.3: Bearta bainistíochta abhantracha a chomhordú agus tacú a thabhairt do réitigh bunaithe sa dúlra chun caighdeán bhunúsca a fheabhsú.**

Is ar Chosaint Foinse atá uisce óil ag brath, ag díriú as réitigh chostasacha, chasta agus neamh-inbhuanaithe do fhoinsí atá ag dul i olcas.



***In 2021, d'fhoilsigh muid Straitéis Idirlinn Lotnaidicídí chun riosca éilliú lotnaidicídí a laghdú de réir a chéile d'ár bhfoinsí uisce óil, atá á bhaint amach againn trí obair chomhoibríoch a dhéanamh le páirtithe leasmhara ó Ghrúpa Gníomhaíochta Náisiúnta Lotnaidicídí agus Uisce Óil (GGNLUÓ). In 2023 rinneadh tuairisc go raibh laghdú 58% i líon na gcásanna ina raibh an iomarca lotnaidicídí ag leibhéal náisiúnta nuair a dhéantar comparáid le tréimhse bunlíne 2016/2017.***

*Is sárshampla é pobal Baile Uí Fhiacháin den chaoi ar féidir le pobal a fhoinsí uisce a chosaint ó thruailliú. Ó 2016, aithníodh leibhéal ardaithe i gcaighdeán an uisce óil do lotnaidicídí ó am go ham i soláthar uisce phoiblí i mBaile Uí Fhiacháin, atá curtha ar fáil ó Abhainn Bhaile Uí Fhiacháin. Bunaíodh grúpa fócas Dhobharcheantar GGNLUÓ chun dul i ngleic leis na fadhbanna go háitiúil. Chuaigh GGNLUÓ i mbun gnímh in abhantrach Bhaile Uí Fhiacháin in 2022 agus 2023 agus mar chuid den mhéid a rinne siad, d'úsáid siad na meáin chun aird a tharraingt ar an bhfadhb ar leibhéal áitiúil. Thug Clár Tacaíochta agus Chomhairleach an Talmhaíochta Inbhuanaithe (CTCTI) comhairle do fheirmeoirí ar an chleachtas is fearr lotnaidicíd a chuir agus a stóráil.*

*Ó gur bunaíodh an Grúpa Fócas Dhobharcheantar do Bhaile Uí Fhiacháin, tá laghdú suntasach tagtha in dlús lotnaidicíd gan aon leibhéal ardaithe tuairiscithe in 2023. Chuir an chomh-iarracht idir páirtithe leasmhara agus an pobal áitiúil go mór le caighdeán Abhainn Bhaile Uí Fhiacháin a fheabhsú agus tá sé ag tacú le bithéagsúlacht agus sláinte an éiceachóras freisin.*

Déanfaimid rioscaí abhantraí agus a dtionchar ar cháilíocht amhuisce a mheas trínár gcur chuige PSUÓ. Déanfar é sin chun gur féidir linn teacht ar bhearta chun an fhoinsé a chosaint agus tús áite a thabhairt do na bearta sin agus chun a chinntiú nach ar infheistíochtaí i saoráidí cóireála amháin a dhíreofar. Déanfaimid bainistíocht abhantraí agus réitigh dhúlrbhunaithe a fhí isteach inár bpleanáil bonneagair. Tá roinnt mhaith buntáistí don bhithéagsúlacht agus don athrú aeráide ag baint le bainistíocht abhantraí.

Agus muid ag cloí leis an bprionsabal chun “an fhoinsé a rialú de rogha ar réitigh deireadh píopa,” ní hamháin go bhfuil ár gcur chuige réamhghníomhach ag teacht le treoracha rialála ach léiríonn sé a thábhachtaí freisin agus atá ár dtiomantas i leith réitigh inbhuanaithe, dhúlrbhunaithe a dhearbhaíonn cáilíocht agus caighdeán an uisce óil a chuirimid ar fáil dár bpobail.

Táimid ag iarraidh cur leis na tionscadail cheannródaíocha atá déanta againn cheana féin agus táimid tiomanta do réitigh eile a thástáil ach iad a bheith dhúlrbhunaithe, nuálach agus cruthaithe cheana féin, m.sh. coillearnach dhúchasach bhruachánach a chur nó criosanna maolánacha ar leith a úsáid, chun dul i ngleic le riachtanais uisce ó thaobh cainníochta, cáilíochta agus seasmhachta de. Mar chuid den chuspóir seo, tabharfaimid tús-áite do réitigh bunaithe sa dúlra san áit atá cuí, agus déanfaidh muid staidéar píolóta ag baint úsáide as cur chuige

bainistíocht abhantrach le haghaidh cosaint foinsé a chlúdaíonn réitigh bunaithe sa dúlra. Beidh feachtas éifeachtach cumarsáide agus oideachais tábhachtach chun tacú le bearta foinsé a chosaint a sholáthar. Déanfaimid ár bhfeachtas reatha a leathnú amach agus é mar aidhm againn tuiscint a mhéadú ar an gcaoi gur féidir le pobail cúnamh a thabhairt chun caighdeán an uisce a fheabhsú agus a chosaint. Tabharfaidh sé seo tacaíocht d’ár gcuspóir feachtas a ardú laistigh de phobail ar luach uisce.

### 4.3 AIDHM STRAITÉISEACH 2: Soláthairtí iontaofa uisce a sheachadadh

**Cuirfimid feabhas ar ár sócmhainní agus ár bhfoinsí chun a chinntiú go bhfuil ár soláthairtí láidir go leor chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí ag an spriocleibhéal seirbhíse.**

#### **An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce** **Gníomhaíocht 1.4: Ár PNAU a chur i bhfeidhm** **agus leanúint lena athbhreithniú, ina ndéantar** **feabhsuithe ar bhonneagar soláthair uisce** **a sholáthar chun soláthairtí seasmhacha a** **chinntiú amach anseo.**

Is gníomhaíochtaí ríthábhachtacha iad cur i bhfeidhm agus athbhreithniú leanúnach ár bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU) inár dtiomantas maidir le cuspóirí a bhaint amach i dtaobh bonneagar soláthair uisce a fheabhsú

do sheirbhísí seasmhacha agus láidre. Agus é faoi réir ó mhí na Nollag 2023 i leith, is é an PNAU an chéad phlean fadtéarmach sa tír, atá deartha chun soláthar uisce óil atá sábháilte, inbhuanaithe agus iontaofa a chinntiú dár gcustaiméirí ar fud na hÉireann sna 25 bliana atá romhainn.

Bhí na measúnuithe ar Chothromaíocht idir Soláthar agus Éileamh a forbraíodh don PNAU bunaithe ar Leibhéal Seirbhíse (LS) uair amháin i ngach 50 bliain i.e. ní tharlaíonn easnaimh sholáthair mar gheall ar uisce gan a bheith ar fáil ach uair amháin i ngach caoga bliain.

Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé d’aidhm againn LS comhsheasmhach 1 as 50 bliain ar a laghad a chur ar fáil ar fud an tsoláthair uisce phoiblí ar fad le himeacht aimsire. Cé gur shaináithin an CSÉ líon suntasach soláthairtí uisce a thiteann faoi bhun an LS seo, ba chóir a thabhairt faoi deara nár cheart do chustaiméirí sna ceantair sin a bheith ag súil le go gcuirfí isteach ar bhealach suntasach ar sholáthar; mar sin féin, is baolach go mbeidh orthu dul i ngleic le srianta úsáide uisce amhail orduithe caomhnaithe uisce ó am go chéile. Déanfaimid an CSÉ a nuashonrú ar bhonn leanúnach chun sonraí nuashonraithe ar an athrú aeráide, ar an táirgeacht atá ar fáil agus ar fhaisnéis faoin éileamh riachtanach laistigh den chóras soláthair a chur san áireamh; agus bainfear úsáid as an CSÉ chun soláthairtí nach mbaineann an sprioc LS riachtanach amach a aithint agus chun tús áite a thabhairt d’infheistíocht faoin gcolún ‘Soláthar níos Cliste’ amach anseo.



Cás-staidéar - Tionscadal Soláthair Uisce - Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

# Tionscadal Soláthair Uisce

Réigiún an Oirthir agus an Lár Tíre



## An Riachtanas

### RÓ-SPLEÁCHAS AR FHOINSE AONAIR

Tagann **85%** den soláthar uisce chuig

**1.7 MILLIÚN DUINE** ón Life

Athléimneacht ar bith sa soláthar uisce ós rud é go n-oibrítear na hionaid cóireála is mó ag **100%** dá n-acmhainn.

**SAINCHEISTEANNA** athléimneachta agus inbhuanaitheachta sna soláthairtí uisce ar fud réigiún an Oirthir agus an Lár Tíre



Astarraingt an-mhór as an Life atá measartha beag, agus mar sin de tá sé i mbaol **AN ATHRAITHE AERÁIDE**



Tá an soláthar uisce ag streachailt chun éileamh na linne seo a shásamh, Éireoidh sé sin níos measa - daonra, fás eacnamaíoch, éileamh ar thithíocht - Tionchar an athraithe aeráide



Bainfidh laghdú sceite beagnach **20%** amach **faoi 2030** i mBaile Átha Cliath, i gCill Dara, i gCill Mhantáin agus sa Mhí ach ní leor iad laghdú sceite agus bainistíocht éilimh

## An réiteach

**SOLÁTHAR UISCE INBHUANAITHE SÁBHÁILTE NUA** ó fhoinsé nua na Sionainne



**'DROIM' SOLÁTHAIR UISCE NUA** ar fud na tíre le foráil d'asbhaintí i dTiobraid Árann, in Uíbh Fhailí agus san Iarmhí

Tugtar faoi **FHADHBANNA SOLÁTHAIR RÍTHÁBHACHTAIGH** i mBaile Átha Cliath, i gCill Dara agus i gCill Mhantáin



Soláthairtí a atreisiú i **37** crios ar fud an réigiúin i dTiobraid Árann, in Uíbh Fhailí agus sa Longfort



## Na tairbhí



**LEIBHÉIL SEIRBHÍSE UIRBEACHA FHEABHSAITHE** d'úsáideoirí uisce ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i 36 crios acmhainní uisce san Oirthear agus Lár Tíre

### NA HÉILIMH AR SHOLÁTHAR UISCE A SHÁSAMH

ón daonra, ó thithíocht agus ó fhás eacnamaíoch



Foráil d'asbhaintí chun uisce a sholáthar do phobail agus do thionscail i **DTIOBRAID ÁRANN, IN UÍBH FHAILÍ AGUS SAN IARMHÍ** feadh an bhealaigh



An acmhainn chun soláthar uisce inbhuanaithe atá athléimneach ó thaobh an athraithe aeráide de a chruthú do suas le **50% DEN DAONRA**

**Áiríodh an Tionscadal Soláthair Uisce mar 'Thoradh Náisiúnta Straitéiseach' sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus chomh maith leis sin tá sé ar cheann de na 'Príomhthosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí' atá liostaithe sa Phlean Forbartha Náisiúnta.**

Tá an Tionscadal Soláthair Uisce do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre ina chuid lárnach dár straitéis fhadtéarmach chun seasmhacht an tsoláthair agus leibhéil seirbhíse sa réigiún a mhéadú trí úsáid a bhaint as mórfhoinsé nua uisce chun gur féidir linn freastal ar an éileamh ar sholáthar uisce ó suas le 50% de dhaonra an Stáit idir seo agus an bhliain 2050 agus ina dhiaidh sin. Cuirfidh sé ar ár gcumas dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide trí úsáid a bhaint as soláthairtí nua uisce. Is mar gheall air freisin a bheidh soláthar uisce seasmhach, slán, sábháilte ar fáil do mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, na Mí, Chill Dara agus Chill Mhantáin. Agus is mar gheall air freisin, thar aon ní eile, a bheimid in ann freastal ar phobail feadh an bhealaigh i dTiobraid Árann, in Uíbh Fhailí agus san Iarmhí. Chomh maith leis sin, ciallaíonn sé gur féidir 17 soláthar atá ag freastal ar Bhaile Átha Cliath faoi láthair a atreorú ar ais go dtí Lú, an Mhí, Cill Dara, Ceatharlach agus Cill Mhantáin, rud a thacóidh le forbairt chothrom sa réigiún sin. Nuair a bheidh na soláthairtí sin ceangailte le chéile, beimid in ann soláthar níos iontaoifa a chur ar fáil do thithe cónaithe agus do ghnólachtaí agus ní bheidh siadsan buailte ródhona ag an triomach a thuilleadh agus ní bheimid ag brath ar fhoinsí reatha nach féidir dóthain uisce a sholáthar nuair a bhíonn an triomach ann.

Bainfear úsáid as an CSÉ freisin chun a chinntiú go bhfuil tionscadail nua pleanáilte chun an LS riachtanach a sholáthar anois agus amach anseo.

Leanfaimid orainn le feabhas a chur ar ár dtuiscint ar na rioscaí a bhaineann leis an méid uisce a bheidh ar fáil, le cáilíocht an uisce sin, agus leis an inbhuanaitheacht agus tabharfaimid faoi staidéir measúnachta táirgeachta ar ár gcuid abhantracha uisce dromchla agus screamhuisce le tacaíocht ó shamhlacha hidreolaíocha agus hidrigeolaíocha. Ina theannta sin, déanfaimid taighde ar thionchair athraithe aeráide ar an soláthar atá ar fáil agus ar an éileamh chun ár bpleanáil fhadtéarmach a fheabhsú agus chun ár meastachán ar riachtanais infheistíochta amach anseo a fheabhsú. Beidh tionchar ag na measúnuithe seo ar ár bpleananna sábháilteachta uisce óil freisin, a thugann aghaidh ar ghuaiseacha a bhaineann le soláthar.

Agus é ag teacht leis an bprionsabal uileghabhálach ‘soláthar níos cliste’, téann ár gcur chuige níos faide ná feabhsuithe bonneagair chun forbairt foinsí uisce inbhuanaithe nua a chur san áireamh. Ní hamháin go gcinntíonn sé seo iontaofacht agus seasmhacht ár soláthairtí uisce ach tá sé ag teacht lenár dtiomantas i leith maoirseacht timpeallachta freisin.

### **Pleananna teagmhais**

***Gníomhaíocht 1.5: Pleananna teagmhais a fhorbairt chun iontaofacht ár soláthairtí uisce a fheabhsú.***

Tá sé tábhachtach go ndéanfar forbairt ar phleananna teagmhais chun iontaofacht ár soláthairtí uisce a fheabhsú, go háirithe i bhfianaise a leochailí agus atá siad i dtaca le teagmhais adhaimsire. Is dúshlán faoi láthair é ár spriocleibhéal seirbhíse (LS) a bhaint amach le linn triomaigh.


Léiríonn staidéir ar athrú aeráide gur baolach go dtitfidh teagmhais adhaimsire amach, lena n-áirítear triomaigh agus tuilte níos minice amach anseo. Agus muid á chur sin sa mheá, déanfaimid pleanáil réamhghníomhach do na teagmhais seo trí fhoinsí agus bonneagar leochaileach a shainaitheint ionas gur féidir linn freagairtí a fhorbairt a ullmhóidh sinn do theagmhais adhaimsire. Cuimseoidh na freagairtí seo straitéisí bainistíochta oibríochtúla malartacha atá dírithe ar fhad a chur le soláthairtí (le linn triomaigh) agus soláthairtí sealadacha a shocrú ó fhoinsí in aice láimhe (i gcás easnamh sa soláthar mar gheall ar thriomach nó bristeacha sócmhainní de bharr teagmhais amhail drochstoirmeacha ar bhaolach go mbeadh tuilte nó bristeacha cumhachta mar thoradh orthu).

Tá méadú tagtha le deich mbliana anuas ar líon na soláthairtí a mbíonn dúshlán ag baint leo le linn aimsir thirim. Mar chuid den PNAU sainaitheandh na soláthairtí a bhí i mbaol le linn teagmhais aimsire tirime agus tá UÉ i mbun pleananna triomaigh a fhorbairt do na soláthairtí seo agus spriocdháta 2030 luaite lena gcur i gcrích. Cuirfidh na pleananna triomaigh seo creat trédhearcach ar fáil maidir leis na bearta atá le cur i gcrích sa tsúil go dtiocfaidh

laghdú ar an tionchar ar chustaiméirí agus ar an timpeallacht. Spreagfaidh na pleananna triomaigh bearta éagsúla lena n-áirítear feachtais um chaomhnú uisce, forbairt foinsí nua sealadacha agus tancaeráil ó sholáthairtí eile. Is é cuspóir na bpleananna an tionchar a bhíonn ag teagmhais aimsire tirime agus ag triomach a mhaolú ní hamháin ar ár gcustaiméirí, ach ar ár n-éiceachórais uisceacha freisin. Forbrófar pleananna triomaigh do gach soláthar leochaileach ar bhonn tosaíochta.

Forbróimid pleananna teagmhais freisin chun aghaidh a thabhairt ar chásanna éagsúla mar thionchair aimsir an gheimhridh ar bhaolach go mbeadh pléasccha píopaí mar thoradh orthu (de bharr teagmhais reo is coscartha), truaillíú ar cháilíocht uisce de bharr drochstoirmeacha, agus bristeacha cumhachta. Cinnteoidh ár gcur chuige maidir le pleanáil teagmhais go mbeimid ullmhaithe i gceart chun freagairt go héifeachtach do réimse dúshlán, rud a chuirfidh le hiontaofacht agus seasmhacht ár soláthairtí uisce i ndeireadh na dála i bhfianaise dálaí aeráide atá ag athrú.

Is é UÉ an t-údarás ar a luíonn an fhreagracht faoi Threoir an AE maidir le Tuilte a bhaineann le bonneagar Saorga um Iompar Uisce (AWBI). Táimid tiomanta do réamh-mheasúnú riosca a dhéanamh i gcás tuilte a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar ár mbonneagar/ár n-oibríochtaí. Tá UÉ tiomanta freisin d'athbhreithniú a dhéanamh ar bhaol tuilte/adhaimsire i dtaobh sócmhainní reatha.



## Cás-staidéar - Ag imlonnú córas nua UÉ theiliméadracht do fhiontraíocht

**Is bealach iad córais theiliméadrachta chun monatóireacht agus smachtú a dhéanamh ar sócmhainní ó chian.**

Úsáideann siad braiteoirí, ríomhairí agus gléasanna cumarsáide cosúil le tarchuradóirí raidió chun sonraí a bhailiú go leanúnach agus sonraí a sheoladh ó shuíomhanna éagsúla. Is féidir le córas teiliméadrachta, mar shampla, tomhas a dhéanamh ar an leibhéal uisce i dtaiscumar, ar an mbrú laistigh de pháipia, ar an méid uisce a chuirtear ar fáil do chustaiméirí, nó ar cháilíocht an uisce sin. Is féidir leas a bhaint as na sonraí sin chun sruth an uisce a shocrú, chun sceití a aimsiú, nó chun oibrítheoirí a chur ar an eolas faoi aon fhadhbanna.

Tabharfaidh ár gCóras Teiliméadrachta Náisiúnta nua cúnamh le monatóireacht a dhéanamh ar phlandaí cóireála, stáisiún pumpála, taiscumair agus pointí oibríochtúla tábhachtacha thar ár gcuid sócmhainní ar fad. Déanfaidh sé seo níos éasca é teacht ar shonraí iontaoifa ar taispeántas sócmhainní trasna na tíre. Déanfaimid os cionn 2,400 fostáisiún teiliméadrachta atá ann faoi láthair a aistriú chuig an gcóras náisiúnta nua. Is féidir leis seo tuilleadh sonraí a ghlacadh agus a thairgeadh ar bhealach níos éifeachtaí agus é sin a dhéanamh an bealach ceannann céanna ag ár láithreáin ar fad. Déanfar, tríd ár gCóras Náisiúnta Teiliméadrachta, bainistíocht ar na sonraí criticiúla a theastaíonn chun seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú agus chun sláinte phoiblí agus an timpeallacht a chosaint.

## Seasmhacht oibriúcháin a fheabhsú

**Gníomhaíocht 1.6: Feabhas a chur ar sheasmhacht oibriúcháin trí bearta coisctheacha agus próisis fheabhsaithe i dtaobh freagairt teagmhais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.**

Tá sé ríthábhachtach seasmhacht oibriúcháin a fheabhsú chun nach gcuirfí isteach ar sholáthairtí uisce ár gcustaiméirí. Tá sé beartaithe againn aon chur isteach a laghdú mar gheall ar theip oibríochta sócmhainne (bristeacha) trí mheascán de dheardh sócmhainní agus pleananna oibriúcháin agus trí phróisis fheabhsaithe i dtaobh freagairt teagmhais a chur i bhfeidhm. Déanfaimid measúnú, ag céim an dearaidh, ar an méid uisce sa bhreis a bheidh ag teastáil chun laghdú a dhéanamh ar an mbaol go mbeidh bristeacha sa soláthar, agus cuirfimid bonnagar spártha san áireamh chun go mbeidh soláthar ar fáil nuair is gá. Ina theannta sin, forbróimid ár bpleananna oibriúcháin chun bearta cothabhála coisctheacha a chuimsiú agus chun teagmhais a bhainistiú go réamhghníomhach trí anailís líonra a dhéanamh d'fhonn bunchúis na teipe a thabhairt chun solais.

Beidh ról ríthábhachtach i gceist le leanúint lenár n-acmhainn sonraí fíor-ama agus monatóireachta a fhorbairt, rud a dhéanfaidh ardchórais teiliméadrachta éascaíocht air, maidir le hacmhainn oibriúcháin a fheabhsú, teipeanna a thuar agus freagairt do bhristeacha ionas go mbeidh maolú ar a dtionchar.



Tríd ár gcuspóir Ag Tacú Lenár Custaiméirí CCE á sheachadadh cuirfidimid bristeacha in iúl i bhfórama agus cuirfidimid nuashonruithe rialta ar fáil maidir le seirbhísí a athchóiriú.

Tá ról ríthábhachtach ag cibearshlándaíl maidir le seasmhacht oibriúcháin a chothabháil. Déanann córais rialaithe bainistiú ar phróisis theicniúla atá ríthábhachtach sa phróiseas cóireála agus dáileacháin uisce. Féadann na córais seo a bheith leochaileach ó thaobh cibearionsaithe de. Leanfaimid orainn ag cur feabhas

ar chibearshlándaíl sna córais oibriúcháin ar fad agus cinnteoidimid go gcloífead leis an Treoir a bhaineann le hardleibhéal comhchoiteann cibearshlándaála ar fud an Aontais Eorpaigh (Treoir SLF2). Áirítear leis seo teicneolaíocht a uasghrádú, uirlisí slándaála nua a fháil agus cláir oiliúna d'fhostaithe a chur ar fáil d'fhonn riachtanais na Treorach a chomhlíonadh.

Cuimsíonn ár dtiomantas i leith seasmhacht oibriúcháin na treoirlínte slándaála a chomhlíonadh, rud a leagtar amach sa

doiciméad Creata agus Struchtúir Náisiúnta um Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach (SEM) agus na hlarscríbhinní a ghabhann leis. Agus rioscaí slándaála fisiceacha á sainiú ag againn, go háirithe i limistéir iargúlta nó neamhdhaingne, cuirfidimid bearta i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint i gcoinne ionsaithe fisiceacha féideartha a d'fhéadfadh cur isteach ar chórais ríthábhachtacha.



## 4.4 AIDHM STRAITÉISEACH 3: Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú

**Bainfimid an brú dár n-acmhainní trí sceitheadh a laghdú agus trí chabhrú lenár gcustaiméirí uisce a chaomhnú.**

### Bearta caomhnaithe uisce

**Gníomhaíocht 1.7: Níos lú uisce a úsáid trí chaomhnú uisce a chur chun cinn chun cabhrú le custaiméirí an méid uisce a úsáideann siad a laghdú.**

Tá caomhnú uisce lárnach chun inbhuanaitheacht ár bhfoinsí uisce a bhainistiú agus a chaomhnú. Is féidir leis roinnt buntáiste a chur ar fáil, cosúil le brú a bhaint ó na foinsí uisce agus bonneagar, astaíochtaí charbóin a ísliú agus athléimneacht aeráide a fheabhsú. Is é an colún “Níos Lú a Úsáid” dár bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce ár dtiomantas i leith caomhnú uisce a chur chun cinn i measc ár gcustaiméirí agus tacú le bearta gnó níos leithne chun leibhéil inbhuanaithe an tsoláthair uisce a bhainistiú.

Léiríonn ár gclár caomhnaithe uisce atá ann cheana féin, amhail Maoirseacht Uisce, First Fix Free agus Scoileanna Glasa, ár dtiomantas buan maidir le úsáid fhreagrach i dtaobh uisce óil cóireáilte. Tacaíonn ár gcur chuige comhtháite ilchainéil leis na tionscnaimh seo lena n-áirítear rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus na meán chun tacú le faisnéis do chustaiméirí. Tugann ár dtaighde le fios go n-adhmaíonn leath

den phobal go bhfuil uisce á chur amú acu agus go rangaíonn sciar atá ag laghdú iad amhail is go bhfuil siad ‘gníomhach nó díograiseach’ maidir le huisce a chaomhnú. Aithníonn muid go gcaithfear athrú ar lean a mholadh in iompar agus meon in leith chaomhnú uisce.

Chun feasacht an phobail a ardú mar is ceart ar luach na n-acmhainní uisce agus ar thairbhí na seirbhísí uisce dár gcustaiméirí, dár bpobail, don timpeallacht agus don gheilleagar, is gá infheistíocht leanúnach a dhéanamh i ngníomhaíocht chumarsáide iomráiteach trí chur chuige ilcháinéil mar aon le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus na meán. Chomh maith le sin, táimid ag iarraidh forbairt a dhéanamh ar ár gclár reatha do chaomhnú uisce agus clár nua a chuir i bhfeidhm, ag úsáid an nuálaíocht agus taighde is déanaí, áit ar féidir an deis is mó a aithint chun cur amú agus ligean ar thaobh an chustaiméara a laghdú chun caomhnú a dhéanamh ar úsáid uisce óil cóireála.

Táimid ag forbairt Straitéis Caomhnaithe Uisce a chuimsíonn ár ngníomhaíochtaí caomhnaithe uisce reatha agus tionscnaimh bhreise agus a sholáthraíonn creat chun aghaidh a thabhairt ar éileamh uisce ar fud gach grúpa custaiméirí agus cineálacha úsáide uisce.

Forbróidh ár Straitéis Caomhnaithe Uisce ar ár gcumas Anailísiú Éilimh chun tuiscint níos fearr a bhaint amach ar ár bpróifíl éilimh agus modheolaíocht a bhunú chun na bearta is oiriúnaí i gcaomhnú uisce a chur i bhfeidhm i gcúinsí ina mbeidh an tionchar is

mó acu. Leanfaimid orainn le hinfheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht, lena n-áirítear córais mhéadraithe agus léimh méadair nua-aimseartha, chun na sonraí a sholáthar dár gcustaiméirí a thacóidh le cur chuige inbhuanaithe i dtaobh caomhnú uisce. Déanfaimid iniúchadh ar dheiseanna nua i gcónaí amhail Bailiú Uisce Báistí agus Úsáid Ciorclach Uisce, ar cleachtais iad sin a chuireann le réitigh dúlrbhunaithe i leith bainistíocht uisce stoirme.

Déanfaimid teagmháil le páirtithe leasmhara eile atá gníomhach i réimse an chaomhnaithe uisce agus comhoibreoimid leo chun comhchuspóirí a bhaint amach. Cuirimid fáilte, dá réir sin, roimh an nGrúpa Oibre Náisiúnta um Chaomhnú Uisce atá le bunú faoi Chuspóir 3 den Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce 2024 go 2030 agus déanfaimid ár ndícheall tacú le hobair an ghrúpa seo. Leanfaidh muid orainn freisin ag fiosrú faoi deiseanna eile in earnáil na tionsclaíochta agus pobail chun ceangal tithíocht agus gnóthaí atá éifeachtúil ó thaobh uisce de a chur chun cinn inár ngréasán dáilte.

### Clár Maoirseachta Uisce feabhsaithe a chur i bhfeidhm

**Gníomhaíocht 1.8: Níos lú uisce a úsáid tríd an gClár Maoirseachta Uisce feabhsaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.**

Bhí an Clár Maoirseachta Uisce ina shárshampla de na príomhbhearta um chaomhnú uisce agus bainistíocht ar éileamh d’Uisce Éireann i gcomhar leis an bpobal ghnóthaí, agus aithnímid an deis atá ann chun tógáil ar an gclár mar cheann de na príomhbhearta inár Straitéis um Chaomhnú Uisce.



**Úsáideann gnólachtaí Éireannacha thart ar 510 milliún lítear uisce gach lá. Is féidir le bearta a thugann tacaíocht le gnóthaí chun níos lú uisce a úsáid difríocht ceart a dhéanamh chun an méid uisce a theastaíonn ón timpeallacht chun cóireála a laghdú chun uisce óil slán a tháirgeadh.**

Tá ár gClár Maoirseachta Uisce ina chuidiú ag gnólachtaí chun cur amú uisce a aimsiú ar an láthair nó chun uasghrádú go dtí gléasanna nach n-úsáideann mórán uisce amhail leithris dhéshruithlaithe agus aerthóirí sconna (is féidir iad seo a cheangal le sconnaí chun an sreabhadh uisce a laghdú gan cur isteach ar an mbrú uisce). D'éirigh linn oiliúint a chur ar bhreis is 700 maor chun gnólachtaí a bhíonn ag brath ar uisce a chumasú. Sampla suntasach amháin is ea ár gcomhpháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a shainathnionn réimsí le feabhas a chur orthu agus a chuireann bearta caomhnaithe uisce i bhfeidhm in ospidéal. Mar thoradh air sin, d'fhorbair an FSS treoirleabhar dea-chleachtas do Shaoráidí Cúraim Sláinte in Éirinn, agus tá ag méadú ar éifeachtúlacht uisce dá bharr sin.

Bhí an Clár Maoirseachta Uisce dírithe ar dtús ar na húsáideoirí uisce tráchtála is mó dá bhfuil ann. Úsáideann an t-aon faoin gcéad acusan atá ag barr an liosta níos mó ná aon trian amháin den uisce go léir a sholáthraítear do chustaiméirí tráchtála. Tá sé aitheanta againn go bhfuil deiseanna ann chun cur leis an tsamhail seo agus éagsúlachtaí a fhorbairt ar an gclár a thabharfaidh aghaidh ar chohóirt nua ó thaobh cineálacha custaiméirí agus pobal de.

Leanfaimid orainn lenár gcuid oibre le comhpháirtithe tionscail chun méadracht a fhorbairt a léiríonn éachtaí an Chláir Maoirseachta Uisce agus a sholáthróidh sonraí chun eolas a thabhairt d'fheabhsú leanúnach. Tacóimid freisin le gnéithe a bhaineann le hoiliúint agus feasacht na maoirseachta uisce, le hábhair agus imeachtaí cumarsáide.

Chun tacú leis an gClár Maoirseachta Uisce, agus sa bhreis ar thionscnaimh um bainistíocht ar éileamh eile, déanfaimid iniúchadh ar theicneolaíochtaí maidir le bhaint uisce báistí agus athchúrsáil uisce léith. Oibreoidimid le comhpháirtithe taighde agus le páirtithe leasmhara chun treoirthionscadail a fhorbairt d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar na réitigh seo agus d'fhonn beartas sa réimse seo a chur chun cinn.

Déanfaimid an leagan feabhsaithe den Chlár Maoirseachta Uisce a sheachadadh, in éineacht le gníomhaíochtaí eile caomhnaithe uisce, chun soláthar a dhéanamh d'fhás amach anseo agus d'úsáid inbhuanaithe uisce óil chóireáilte.

## Laghdú sceite a sheachadadh

**Gníomhaíocht 1.9: Níos lú uisce a chailleadh ach laghdú sceite a sheachadadh.**

Ní mór dúinn sceitheadh a thuairisciú don Choimisiún Eorpach chun cloí leis an Treoir athmhúnlaithe maidir le hUisce Óil, agus beidh an riachtanas sin ina ábhar spreagtha dúinn chun leibhéil sceite a laghdú ar fud na ngréasán dáileacháin.

Is bunstraitéis é an colún “Níos Lú a Chailleadh” den Phlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce maidir lenár dtiomantas i leith inbhuanaitheacht fhadtéarmach ár soláthairtí uisce a chinntiú. Ní mór dúinn cothromaíocht a bhaint amach idir an t-éileamh méadaitheach ar uisce agus cosaint agus athchóiriú a dhéanamh ar ár dtimpeallacht uisce. Tá 64,000 ciliméadar de phríomhphíobáin uisce sa ghréasán fairsing dáileacháin, agus dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach dul i ngleic le sceitheadh d'fhonn soláthar uisce iontaofa inbhuanaithe a chinntiú. Táimid tiomanta do fhreastal ar riachtanais mhéadaithe fáis ach tús áite a thabhairt do chlár uailmhianach chun sceitheadh a laghdú.

Is éard atá i gceist leis an gcolún “Níos Lú a Chailleadh” gníomhaíochtaí atá dírithe ar ár dtuiscint ar sceitheadh a fheabhsú, bearta a chur i bhfeidhm chun é a laghdú, agus uirlisí a úsáid chun sceiteanna a aimsiú agus a dheisiú. Is tionscnamh fíorthábhachtach é an

### Clár Náisiúnta Laghdaithe Sceite.

Tá sé ag teacht leis an bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce, agus cuimsíonn sé bearta amhail bainistíocht brú, rialú gníomhach ligin, agus an tionscnamh 'An Chéad Deisiú Gan Chostas' trína ndeisiítear sceití laistigh de theorainneacha ionad réadmhaoine teaghlaigh. Tá slí eile againn chun bainistíocht sceite a fheabhsú, is é sin Limistéir Mhéadraithe Cheantair (LMCanna) a bhunú, ionas gur féidir linn an sreabhadh isteach i gceantair bheaga a thomhas chun monatóireacht a dhéanamh ar shreafaí neamhghnácha agus chun sceitheadh a aimsiú. Cuirfear méadair nua in ionad seanmhéadar agus déanfar méadair nua bhreise a shuiteáil freisin mar chuid den chlár seo, agus beidh na méadair seo ina gcabhair againn maidir le tuiscint níos fearr a fháil ar shreabhadh agus dáileadh an uisce inár líonraí. Tá an nuálaíocht ríthábhachtach i leith laghdú sceite atá éifeachtúil ó thaobh costas de, agus sampla de sin is ea ár gCóras Bainistíochta Ligin (CBL) a tugadh isteach sa bhliain 2018 agus a éascaíonn measúnú comhsheasmhach ar threochtaí sceite ar fud ár líonra. Is éard atá i gceist iarrachtaí leanúnacha chun an córas a leabú agus a chalabhrú agus iniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí fuaimiúla agus córais faisnéise atá ag teacht chun cinn le haghaidh gníomhaíochtaí i dtaobh rialú gníomhach sceite barrfheabhsaithe. Leanfaimid orainn le hiniúchadh a dhéanamh ar bhealaí nuálacha chun ár sceitheadh a laghdú.



### Cás-staidéar - An Clár Laghdaithe Sceite



***Is ábhar mór inní é go gcailltear uisce mar gheall ar sceití sa líonra uisce faoi thalamh in Éirinn ach tá Uisce Éireann ag dul i ngleic leis an bhfadhb seo trína Chlár Náisiúnta Laghdaithe Sceite.***

*Is féidir le ligin a bheith deacair a aimsiú, mar tarlaíonn siad san oll-ghréasán píobán casta faoin talamh. Tá cuid mhór de na píobáin seo sean agus damáistithe agus caithfear iad a dheisiú nó a athsholáthar chun ár gcáilíocht agus ár soláthar uisce a fheabhsú. In ainneoin na fadhbanna seo, tá dul chun cinn á dhéanamh againn. Sa bhliain 2018, ba é 46% an ráta sceite náisiúnta, agus faoi dheireadh 2023 bhí sé íslithe go dtí 38%. Ó gur thosaigh an Clár Laghdaithe Sceite, tá thart ar €1.2 billiúin infheistíochta go dtí deireadh 2023 agus tá mian againn a thuilleadh €250 milliúin a chuir isteach gach bhliain go dtí deireadh 2030 chun ráta sceite náisiúnta de 25% faoi dheireadh 2030.*



**Déanfaimid ár ndícheall seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí, agus oibrímid lenár bpáirtithe leasmhara chun tosaíochtaí ailínithe a sheachadadh agus tacú le fás inbhuanaithe.**

## 5 | Cuspóir Straitéiseach 2: Tacú lenár gcustaiméirí, leis na pobail agus leis an ngeilleagar



### CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2

#### Tacú lenár gcustaiméirí, leis na pobail agus leis an ngeilleagar

**Déanfaimid ár ndícheall seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí, agus oibrímid lenár bpáirtithe leasmhara chun tosaíochtaí ailínithe a sheachadadh agus tacú le fás inbhuanaithe.**

### 5.1 Réamheolas

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir le tacú lenár gcustaiméirí, le pobail agus leis an ngeilleagar ó foilsíodh an chéad PSSU sa bhliain 2015. Is é tús áite a thabhairt dár gcustaiméirí bun agus barr an scéil maidir lenár gcur chuige - bíonn a gcuid riachtanas ar chúl ár n-intinne againn i ngach céim a chuirimid dinn. Iarann muid freisin dul i dteagmháil le phobail agus aird a tharraingt ar an gcaoi gur féidir le pobail cúnamh a thabhairt dúinn chun ár spriocanna roinnte a bhaint amach trí tionscnaíochta phobail agus úsáid freagrach uisce agus seirbhísí fuíolluisce.

De réir mar a fhásann daonra na hÉireann tiocfaidh méadú ar an éileamh ar uisce. Tá soláthar acmhainne bonneagair seirbhísí uisce san áit cheart ag an am ceart rithábhachtach chun tithíocht agus fás eacnamaíoch a sholáthar. Táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do spriocanna tithíochta an Rialtais agus do bheartas pleanála spásúlachta náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, maidir leis sin. Áirítear leis sin tiomantas do thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta atá cothromaithe go réigiúnach.

Chun tacaíocht a thabhairt dár gcustaiméirí, dár bpobail agus don gheilleagar, tá sraith d'aidhmeanna agus gníomhaíochtaí leagtha againn chun sinn a threorú.

Sa tréimhse go **2050**, de réir féidearthacht eacnamaíochta agus teicniúil, tá sé mar aidhm againn:



- Seirbhís dhigiteach i bhfíor-ama a chur ar fáil d'ár gcustaiméirí a chomhlíonann an méid atáthar ag súil le.
- Spriocanna tithíochta bliantúil an rialtas a thacú trí fhorbairt faoi stiúir an phlean.



## 5.2 AIDHM STRAITÉISEACH 4: Seachadadh do chustaiméirí

**Tabharfaimid tús áite dár gcustaiméirí déanfaimid freastal ar a gcuid riachtanas.**

### Ionchais na gcustaiméirí a thuiscint *Gníomhaíocht 2.1: Riachtanais agus ionchais na gcustaiméirí a thuiscint.*

Cuirimid romhainn seirbhísí uisce a sholáthar dár gcustaiméirí a fhreastalaíonn ar a riachtanais agus a n-ionchais. Chun seo a dhéanamh ní mór dúinn leanúint le caidreamh iontaofa fadtéarmach a fhorbairt lenár gcustaiméirí. Teastaíonn uainn nach ndíreofaí ár rannpháirtíocht le custaiméirí ar na huaireanta nuair nach n-oibríonn rudaí amach amháin, ach gur idirghníomhaíochtaí dearfacha a bheidh ann ó lá go lá.

Forbróimid ár gcur chuige maidir le taighde i dtaobh custaiméirí chun dul ar aghaidh ón bhfócas reatha ar shásamh a rianú go dtí ionchais a thuiscint. Forbróimid cláir thaighde chun scrúdú a dhéanamh ar réimsí amhail na nithe a bhfuil custaiméirí ag súil leo agus caomhnú uisce.

Rachaimid i mbun teagmhála le grúpaí éagsúla geografacha agus déimeagrafacha laistigh dár mbonn custaiméirí. Déanfar é seo i gcás custaiméirí teaghlaigh agus custaiméirí tráchtála araon chun tuiscint a fháil ar a gcuid

roghanna agus ar na nithe a bhfuil siad ag súil leo. Oibreoidimid le páirtithe leasmhara chun deiseanna a fheabhsú d'fhonn dul i mbun teagmhála le grúpaí custaiméirí ionadaíocha. Déanfaimid an léargas a fhaighimid tríd an gcur chuige seo a fhí isteach inár bpróisis pleanála gnó agus cinnteoireachta. Déanfaimid cur chuige custaiméirlárnach a fhí isteach ann freisin, rud a chinntíonn go dtuigimid na nithe a bhfuil custaiméirí ag súil leo.

### Feabhas a chur ar chumarsáid le custaiméirí *Gníomhaíocht 2.2: Feabhas a chur ar chumarsáid le custaiméirí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ionchais ár gcustaiméirí agus chun faisnéis fíor-ama a sholáthar ar úsáid, teagmhais agus cáilíocht uisce.*

Cuirfimid feabhas ar chumarsáid le custaiméirí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ionchais ár gcustaiméirí agus soláthróimid faisnéis ábhartha, chruinn agus thráthúil ar ár seirbhísí uisce, lena n-áirítear oibreacha pleanáilte, teagmhais agus cáilíocht uisce. Éistfimid le haiseolas agus tuairimí ónár gcustaiméirí agus beidh sé de rún againn seirbhís ilchainéil chomhtháite agus saoráideach a sholáthar.

Is den rithábhacht dúinn feabhas a chur ar ár gcumarsáid lenár gcustaiméirí ionas go mbeidh siad ar an eolas faoi na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus chun a chinntiú go bhfuilimid i mbun seirbhís a sheachadadh de réir a n-ionchas.



### Cás-staidéar - Clár Glór an Chustaiméara



**Chun seirbhís a thabhairt d'ár gcustaiméirí agus a gcuid riachtanais agus roghanna a thuiscint, le clár Glór an Chustaiméara i bhfeidhm, áit a dhéantar suirbhé ar 500 go 600 custaiméir gach mhí trí fón agus SMS chun aiseolas a fháil ar an idirghníomhú a bhí acu linn.**

*Úsáidtear an t-eolas seo le cúnamh a thabhairt dúinn ag déanamh léarscáil amach ar phróiseas ár gcustaiméir chun a gceist a réiteach, áit ina dtagann roinnt páirtithe leasmhara thar an ghnó le chéile chun dúshlán ár gcustaiméirí a phlé agus teacht suas le réitigh agus tionscnaíochta lena dtaithí a fheabhsú linn.*

*Sampla de thionscnaíocht mar seo ná forbairt uirlis cumarsáide réamhghníomhach d'ár gcustaiméirí ar fad. Agus é forbartha i gceart, cuirfidh sé scéala go custaiméirí i bhfíor-ama i gcás bristeach uisce nó fadhb le cáilíocht an uisce agus cuirfidh sé uasdhátaithe reachtúla ar fáil le linn an bpróisis.*

Cothóimid oscailteacht agus soiléireacht i leith na seirbhísí seo lena n-áirítear faisnéis chuimsitheach a chur ar fáil do chustaiméirí ionas go gcoífidimid le riachtanais, inter alia, na Treorach maidir le hUisce Óil agus na Treorach molta athmhúnlaithne maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, nuair a bheidh sé curtha i bhfeidhm. Díreoidimid ar réimsí amhail oibreacha pleanáilte, cothabháil, uasghráduithe agus tionscadail bhonneagair, a chabhróidh lenár gcustaiméirí a bheith ag súil le haon rud a chuirfidh isteach ar a gcuid seirbhísí uisce agus a ligfidh dóibh pleanáil dá réir chun aon trioblóid a mhaolú. Má tharlaíonn teagmhais neamhphleanáilte, amhail bristeacha sa soláthar uisce nó imní faoi cháilíocht an uisce, coinneoidimid custaiméirí ar an eolas faoin gcás, faoin tionchar agus faoin méid atá á dhéanamh againn chun na teagmhais sin a réiteach.

Forbróimid córais lán-chomhtháite a chuirfidh ar ár gcumas feidhmiú ar bhealach níos cliste agus níos tapúla, trí idirphlé a dhéanamh le custaiméirí ar bhealach nua-aimseartha idirghníomhach saoraídeach atá dírithe ar an gcustaiméir. Ba cheart go gcuirfeadh sé seo ar chumas custaiméirí dul i mbun teagmhála linn tríd an iliomad bealaí ar bhealach comhtháite e.g. fón, suíomh Gréasáin, ríomhphost, cainéil shóisialta, cumais féinseirbhíse.

Déanfaimid ár n-ardán digiteach féinseirbhíse a fhorbairt tuilleadh a thabharfaidh eispéireas réidh do chustaiméirí thar phríomh-idirghníomhú linn, mar shampla naisc nua agus é sin a bhaineann le bristeacha uisce. Ba chóir go gcumhachtódh

sé seo custaiméirí le faisnéis nuair a bhíonn sí de dhíth orthu. Trí chumarsáid thrédhearcach agus réamhghníomhach a sholáthar leanfaimid d'iontaobh agus muinín an phobail as ár seirbhísí a fhorbairt agus de shástacht na gcustaiméirí a fheabhsú.

### **Tacú le custaiméirí a bpáirt a ghlacadh** ***Gníomhaíocht 2.3: Tacú lenár gcustaiméirí a bpáirt a ghlacadh chun uisce a chosaint mar acmhainn luachmhar agus seirbhísí uisce níos fearr a chumasú***

Tá sé mar aidhm againn feasacht an phobail a ardú ar luach na n-acmhainní uisce agus ar na tairbhí a thugann siad don chomhshaol, do phobail agus don gheilleagar. Thacófaí leis seo trí chur chuige comhtháite ilchainéil a fhorbairt a chlúdódh príomhbhealaí, lena n-áirítear teilifís, raidió, cainéil dhigiteacha agus cainéil lasmuigh, in éineacht le rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus for-rochtain na meán.

Is féidir le custaiméirí an-tionchar a imirt trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun a n-úsáid uisce a laghdú agus chun sócmhainní fuíolluisce agus uiscí glactha a chosaint trí dheireadh a chur le doirteadh agus sruthlú agus gan aon leachtanna, ceimiceáin nó rudaí eile a chur i ndoirt, leithris, agus séaraigh a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don chomhshaol.

Trí chustaiméirí a chumasú le fhaisnéis i bhfíor-am agus le roghanna féinfhrestail, cuirfimid ar chumas ár gcustaiméirí a bheith ar an eolas

ar bhealach níos fearr agus a bheith in ann cinntí níos eolasaí a dhéanamh. Cuirfimid an teicneolaíocht ar fáil chun cabhrú le custaiméirí seo a dhéanamh. Feabhsóidh sé seo tuiscint na gcustaiméirí ar a bpatrúin úsáide uisce le cur ar a gcumas bearta réamhghníomhacha a ghlacadh chun a n-ídiú a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí.

Tá tuilleadh faisnéise a bhaineann le caomhnú uisce san áireamh faoi Ghníomh 1.7. Maidir le fuíolluisce, tá sé mar aidhm againn tuiscint níos leithne ar an bpróiseas fuíolluisce a leabú lenár gcustaiméirí agus lenár bpobail, lena n-áirítear an gá atá le réitigh nua agus inbhuanaithe ar bhainistiú fuíolluisce. Tá sé tábhachtach tacaíocht agus tuiscint a fháil ón bpobal don mbonneagar sin a tharraingíonn diúltacht tosaigh nó agóidí pleanála go minic. Léiríonn taighde go bhfuil gá fós le meabhrú do chustaiméirí faoi thionchar an droch-iompair fuíolluisce, agus trian de na custaiméirí ag admháil go gcuireann siad níos mó páipéar, cac agus mún [trí P an Bhéarla; Paper, Poo agus Pee] isteach sa chóras. Mar sin, tá sé mar aidhm againn tuiscint a mhéadú ar phróiseas fuíolluisce ó cheann ceann agus ar ról na dteaghlach maidir le húsáid mhíchuí a laghdú (rud a chruthóidh truailliú agus bacainní chomh maith le costais oibriúcháin mhéadaithe).

## 5.3 AIDHM STRAITÉISEACH 5: Teagmháil le pobail

Rachaimid i dteagmháil le pobail ag leibhéal áitiúil chun luach ár n-acmhainní uisce comhroinnte a bhaint amach.

### Luach an uisce

**Gníomhaíocht 2.4: Clár oideachais agus rannpháirtíochta an phobail a fhorbairt chun feasacht a ardú ar luach an uisce agus ar na seirbhísí uisce a chuirimid ar fáil.**

Is sinne caomhnóirí seirbhísí uisce na hÉireann, agus táimid tiomanta do sholáthar uisce slán sábháilte a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus tiomanta don timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú trí chóireáil a dhéanamh ar fhuíolluisce ar na hardchaighdeáin is gá. Chun a áirithiú go bhfuil tuiscint agus feasacht níos fearr ag custaiméirí ar luach an uisce agus na próisis atá i gceist le fuíolluisce cóireáilte a scaoileadh go sábháilte ar ais isteach sa timpeallacht, táimid tiomanta do thógáil ar ár rannpháirtíocht phobail agus ar ár ngníomhaíochtaí agus clár oideachais.

Tá Uisce Éireann tiomanta do thacú le hoideachas agus rannpháirtíocht daltaí bunscoile agus meánscoile i gcaomhnú agus éifeachtacht uisce ar fud na hÉireann agus rinne sé urraíocht ar Théama Uisce i gClár na Scoileanna Glasa. Cuirfimid le rath na hurraíochta seo agus leathnóimid an clár oideachais agus rannpháirtíochta pobail chun go mbeidh deis ag grúpaí agus eagraíochtaí pobail, an pobal i gcoitinne, scoileanna, ollscoileanna agus



### Cás-staidéar - Scoileanna Glasa



#### Is Urraitheoir Bródúil fadtéarmach muid ar Théama Uisce Green-Schools ó An Taisce.

*Tá Green-Schools mar an chlár is mó in Éireann a bhaineann le bainistíocht timpeallachta agus is sampla iontach é ar obair a múineann daoine eile faoin timpeallacht agus na bealaí aire a thabhairt d'ár n-acmhainní uisce. Táimid tar éis teagmháil a dhéanamh le hos cionn 630,000 scoláirí trí cheardlanna a chuir ar siúl, ócáidí agus turais d'ár saoráidí cóireáil uisce. Mar gheall ar na hiarrachtaí seo tá os cionn 2.6 billiún lítear d'uisce sábháilte. Tá sé seo mar an gcéanna le 1,040 linn snámha de thomhas Oilmpeach a líonadh.*

*Cuireann scoláirí suirbhéanna uisce i gcrích chun bealaí a aimsiú chun úsáid uisce a laghdú, agus tagann scoileanna ar bhord agus déanann siad gléasanna a shuiteáil cosúil le bun uisce chun uisce báistí a bhailiú le húsáid lasmuigh. Ciallaíonn sé seo go n-úsáidtear méid níos lú uisce ó sconnaí le haghaidh gníomhaíochtaí amhail spraeáil uisce sa ghairdín. Ní hamháin go spáráiltear uisce mar thoradh ar chlár na Scoileanna Glasa, ach foghlaimíonn páistí faoi luach an uisce freisin.*

gnólachtaí a bheith rannpháirteach ann freisin. Cuirfidh sé seo le tuiscint na ndaoine ar luach an uisce féin agus ar luach na seirbhísí uisce agus foghlaimíodh siad conas is féidir le gach aon duine a chion féin a dhéanamh maidir le cosaint ár soláthairtí uisce agus na timpeallachta.

Tá freagracht orainn as roinnt mhaith tionscadail bonneagair seirbhísí uisce a fhorbairt agus caitear níos mó ná €1 bhiliún ar an infheistíocht seo gach bliain. Caitear an méid sin airgid ar fud na tíre chun féachaint chuige go seasfaidh bainistíocht éifeachtach sócmhainní uisce agus fuíolluisce an aimsir, rud a thacaíonn leis an timpeallacht, le pobail agus leis an ngeilleagar. Forbróimid ár gclár rannpháirtíochta pobail le haghaidh ár dtionscadal ag céim an mheasúnaithe, na réamhphleanála, na planála, na tógála agus an chríochnaithe de na tionscadail sin.

Is éard a bheidh i gceist leis an rannpháirtíocht sin ná teagmháil a dhéanamh le pobail agus caidrimh leo a fhorbairt ar bhealaí éagsúla amhail ceardlanna, imeachtaí i halla an bhaile agus imeachtaí eolais. Tacóidh an méid sin le tionscnaimh uiscebhunaithe sa phobal, trí chaidrimh agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt le grúpaí pobail amhail grúpaí gníomhaíochta lucht scoir, coistí na mbailte slachtmhara, na gasóga agus na banóglaigh. Chomh maith leis sin, déanfar rannpháirtíocht trí thionscnaimh timpeallachta pobail agus trí mhodhanna traidisiúnta chun pobail a choimeád ar an eolas amhail fógraíocht agus na meáin.





## Cás-staidéar - Luach Taitneamhachta Bogaigh Dhún Aill

**Is sampla é Bogach Tógtha Comhtháite Dhún Aill, atá suite i gCo. Phort Láirge, de bhainistiú inbhuanaithe uisce a théann chun sochair an phobail agus an chomhshaol araon.**

Tá ról tábhachtach ag na bogaigh i gcóireáil an fhuíolluisce ar fad ó shráidbhaile Dhún Aill. Tógadh an bun-bogach in 2000 ag Comhairle Chontae Phort Láirge, áit ina raibh dhá linn cóireála ar an suíomh. Rinneadh an bogach a leathnú amach in 2012, ag cur le líon na linn cóireála d'fhuíolluisce go cúig, a thug cumas don bhogach tuilleadh fuíolluisce a chóireáil a bhí táirgthe ag daonra ag fás. Ó sin tá tuilleadh oibre curtha i gcrích ag an suíomh chun spás a chruthú gur féidir leis an bpobal sult a bhaint as. San áireamh anseo tá tírdhréachú, feabhais in rochtain an suíomh, le cosáin agus sconsa san áireamh. D'fhorbraíomar gnéithe nua oideachasúla freisin amhail comharthaíocht eolais; agus d'oibríomar le muintir na háite chun bosca féachana déanta as gloine a shuiteáil ar bhruach Shruth Bhun Abha. Cuireann sé seo deis iontach ar fáil chun breathnú ar phlandaí uisce, maicrinveirteabraigh agus éisc.

D'úsáidfimis freisin na bealaí cumarsáide atá againn faoi láthair chun dul i dteagmháil le déimeagrafach níos leithne ar ár gcainéil meán sóisialta agus trí phróifíl a thógáil thar gach ardán meán sóisialta.

### Luach taitneamhachta a fhorbairt **Gníomhaíocht 2.5: Leanúint de luach taitneamhachta inár sócmhainní a fhorbairt le pobail áitiúla, nuair atá sé sábháilte agus cuí.**

Tá níos mó ná 6,000 láithreán ar fud na tíre faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú againn mar chuid dár sócmhainní le haghaidh uisce a chóireáil agus a dháileadh, agus le haghaidh fuíolluisce a bhailiú agus a chóireáil. Toisc gur láithreáin oibríochtúla iad seo a bhfuil guaiseacha sábháilteachta ag baint leo, tríd is tríd ní mór dúinn na láithreáin a choinneáil slán gan aon rochtain phoiblí orthu. Mar sin féin, d'fhéadfadh cuid dár gcineálacha sócmhainní a bheith oiriúnach chun úsáid taitneamhachta áitiúil a sholáthar, amhail cosáin siúil agus slatiascaireacht. Tá os cionn 50 taiscumar gaibhnithe againn agus líon beag bogach tógtha go náisiúnta, agus cuireann cuid díobh siúd luach taitneamhachta áitiúil ar fáil cheana féin.

Cé nach mbreathnófaí orainn mar mhóreagraíocht phoiblí bainistíochta talún i gcomhthéacs Straitéis Náisiúnta um Chaitheamh Aimsire Allamuigh 2023-2027 an Rialtais, táimid ag tacú leis an straitéis agus féachfaimid le páirt a ghlacadh nuair is féidir linn ar an leibhéal áitiúil. D'fhéadfadh tairbhí iomadúla a bheith ag pobail áitiúla trí rochtain a thabhairt ar spásanna glasa agus gorma ar ardchaighdeán, lena n-áirítear meabhairshláinte

agus sláinte fhisiciúil agus folláine, agus cáilíocht na beatha. Is féidir leis cabhrú freisin le feasacht ar an gcomhshaol a ardú chomh maith leis an riachtanas go bhfeicimid go léir an luach a bhaineann leis an dúlra.

Agus ár bpunann talún á bainistiú againn, lorgóimid deiseanna chun iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir linn comhoibriú le páirtithe leasmhara áitiúla chun luach taitneamhachta a fhorbairt i sócmhainní oiriúnacha Uisce Éireann nuair is féidir é seo a dhéanamh go sábháilte agus gan cur isteach ar ár bpríomhfheidhm maidir le seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar ardchaighdeán a sheachadadh.



## 5.4 AIDHM STRAITÉISEACH 6: Fás a sholáthar

**Déanfaimid bainistíocht ar infhaighteacht acmhainne chun tacú le tithíocht agus leis an ngeilleagar de réir an bheartais náisiúnta.**

### Tacú le beartas pleanála

***Gníomhaíocht 2.6: Dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara agus comhoibriú leo chun tacú le beartas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.***

Leagtar béim sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP), atá á athbhreithniú faoi láthair, go bhfuil acmhainní uisce inbhuanaithe “mar bhonn agus mar thaca ag ár bhfolláine chomhshaoil agus eacnamaíoch amach anseo”. Tacóimid leis an CNP agus lena fho-phleananna. Déanfaimid infheistíocht i mbonneagar a éascaíonn fás sóisialta agus geilleagrach dea-phleanáilte atá bunaithe ar phrionsabail na hinbhuanaitheachta comhshaoil agus slite na maireachtála feabhsaithe. Tá sé seo ag teacht lenár dtiomantas chun acmhainní uisce a chosaint ar mhaithe lenár bpobail.

Geallaimid bonneagar a dhearadh ar bhealach fadbhreathnaitheach a chinntíonn nach amháin go bhfreastalaíonn sé ar na riachtanais reatha ach go bhfuil acmhainn bhreise ann chun tacú le fás amach anseo. Tá an prionsabal sin leabaithe inár bPlean Náisiúnta Acmhainní Uisce (PNAU) agus beidh sé bunúsach dár gcur chuige maidir le pleananna fuíolluisce agus draenála a fhorbairt.

Mar chomhairlí reachtúil, beimid i dteagmháil go gníomhach le húdaráis phleanála náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, ag aithint a thábhachtaí atá sé ár n-infheistíochtaí a ailíniú le beartas pleanála. Comhoibreoimid freisin le soláthraithe eile bonneagair phoiblí chun dearcadh náisiúnta comhroinnte ar réamh-mheastacháin fáis a fhorbairt.

Beimid ag tacú le tosaíocht a thabhairt do limistéir fáis a bhfuil bonneagar agus acmhainní comhshaoil ar fáil iontu. Déanaimid iarracht tionchar a imirt ar bheartais phleanála d’fhonn a chinntiú go mbíonn na limistéir fáis atá pleanáilte suite in áiteanna straitéiseacha, go gcuirtear acmhainn na seirbhísí uisce chun freastal ar éilimh san áireamh, go leagtar béim ar an ngá le hastarraingt uisce a bheith inbhuanaithe agus ar an ngá le tionchar an doirte ar an timpeallacht a laghdú.

### **Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara tithíochta agus tionscail**

***Gníomhaíocht 2.7: Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara tithíochta agus tionscail chun tacú le soláthar tithíochta nua agus le fás eacnamaíoch.***

Bíimid i mbun teagmhála leanúnaí le páirtithe leasmhara tithíochta agus tionscail chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce a chur ar fáil le go dtacófaí le fás an ngeilleagair agus le go gcuirfeadh tithíocht ar fáil. Táimid tiomanta go hiomlán ár gcuid a dhéanamh chun tacú le fás soch-eacnamaíoch trí sheachadadh príomhbhonneagar agus naisc uisce a fhorbairt, agus tús áite a thabhairt dóibh.

Leanaimid cur chuige don fhás atá bunaithe ar phleananna, agus bíimid i dteagmháil le húdaráis pleanála agus pleananna reachtúla á bhforbairt acu, ar nós Straitéisí Eacnamaíoch Spásúla Réigiúnacha, Pleananna Forbartha Contae agus Pleananna Ceantair Áitiúil. Ligeann ár rannpháirtíocht sna próisis phleanála reachtacha trí chomhairliúchán ar phleananna contae, réigiúnacha agus straitéiseach dúinn cinntí a dhéanamh maidir leis na réimsí is mó tábhachta ó thaobh infheistíochta de sa mheántearma/fadtéarma le go dtacófaí le tógáil tithíochta nua agus le fás an ngeilleagair. Leanaimid orainn lenár dteagmháil chomhoibríoch le páirtithe leasmhara tithíochta agus tionscail féachaint lena riachtanais a aithint agus tacaíocht a thabhairt faoi réir ag indéantacht eacnamaíoch agus theicniúil agus forálacha an Pholasaí Muirearaithe Ceangail. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas treochtaí a thuiscint, chomh maith le héilimh tithíochta agus tionscail, agus réimsí fáis a aithint.

Tacóimid le seachadadh tithíochta agus fás soch-eacnamaíoch tríd na próisis ghnó atá againn ó chéim pleanála na forbartha go dtí céim seachadta an cheangail. Oibrímid go dlúth le forbróirí agus le páirtithe leasmhara eile chun próisis a chuíchóiriú, treoir theicniúil a sholáthar, agus naisc éifeachtacha seirbhísí uisce agus fuíolluisce a éascú le haghaidh forbairtí. Féachaimid le teagmháil luath a dhéanamh le páirtithe leasmhara tithíochta agus tionscail le go mbeimid in ann uasghráduithe sócmhainne féideartha a phleanáil sa chás go dteastaíonn siad chun tacú le forbairt.



## Cás-staidéar - Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

# Draenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Ag tacú le fás inbhuanaithe



### An Riachtanas

#### DAONRA ATÁ AG FÁS:

Tá sé réamh-mheasta go méadófar daonra Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi thimpeall **20%** faoi 2050



Mar gheall ar stoirmeacha níos minice agus níos déine de bharr an **athraithe aeráide**, méadófar méid an uisce a dhraenáilann isteach inár líonra fuíolluisce

#### FÁS EACNAMAÍOCH:

Tá geilleagar Bhaile Átha Cliath fós ag méadú, agus tugtar le fios le réamh-mheastacháin go mbeidh treocht in airde leanúnach ann go dtí 2050

Riachtanais nua na **Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbhí athmhúnlaithe**, amhail cóireáil fheabhsaithe inár n-ionaid cóireála níos mó.



### An réiteach

**Ionad cóireála fuíolluisce réigiúnach nua agus Mol-Ionad Sloda réigiúnach**, lena dtugtar aghaidh ar fhadhbanna maidir le hacmhainn laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath



**Cuar-shéarach nua** ag bailiú fuíolluisce ó shéaraigh réigiúnacha i gcodanna d'Fhine Gall, de Bhaile Átha Cliath, de Chill Dara agus den Mhí

**Cóireáil inbhuanaithe sloda fuíolluisce** chun bithsholad a tháirgeadh is féidir a úsáid mar leasachán



**Piobán fada sceite chun na bhfarraige** chun fuíolluisce cóireáilte a iompar go Muir Éireann, ag cur uisce ar ais go sábháilte sa timpeallacht

### Na tairbhí

**An brú laistigh den líonra fuíolluisce atá ann faoi láthair a laghdú** i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus acmhainn forbartha an réigiúin ar fad á méadú go dtí 2050 agus ina dhiaidh.

**Tithíocht agus forbairt a chumasú**

i bpríomhlíonraí, lena n-áirítear Baile Átha Cliath thuaidh agus Fine Gall



**SLÁINTE AN PHOBAIL A CHOSAINN AGUS ÁR DTIMPEALLACHT A CHOSAINN:**

Tá sé réamh-mheasta go méadófar méid an fhuíolluisce faoi **+50%** sna 30 bliain atá le teacht



**Cóireáil fuíolluisce réigiúnach** regional do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath atá athléimneach ó thaobh an athraithe aeráide de suas go 2050

Ár riachtanais rialála maidir le cáilíocht uisce a chomhlíonadh

*Is infheistíocht straitéiseach é an tionscadal Draenáil Mhórlíonra Bhaile Átha Cliath (DMBÁC) i mbonneagar fuíolluisce an réigiúin. Soláthróidh an tionscadal seo saoráid cóireála fuíolluisce agus an bonneagar gaolmhar chun freastal a dhéanamh ar riachtanais Bhaile Átha Cliath thuaidh, agus codanna de Chill Dara agus den Mhí.*

*Cabhróidh an tionscadal seo an timpeallacht agus sláinte an phobail a chosaint trí chinntiú go ndéanfar fuíolluisce an réigiúin a chóireáil ag na caighdeáin arda a theastaíonn sula ndéanfar é a dhoirteadh isteach i Muir Éireann Tacóidh an tionscadal le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an réigiúin chomh maith trí acmhainn fuíolluisce dóthanach a chur ar fáil don daonra atá anois ann, agus a bheidh ann sa todhchaí. Nuair a bheidh sé i bhfeidhm, beidh an cumas ag an GDD cóireáil fuíolluisce a sholáthar don choibhéis de leathmhilliún duine a bheidh ina gcónaí agus ag obair sa líonra sin.*

*Bainfear úsáid as ardeicneolaíochtaí san ionad cóireála chun an fuíolluisce a chóireáil agus chun ábhar ilchothaitheach a dtugtar bithsholaid orthu a dhéanamh as an dramhaíl sholadach, agus ar féidir é a úsáid mar leasachán san earnáil talmhaíochta. Ginfear bith-ghás sa phróiseas cóireála chomh maith, agus úsáidfeadh é sin mar fhoinsé fuinnimh inathnuaite ar an suíomh féin.*

Táimid tiomanta do na héilimh tithíochta agus tionscail a shásamh go leanúnach trí na ceangail don bhonneagar seirbhísí uisce atá riachtanach a chur ar fáil.

### **Cumas anailíse éilimh a fhorbairt**

***Gníomhaíocht 2.8: Cumas anailíse éilimh a fhorbairt agus a leabú chun bonn eolais a chur faoi riachtanais infheistíochta amach anseo, iad a thuar agus pleanáil a dhéanamh ina leith.***


Tá sé tábhachtach cumas anailíse éilimh a fhorbairt agus a leabú chun éileamh stairiúil agus reatha a thuiscint, agus chun eolas a dhéanamh don éileamh dóchúil amach anseo. Déanfaimid staidéar pólótach ar anailísí éileamh ar dtús agus ina dhiaidh sin déanfaimid ár n-acmhainn a fhorbairt agus a leabú, lena áirithiú gur féidir linn monatóireacht chuí a dhéanamh ar athruithe sna treochtaí éilimh agus gníomhú dá réir. Cuirfidh tuiscint ar an éileamh reatha bonn eolais faoinár ngníomhaíochtaí caomhnaithe uisce faoi Ghníomh 1.7. Beidh sé mar chuid lárnach dár bpleanáil infheistíochta straitéisí an t-éileamh sa todhchaí a thuar, lena n-áireofar raon de chásanna amach anseo a shamhaltú.

Is príomhionchur iad na tuartha daonra chun éilimh uisce agus sreafaí fuíolluisce amach anseo a mheas. Tá gá le tuiscint ar athrú daonra náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus ar dhéimeagrafaic chun pleanáil a dhéanamh d'fhorbairt bonneagair thar go leor earnálacha. Seachas seirbhísí uisce, áirítear leis sin pleanáil uirbeach, seirbhísí iompair agus soláthar

fuinnimh. Chun ailíniú trasna earnálacha a áirithiú, féachfaimid le comhoibriú le páirtithe leasmhara forbartha bonneagair eile chun múnlaí tuartha a chruthú chun an áit agus an uair a bhfuil gá le hinfheistíocht a aithint.

Tá sé tábhachtach freisin tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-úsáideann custaiméirí uisce chun treochtaí úsáide agus éileamh uisce amach anseo a thuar. Leanfaimid de shonraí maidir le húsáid ag custaiméirí a fheabhsú, agus maidir le comhpháirteanna éilimh eile amhail cailteanais chórais agus úsáidí oibríochtúla. Cuirfimid le muinín inár gcuid sonraí trí ghlacadh le deachleachtas agus le cuir chuige chaighdeánaithe.

Agus sonraí láidre mar bhonn is mar thaca ag anailís agus tuartha éilimh, cinnteoidimid go mbeidh ár n-infheistíocht tráthúil. Tabharfaidh sé deis dúinn freisin machnamh a dhéanamh ar dheardh modúlach agus ar fhorbairt chéimnithe, nuair is indéanta. Beidh ár bpleananna infheistíochta dírithe ar bhonneagar fadtéarmach a thoisíú chun coinneáil suas leis an bhfás.

A group of approximately 12 people, including men and women, are gathered on a grassy bank next to a pond. They are wearing white hard hats and high-visibility yellow safety vests. Some are pointing towards the water or the reeds. The background is a dense wall of green trees. The water in the foreground is calm, reflecting the greenery. A small metal structure with a sensor is visible on the bank near the water.

Cuirimid seirbhís iontaofa uisce agus fuíolluisce ar fáil a chosnaíonn an comhshaol, agus **tacaímid le comhshaol sláintiúil trí ghnáthóga agus éiceachórais a fheabhsú.**

## 6 | Cuspóir Straitéiseach 3: Ár dtimpeallacht a chosaint agus a athchóiriú



CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3

**Ár dtimpeallacht a chosaint agus a chur ar ais mar a bhí**

**Cuirimid seirbhís iontaofa uisce agus fuíolluisce ar fáil a chosnaíonn an comhshaol, agus tacaímid le comhshaol sláintiúil trí ghnáthóga agus éiceachórais a fheabhsú.**

### 6.1 Réamheolas

Tá sé ríthábhachtach an comhshaol a chosaint agus a athchóiriú chun seirbhísí uisce sábháilte a sholáthar agus chun sláinte an phobail agus bithéagsúlacht a chosaint. Tá córas éifeachtach bainistithe fuíolluisce riachtanach freisin chun an comhshaol agus sláinte an phobail a chosaint. Is é ár bhfreagracht a áirithiú, agus uisce á astarraingt againn as dobharlaigh, go bhfágaimid go leor uisce chun freastal ar riachtanais na timpeallachta nádúrtha agus úsáideoirí eile uisce. Ní mór dúinn a áirithiú freisin agus fuíolluisce cóireáilte á thabhairt ar ais don chomhshaol uisce go ndéanaimid ár bpáirt maidir le cuspóirí na Creat-Treorach Uisce do na dobharlaigh sin a bhaint amach.

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir leis an gcomhshaol a chosaint agus a athchóiriú trí fheabhas a chur ar an mbonneagar atá ann cheana féin agus trí bhonneagar nua a fhorbairt. Tá soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce nach ndéanann damáiste don chomhshaol, ach a fheabhsaíonn é, ríthábhachtach chun folláine na nglúnta reatha agus na nglúnta atá le teacht a chosaint. Tá go leor bealaí ann chun an sprioc seo a bhaint amach, amhail infheistíocht a dhéanamh i gcóireáil fuíolluisce ardleibhéil, nó trí oibriú le daoine eile i dtionscnaimh bhainistíochta dhobharcheantair chomhtháite. Is féidir leis an gcur chuige comhoibríoch seo an gá le cóireáil uisce a laghdú agus ag an am céanna tacú le bithéagsúlacht, gníomhaíochtaí áineasa agus turasóireacht.

Bhíomar réamhghníomhach ina leith seo, ag forbairt straitéisí éagsúla le cuspóirí sonracha. Mar shampla, féachann an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta (2021) ar conas is féidir an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú agus a fheabhsú agus conas oibriú leis. Áirithítear leis go gcuirtear luach ar an mbithéagsúlacht agus gur gné dhílis í i bpróisis chinnteoireachta ar fud an ghnó.

Sa tréimhse go **2050**, de réir féidearthacht eacnamaíochta agus teicniúil, tá sé mar aidhm againn:



- Déan cinnte go gcomhlíonfaidh ár seirbhísí uisce agus fuíolluisce ár n-oibleagáidí faoin gCreat-Treoir Uisce.
- Ár gcuid a dhéanamh chun tacú le cuspóir náisiúnta na hÉireann cuspóirí comhshaoil an Chreat-Treoir Uisce a bhaint amach.
- Ár sócmhainní agus gníomhaíochtaí a bhainistiú le go mbeidh gnóthachan glan ann maidir leis an mbithéagsúlacht.

## 6.2 AIDHM STRAITÉISEACH 7: Ár gcomhshaol uisce a chosaint

Déanfaimid ár bpáirt chun ár gcomhshaol uisce a chosaint agus a athchóiriú.

### Creat Straitéise Fuíolluisce

*Gníomhaíocht 3.1: Oibriú le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara chun Creat Straitéise Fuíolluisce a fhorbairt.*

Tá Creat Straitéise Náisiúnta Fuíolluisce á fhorbairt againn faoina ngabhfaimid na gnéithe ilghnéitheacha a bhaineann lenár sócmhainní fuíolluisce a bhainistiú. Áirítear leis sin ionaid chóireála fuíolluisce, líonraí bailiúcháin agus stáisiúin chaidéalaithe, forsceitheadh agus bonneagar eile a bhaineann le fuíolluisce cóireáilte a bhailiú, a chóireáil agus a thabhairt ar ais don chomhshaol. Soláthróidh an creat tuiscint ar riachtanais agus ar thiománaithe straitéiseacha, rud a ligeann dúinn léargas soiléir a fháil ar riachtanais daonra reatha agus amach anseo, ar thosaíochtaí comhshaoil, ar rioscaí sócmhainní agus ar athléimneacht seirbhíse. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh forbhreathnú ar riachtanais infheistíochta sócmhainní fuíolluisce ag fónas uisce chun gur féidir pleanáil go hinbhuanaithe don fhadtéarma. Tá sé tábhachtach freisin go bhfuil tuiscint ann ar impleachtaí níos fadtéarmaí infheistíochtaí, maidir le gealltanais airgeadais agus acmhainní. Príomhdhúshlán a bheidh ann ná aghaidh a thabhairt ar riachtanais na líonraí fuíolluisce agus beidh na Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach (a gcuirtear síos orthu i nGníomh 3.2) ina ngné den chreat.

Beidh an creat mar bhonn agus mar thaca ag pleananna agus soláthróidh sé straitéisí a bhfuil sé mar aidhm acu na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- teagmháil leanúnach, dhearfach agus chomhoibríoch le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara maidir le cuir chuige chun dlús a chur le baint amach cuspóirí comhshaoil; riachtanais sa toadhcháí (comhshaol agus fás) a réamh-mheas le soláthar atá tráthúil agus céimnithe go cuí;
- measúnú agus bainistíocht riosca iomchuí chun an strus ar shócmhainní a laghdú agus chun athléimneacht agus leibhéil mhaithe seirbhíse a áirithiú;
- riachtanais na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh athmhúnlaithithe a chomhlíonadh, amhail cóireáil fheabhsaithe treasach agus ceathartha inár monarchana móra agus ár bPleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach;
- ár bpáirt a ghlacadh maidir le cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a sheachadadh trínár nÚdaruithe Doirte Fuíolluisce a chomhlíonadh;
- pleanáil oiriúnaitheach a cheadaíonn tástáil cásanna, ag breithniú saolré iomlán na sócmhainne agus a chinntíonn gur féidir freastal ar riachtanais na toadhcháí go héifeachtúil, go héifeachtach agus go hinbhuanaithe trí ghníomhaíochtaí caipitil nó oibriúcháin.

Leagfar amach sa chreat (doiciméid agus próisis) cuir chuige agus modheolaíochtaí chun pleananna bainistíochta draenála agus fuíolluisce a fhorbairt ar scálaí spásúla cuí, amhail



réigiún, ceirtleán, cathair, baile, hidreolaíoch nó dobharcheantar limistéir draenála. Beidh aird ag pleananna ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus ar luach lánsaoil, lena ndéanfar luach ár sócmhainní fuíolluisce a uasmhéadú, oiriúnú agus maolú aeráide a ionchorprú, athléimneacht seirbhíse, feabhsú bithéagsúlachta agus tairbhí sochaíocha níos leithne.

Beidh rialú foinsé fuíolluisce mar chuid lárnach den chreat straitéise fuíolluisce. Beidh sé mar aidhm aige sin rialachán maith den eisilteach trádála a théann isteach sa séarach, agus go ndéanfar micrea-thruailleáin thionsclaíocha a chóireáil go cuí ag an bhfoinsé, seachas ag deireadh an phíobáin in ionad cóireála fuíolluisce Uisce Éireann.

Beidh sé mar aidhm aige chomh maith an chothromaíocht is fearr idir tionscal a chuireann a chóireáil fuíolluisce féin ar fáil, agus cóireáil in ionaid chóireála uisce de chuid Uisce Éireann.

## Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach

### Gníomhaíocht 3.2: Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Is comhfhreagracht é draenáil ár gcathracha agus ár mbailte agus tá Uisce Éireann freagrach as an líonra fuíolluisce poiblí (lena n-áirítear séaraigh le chéile) agus tá na húdaráis áitiúla freagrach as an líonra poiblí uisce stoirme agus as bainistiú iomlán riosca tuilte. Is féidir idirghníomhaíochtaí a bheith ann idir na líonraí agus na dohtarlaigh sin, go háirithe sna ceirtleáin níos mó, agus castacht i gceist maidir le tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn an córas atá ann faoi láthair go hiodrálach agus maidir le pleanáil chun freastal ar riachtanais feidhmíochta amach anseo.

Táthar ag súil go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach leis an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh nua athmhúnlaithe (UWWTD) in 2024 agus tabharfaidh sé isteach ceanglas maidir le Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeacha a ullmhú do na cathracha níos mó ar dtús agus ina dhiaidh sin do cheirtleáin níos lú bunaithe ar riosca. Feicimid gur deis an-dearfach é seo le haghaidh comhoibrithe idir Uisce Éireann agus na húdaráis áitiúla, agus na comh-aidhmeanna seo a leanas i gceist:

- an t-ualach truaillithe ó Fhorsceitheadh Uisce Stoirme (ón líonra séarachais le chéile) agus ó Rith Chun Srutha Uirbeach (ón líonra séarachais stoirme) a laghdú;
- acmhainn fáis a fhorbairt; agus
- ar deireadh thiar ár gcathracha agus ár mbailte a dhéanamh athléimneach maidir leis an aeráid ó thaobh na draenála de.

Tá sé beartaithe againn comhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt i gcomhar le húdaráis áitiúla sna blianta atá le teacht, ag díriú ar na cathracha ar dtús, ionas gur féidir linn na spriocdhátaí san athmhúnlú UWWTD a chomhlíonadh maidir le Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach a bheith i bhfeidhm. Beidh orainn cuir chuige nua agus cumais nua a fhorbairt chuige seo ionas gur féidir tairbhí comhshaoil agus athléimneacht aeráide a sheachadadh gan costais iomarcacha a bheith i gceist, lena n-áirítear:

- bearta coisctheacha (deighilt foinse agus draenáil uirbeach inbhuanaithe atá nádúrbhunaithe);
- bearta chun an bonneagar atá ann cheana a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus é a bharrfheabhsú;
- maolú breise lena n-áirítear oiriúnú ar bhonneagar reatha nó bonneagar nua a chruthú “le tosaíocht do bhonneagar glas chun tacú le bithéagsúlacht”;
- úsáid na nuálaíochta agus rialú cliste líonra.



***lompraíonn ár séaraigh le chéile rith chun srutha uisce dromchla agus fuíolluisce. Nuair a bhíonn báisteach throm ann, is féidir le hinsreafraí uisce dromchla méadaithe chuig ár líonra a bheith ina chúis le forseití uisce dromchla (SWOnna), agus sceitheadh fuíolluisce neamhchóireáilte chuig an timpeallacht mar thoradh air sin.***

*I bhfianaise na ndúshlán atá ag dul i méid mar gheall ar uirbiú agus ar athrú aeráide, táimid ag obair le páirtithe leasmhara na n-údarás áitiúil chun réitigh nuálaíocha a ghlacadh chun rith chun srutha méadaithe uisce dromchla, amhail Córais Inbhuanaithe um Dhraenáil Uirbeach (SuDS), a bhainistiú. Úsáideann na córais sin gnéithe nádúrtha amhail díonta glasa, cosáin thréscailteacha, gairdíní báistí, agus bogaigh thógtha chun uisce báistí a ghearradh, a stóráil agus a scaoileadh go mall, lena laghdaítear rith chun srutha uisce dromchla agus lena n-íoslaghdaítear an riosca go mbeadh SWOnna á sceitheadh sa timpeallacht. Ní hamháin go laghdaíonn sé seo an t-ualach ar ár mbonneagar ach cuireann sé le hathléimneacht uirbeach i leith tuilte agus feabhsaíonn sé cáilíocht an uisce trí thruaileáin a scagadh amach.*



## Soláthair uisce atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de

### *Gníomhaíocht 3.3: Astarraingt inbhuanaithe a chinntiú agus iarmharaigh ó chóireáil uisce a bhainistiú.*

Déanfaimid iarratas ar cheadúnais astarraingthe faoin reachtaíocht nua um astarraingt. Leis na ceadúnais, socrófar ceanglais sreafa insrutha is gá chun tacú le héiceachórais shláintiúla. Déanfaimid ár n-astarraingtí a bhainistiú ionas go mbeidh siad inbhuanaithe agus go gcomhlíonfaidh siad riachtanais cheadúnaithe astarraingthe.

Mar chuid den PNAU, tá measúnú riosca ar astarraingtí reatha curtha i gcrích. De bharr seo, bhíomar in ann astarraingtí atá ann cheana a shainaithint a bhfuil seans ann go mbeidh orainn éirí as iad a úsáid le himeacht aimsire ar mhaithe lena chinntiú go mbeimid in ann soláthar slán a sholáthar dá chustaiméirí amach anseo. Leanfaimid de na measúnuithe riosca a nuashonrú ar aon dul leis an bhfaisnéis nuashonraithe maidir leis na torthaí atá ar fáil agus an tionchar a bheidh ag an athrú aeráide ar ár bhfoinsí. Táimid tiomanta do chlár bailithe sonraí ag ár bpríomhfhoinse le go mbeimid in ann tuiscint níos fearr a fhorbairt ar an hidreolaíocht nádúrtha agus ar an tionchar atá ag ár n-astarraingtí ar an gcomhshaoil. Úsáidfear an t-aschur ón measúnú sin chun tosaíocht a thabhairt d'áiteanna a bhféadfadh foinsí eile a bheith ag teastáil uathu agus úsáidfear é chun foinsí inbhuanaithe nua a chinneadh chun a áirithiú gur féidir linn freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí anois agus amach anseo.

Tá measúnú riosca ar sceitheadh iarmhairtí ó ionaid chóireála uisce tugtha chun críche mar chuid de Straitéis Iarmhairtí Ionad Cóireála Uisce de chuid Uisce Éireann chun bonn eolais a chur faoi mhonatóireacht ar mhaithe le riosca a fhíorú agus bonn eolais a chur faoi idirghabháil. Soláthraíonn an straitéis treoir maidir leis na roghanna is fearr um gheilleagar inbhuanaithe agus ciorclach le haghaidh iarmhairtí ICU agus áirithiú sé go soláthraíonn infheistíocht i mbonneagar nua an costas lánsaoil is fearr, agus ag an am céanna ag áirithiú go gcosnaítear an comhshaoil.

## 6.3 AIDHM STRAITÉISEACH 8: Ar ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce

**Oibreimid le daoine eile chun cuspóirí na Creat-Treorach Uisce (CTU) a sheachadadh de réir a chéile.**

### **Dobharlaigh a chosaint agus a athchóiriú** *Gníomhaíocht 3.4: Dobharlaigh a chosaint agus a athchóiriú trí chomhoibriú.*

Tá dul chun cinn seasmhach déanta againn chun tionchar fuíolluisce uirbeach ar dhobharlaigh a laghdú. Tá laghdú ar líon na ndobharlach ina bhfuil brú suntasach ó fhuíolluisce uirbeach ó 291 i dara timthriall an Phlean Bainistíochta Abhantraí go 197 sa tríú timthriall den Phlean. Táimid tiomanta laghduithe suntasacha eile a dhéanamh thar thréimhse tríú timthriall an Phlean. Mar sin féin, seachas fuíolluisce uirbeach, tá brúnna iomadúla eile ann, mar shampla

talmhaíocht agus foraoiseacht, a mbíonn tionchar acu ar ár ndobharlaigh. Tá sé fós ina dhúshlán mór d'Éirinn na cuspóirí comhshaoil sa Chreat-Treoir Uisce (CTU) a bhaint amach ar deireadh, lena dtugtar aghaidh ar bhrúnna suntasacha agus lena dtugtar ár ndobharlaigh go léir chuig stádas maith ar a laghad nuair is féidir go teicniúil agus go heacnamaíoch.

Chun cuspóirí comhshaoil an CTU d'Éirinn a bhaint amach ar an mbealach is cost-éifeachtaí agus is féidir, táimid den tuairim gurb é comhiarracht an bealach is fearr chun an toradh seo a bhaint amach mar nach bhfuil na cúiseanna agus na réitigh maidir lenár ndobharcheantair uisce a chosaint agus a athchóiriú laistigh den raon feidhme d'aon earnáil amháin. Maidir leis seo, mholfaimis go ndéanfaí sonraí a chomhroinnt go hoscailte ar na brúnna go léir a mbíonn tionchar acu ar dhobharlaigh, mar aon le comhshamhlacha dobharcheantair a fhorbairt (ag tógáil ar uirlisí arna bhforbairt cheana féin ag an GCC) a d'fhéadfadh an meascán beart is cost-éifeachtúla a bhunú chun cuspóirí dobharlaigh a bhaint amach. Bheadh na samhlacha sin in ann an líon beag cásanna a léiriú agus a chosaint ina mbeadh baint amach cuspóirí comhshaoil CTU costasach go díreireach. In Uisce Éireann táimid ag leanúint dár gcumas samhaltaithe dobharcheantair a fhorbairt agus mar sin táimid réidh agus toilteanach comhoibriú le páirtithe leasmhara eile ar chur chuige dá leithéid chun oibleagáidí na hÉireann faoin CTU a chomhlíonadh.



## Cás-staidéar - Córas Réamhaisnéise Chuan Bhaile Átha Cliath



**Ceann de na príomhpháirtithe leasmhara i gcaighdeán na nUiscí Snámha Ainmnithe i gCuan Bhaile Átha Cliath is ea Uisce Éireann agus tá sé ina bhall de Tháscfhórsa Uisce Snámha Chuan Bhaile Átha Cliath in éineacht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Contae Fhine Gall.**

Dúshlán faoi leith a mbíonn ar bhainisteoirí trá na nÚdarás Áitiúil is ea na hUiscí Snámha Ainmnithe a bhainistiú nuair atá titim báistí dhíobhálach tuartha. Bhíomar ar thús cadhnaíochta i bhforbairt Córas Réamhaisnéise idirghníomhaireachta do Chuan Bhaile Átha Cliath mar thoradh ar an imní go raibh caighdeán na n-uiscí snámha ag titim. An cuspóir atá ag an gcóras réamhaisnéisí laethúla uathoibrithe maidir leis an gcaighdeán uisce ag 5 uisce snámha ainmnithe i gCuan Bhaile Átha Cliath a chur ar fáil do Bhainisteoirí Trá na nÚdarás Áitiúil. Tá an córas bunaithe ar shamhail réamhaisnéise aimsire Met Éireann, HARMONIE. Bhí comhoibriú suntasach i gceist le forbairt an chórais réamhaisnéise idir na comhpháirtithe maoinithe (Uisce Éireann, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin) chomh maith le rannpháirtíocht sheachtrach agus roinnt sonraí le Met Éireann agus le foireann tionscadail Acclimatize Choláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath.

Tá an córas i mbun feidhme anois agus déanfar é a bhailíochtú i rith shéasúr snámha 2024 sula mbainfí úsáid as in 2025. Cuirfidh an córas ar deireadh ar chumas na n-údarás áitiúil tuiscint níos fearr a bheith acu ar an tionchar atá ag sceitheadh ó aibhneacha agus ó Uisce Éireann, agus tacóidh sé le cinnteoireacht

## Seirbhísí fuíolluisce a bhainistiú

**Gníomhaíocht 3.5: Seirbhísí fuíolluisce a bhainistiú ar feadh shaolré na sócmhainní chun ceanglais rialála a bhaint amach.**

Tá ár n-oibleagáidí rialála maidir le bailiú agus cóireáil fuíolluisce leagtha síos ag an GCC inár nÚdaruithe Doirte Fuíolluisce do gach ceirtleán. Áirítear leis na dualgais sin comhlíonadh leis an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh atá ina bhunbheart faoin gCreat-Treoir Uisce chomh maith le caighdeáin chóireála níos airde ar féidir a bheith ag teastáil chun cuspóirí comhshaoil na Creat-Treorach Uisce a bhaint amach. Tá comhlíonadh iomlán le ceanglais na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh ina thosaíocht ag Uisce Éireann i gcomhréir le beartas an Rialtais mar atá leagtha amach i Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce 2024 - 2030, lena n-áirítear imeachtaí reatha de bhun sárúithe a thabhairt chun críche.

Bhí dúshlán nach beag roimh Uisce Éireann tráth a bhunaithe in 2013 maidir le comhlíonadh fuíolluisce, agus ní raibh ionaid chóireála fuíolluisce a bhí comhlíontach leis an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh ag freastal ach ar 39% den choibhéis daonra nasctha. Tá dul chun cinn seasta déanta againn maidir le dul i ngleic leis seo agus bunaithe ar réamh-mheastacháin, táimid ag súil go mbeidh ionaid chóireála fuíolluisce comhlíontacha ag freastal ar 97% den choibhéis daonra nasctha faoi dheireadh na bliana 2024. Toisc gur beart bunúsach é UWWTD faoin CTU, thugamar tosaíocht do chomhlíonadh an bhunbhearta seo roimh aon bhearta forlíontacha.

Mar sin féin, nuair a dhéanaimid uasghrádú ar ionad cóireála fuíolluisce chun ceanglais UWWTD a chomhlíonadh, ag an am céanna déanaimid aon oibreacha breise atá riachtanach chun ár nÚdarú Doirte Fuíolluisce a chomhlíonadh go hiomlán, chomh maith le hacmhainn le haghaidh fáis a sholáthar.

In 2024, táthar ag súil go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbhí athmhúnlaithé as a dtiocfaidh oibleagáidí suntasacha nua a bheidh le seachadadh faoi spriocdhátaí éagsúla sna blianta amach romhainn.

Cuirfimid ár ngníomhaíochta faoin bPlean Bainistíochta Abhantraí i bhfeidhm chun



tosaíocht a thabhairt d'oibreacha agus aghaidh a thabhairt ar na brúnna fuíolluisce uirbhí go léir a aithníodh sa Phlean.

Comhoibreoimid le páirtithe leasmhara chun clár monatóireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tuiscint a fháil ar na rioscaí do cháilíocht an uisce ónár sócmhainní maidir le huiscíní snámha agus gnáthóga sliogéisc. Táimid tiomanta chun oibriú le páirtithe leasmhara chun teacht ar réitigh inbhuanaithe a íoslaghdaíonn ár dtionchair.

Cuirfimid cianbhainistiú sócmhainní agus córais thuartha i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as monatóireacht fíor-ama chun cabhrú le hoibríochtaí a bhainistiú agus chun clár cothabhála réamhghníomhach a chinntiú, rud a laghdóidh an tarlú d'fhorseitheadh ónár líonraí agus a fheabhsóidh torthaí comhshaoil.

Táimid tiomanta dár sócmhainní fuíolluisce a bhainistiú chun comhlíonadh rialála iomlán a bhaint amach leis an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbhí athmhúnlaithé agus lenár nÚdaruithe Doirte Fuíolluisce. Mar sin féin, beidh méid substaintiúil infheistíochta caipitil i gceist chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais go léir atá aitheanta, lena n-áirítear oibleagáidí nua, laistigh den bhonn sócmhainní fuíolluisce agus beidh roinnt tréimhsí infheistíochta i gceist chun aghaidh a thabhairt air. Áirítear leis an riachtanas infheistíochta seo comhpháirt an-suntasach, is é sin cothabháil caipitil agus athsholáthar caipitil, go díreach chun an leibhéal feidhmíochta sócmhainní reatha a choinneáil.



### Cás-staidéar - Scéim Bailiúcháin Fuíolluisce Bhaile an Rois



***Ní raibh cóireáil fuíolluisce ar bith ag Baile an Rois sular bunaíodh Uisce Éireann in 2014. Tá €9.7 milliún infheistithe againn ó shin i Scéim Bailithe Fuíolluisce Bhaile an Rois chun feabhas a chur le sláinte comhshaoil na n-uiscíní snámha in aice láimhe.***

*Bhí líonra nua fuíolluisce (séaraigh agus stáisiúin caidéalaithe) chun fuíolluisce a bhailiú agus a aistriú chuig an ionad cóireála i Port Reachrann i gceist leis an tionscadal. Freastalóidh na píobáin agus stáisiúin caidéalúcháin nua ar fhás sa daonra agus laghdóidh sé an brú ar an líonra áitiúil, agus beidh an córas fuíolluisce níos iontaofa mar gheall air seo. Chuir an togra seo deireadh le sceitheadh fuíolluisce neamhchóireáilte isteach san fharraige. Tugadh aitheantas don fheabhas a tháinig ar chaighdeán an uisce tar éis don scéim teacht i bhfeidhm nuair a bronnadh stádas na brataí goirme ar Thrá an Rois Theas in 2022.*

## Seirbhísí fuíolluisce a bhainistiú

### *Gníomhaíocht 3.6: Seirbhísí uisce a bhainistiú ar feadh shaolré na sócmhainní chun ceanglais rialála a chomhlíonadh.*

I mí na Nollag 2022, d'fhoilsigh an Rialtas an tAcht um Chomhshaoil Uisce (Astógálacha agus Gaibhnithe Gaolmhara), (“an tAcht Astarraingthe”); mar sin féin, níl tús curtha leis an bpíosa reachtaíochta seo fós. Tá Rialacháin a bhainfidh leis an Acht Astarraingthe á ndruchtú faoi láthair.

Éileofar orainn faoin réim nua iarratas a dhéanamh ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar cheadúnas chun astarraingtí a dhéanamh os cionn tairseacha faoi leith. Is riachtanas é seo le haghaidh astarraingtí nua agus reatha. Méid suntasach oibre a bheidh i gceist leis don eagraíocht. Mar chuid den phróiseas ceadúnaithe, leagfaidh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ceanglais sreafa insrutha síos atá riachtanach gá chun tacú le héiceachórais shláintiúla. Beidh orainn ár n-astarraingtí a bhainistiú ionas go mbeidh siad inbhuanaithe agus go gcomhlíonfaidh siad riachtanais choinníollacha ceadúnais. Beidh infheistíocht shuntasach i gceist lenár gcomhlíonadh le coinníollacha ár gceadúnas astarraingthe ach cinnteoidh an infheistíocht sin go mbeimid comhlíontach lenár n-oibleagáidí faoin gCreat-Treoir Uisce.

Mar chuid den mheasúnú ar astarraingtí atá ar bun againn, táimid i mbun struchtúir ghaibhnithe a shainaithint atá mar thaca d’astarraingtí ach

a bhfuil seans ann go dtagann siad sa bhealach ar ghluaiseacht speiceas uisceach. Chun an fhadhb seo a leigheas, tá Clár um Bealaí Éisc á fhorbairt againn i gcomhar le hlascach Intíre Éireann. Féachann an clár seo le dálaí hidreamoifeolaíochta na háite a fheabhsú ach bealaí éisc a thógáil nó a fheabhsú mar a bhfuil na struchtúir ghaibhnithe seo suite.

## 6.4 AIDHM STRAITÉISEACH 9: Cur le bithéagsúlacht dhearfach

**Déanfaimid ár sócmhainní a bhainistiú ionas go mbeidh ‘glanbhreisiú’ ann arís ó thaobh na bithéagsúlachta de.**

### **‘Glanbhreisiú’ ó Thaobh Bithéagsúlachta De a Chinntiú**

#### *Gníomhaíocht 3.7: Ár sócmhainní a bhainistiú ionas go mbeidh ‘glanbhreisiú’ ann ó thaobh na bithéagsúlachta de.*

Is dlúthchuid dár n-obair é na héiceachórais ina mairimid agus ina n-oibrímid a chosaint. Is minic a bhíonn bonneagar dár gcuid suite i ngnáthóg agus é ag idirghníomhú go díreach le gnáthóga fionnuisce, inbhearacha, muirí agus talún, bíodh sé sin i bhfoirm uisce óil a bhaint aisti nó fuíolluisce cóireáilte a scaoileadh isteach inti.

Tá sé ríléir le blianta beaga anuas gur iomaí speiceas flóra agus fána atá ag dul in éag ar ráta nach bhfacthas riamh cheana, ar fud na tíre, na hEorpa agus go domhanda. Agus neart tíortha ag teipeadh orthu in 2019 a gcuid spriocanna

i leith cailteanas bithéagsúlachta a laghdú a bhaint amach, d’fhógair Rialtas na hÉireann ‘éigeandáil bithéagsúlachta’ an bhliain chéanna, rud a tharraing aird na n-earnálacha go léir ar an ngá atá le gníomhartha a fhorbairt chun an bithéagsúlacht a chosaint.

Mar fhreagairt air seo, d’fhorbraíomar ár bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht (PGB) a seoladh in 2021. Leagtar amach sa PGB na cuspóirí agus na gníomhartha sonracha atá le déanamh ag Uisce Éireann chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil bithéagsúlachta seo. Ní hamháin sin ach cinntíonn sé go léirítear meas ar bithéagsúlacht agus gur dlúthchuid den phróiseas cinnteoireachta ar fud an ghnóilachta í.

Tá gníomhartha de chuid an PGB á gcur i bhfeidhm againn le go mbainisteoimid na sócmhainní atá againn faoi láthair ar bhealach níos fearr agus lena chinntiú go bhfeabhsaítear bithéagsúlacht inár láithreacha go léir agus sna tírdhreacha mórthimpeall orthu. Táimid i mbun suíomhanna dár gcuid a shainaithint faoi láthair a d’oirfeadh do choillearnach dhúchasach a chur orthu agus tá scéimeanna um chrainn a chur á gcur i bhfeidhm againn faoina ngeallaimid go gcuirfimid 250,000 faoi 2030.

Geallaimid freisin go ndéanfaimid gach iarracht “glanbhreisiú” bithéagsúlachta a bhaint amach i ngach tionscadal bonneagair dár gcuid faoi 2030. Agus táimid meáite ar bhail níos fearr ar féidir a thomhas a chur ar an timpeallacht nádúrtha ná mar a bhí uirthi roimhe sin.

## Tairbhí ónár bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta



**Cás-staidéar - Coillearnach Bruachánach Loch Coiteáin**

**Táimid ag obair i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Foraoiseachta chun coillearnach bruachánach a fhorbairt ag suíomh Ionad Cóireála Uisce Loch Coiteáin.**

Cineál coillearnaí uathúil is ea coillearnach bruachánach a bhíonn ag fás feadh aibhneacha agus lochanna. Cuireann an choillearnach leis an mbithéagsúlacht trí shuíomh feiliúnach a sholáthar do réimse leathan plandaí agus ainmhithe agus trí foinse bia a chur ar fáil do phailneoirí cosúil le bumbóga agus feileacáin. Bíonn ról tábhachtach le comhlíonadh ag pailneoirí sa mhéid is go dtacaíonn siad le héiceachórais sláintiúla trí bharr agus bláthanna a phailniú, agus tugann siad sin, ar a seal, bia do chineálacha eile fiadhúlra.

Tá níos mó ná 18,800 crann dúchasach curtha againn ag suíomh Loch Coiteáin, agus tá beartaithe againn 15,000 crann dúchasach eile a chur mar chuid den dara céim den tionscadal.

 <p><b>Cáilíocht an uisce óil a fheabhsú</b></p>	 <p><b>Éiceachórais i mbaol a chosaint</b></p>	 <p><b>An bithéagsúlacht a fheabhsú</b></p>
 <p><b>Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú</b></p>	 <p><b>Costais cothabhála láithreán a laghdú</b></p>	 <p><b>Comhlíonadh rialachán a chinntiú</b></p>
 <p><b>Oideachas</b></p>	 <p><b>Comhoibriú</b></p>	 <p><b>Áineas (sláinte agus folláine)</b></p>

Is láidre ár ngníomhartha agus is mó a théann siad chun tairbhe don bhithéagsúlacht nuair a oibrímid i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara le go dtuigfidís cad atá ar bun againn agus go mbeimid ag tarraingt le chéile ó thaobh cur chuige de. Féachfaimid mar sin le bheith réamhghníomhach agus muid ag déanamh teagmhála le gach páirtí leasmhar ábhartha maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bithéagsúlachta, agus iad a chur i bhfeidhm.

**Réitigh nádúrbhunaithe agus bearta abhantraí**  
**Gníomhaíocht 3.8: Tús áite a thabhairt do réitigh dúlra-bhunaithe agus do bhearta abhantraigh maidir le seachadadh tionscadail uisce agus fuíolluisce.**


Baineann réitigh dúlra-bhunaithe feidhm as an ndúlra agus as próisis fholláine atá ar siúl sna héiceachórais chun réitigh níos inbhuanaithe a chur i gcrích don tsochaí. Is bealach é feidhm a bhaint as réitigh nádúrbhunaithe ní hamháin chun caighdeán an uisce a chosaint ach é a athshlánú agus a fheabhsú, leis. Neartaíonn sé athléimneacht ó thaobh na haeráide de freisin, gan trácht ar chur le bithéagsúlacht. Agus tá acmhainn nach beag ann chun réitigh uisce agus fuíolluisce níos inbhuanaithe a chur ar fáil do Uisce Éireann.

Spreagfaimid agus cuirfimid chun cinn an iarracht chun teacht ar dheiseanna chun bogaigh chomhtháite thógtha, giolcarnaigh um shloda a thriomú, agus réitigh eile nádúrbhunaithe a chur isteach ar na láithreacha cóireála fuíolluisce. Tugtar

an méid céanna tacaíochta do gach gníomhaíocht bainistithe do bharcheantair, cuir i gcás, coillearnach bhruachánach a chur laistigh de na do bharcheantair óna bhfaighimid soláthar uisce.


Oibrímid i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha, úinéirí talún agus le grúpaí pobail chun tionscnaimh a chur i gcrích a dhíríonn ar an do bharcheantar níos leithne a bhainistiú agus arb é is aidhm leo foinse uisce a chosaint. Tacóidh sé sin lenár gcuspóir uisce sábháilte agus iontaofa a sheachadadh agus tá sé ina chuid den chur chuige atá sonraithe againn inár bplean sábháilteachta d'uisce óil.

Le cois cosaint ar fhoinsé nó réitigh ar chóireáil fuíolluisce a thabhairt, tá tairbhí eile le baint as réitigh nádúrbhunaithe, lena n-áirítear úsáid fuinnimh a laghdú, ceapadh carbóin, maitheasaí don bhithéagsúlacht, agus taitneamhacht a chur ar fáil do mhuintir na háite. Tagann an méid seo uile le sprioc an Phlean Bainistíochta Abhantraí (PBA) lena bhféachtar comhthairbhí comhtháite iomadúla a bhaint amach don uisce, don bhithéagsúlacht agus don aeráid, nuair is féidir.



**Táimid tar éis clár píolótach €800,000 a chur i gcrích go rathúil i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Cheatharlach chun giolcarnach triomaithe sloda nuálaíoch a shuiteáil ag cúig ionad fuíolluisce i gCo. Cheatharlach.**

*Tá na tionscadail éiceabhácha sin lonnaithe i gCluain na nGall, Fíonach, Balana, Míseal agus Ráithín Uí Dheoráin agus baineann siad úsáid as próisis nádúrtha chun sloda fuíolluisce a chóireáil. Réiteach nádúrbhunaithe atá sa chóras ghiolcarnach triomaithe sloda chun sloda fuíolluisce a chóireáil. Méadaíonn an ghiolcarnach gníomhaíocht bitheolaíoch agus cabhraíonn sé sin cothaitheigh ón bhfuíolluisce cosúil le nitrigin agus fosfar a ionsú. Torthaí eile ar an gcóras triomaithe nádúrtha go laghdaítear úsáid fuinnimh, astaíochtaí ceaptha teasa agus na costais a bhaineann leo i gcomparáid le modhanna traidisiúnta. Anuas air sin, tacaíonn giolcarnach leis an mbithéagsúlacht sa mhéid is go gcuireann siad gnáthóga luachmhara ar fáil d'éin, feithidí agus ainmhithe eile.*

An aerial photograph of a coastline. On the left, a vibrant green field is separated from the coast by a narrow road. The coastline is rugged and covered in green vegetation. To the right, the ocean is a deep blue, with white foam from waves crashing against a rocky shore. The overall scene is bright and scenic.

Déanfaimid cinntí  
don fhadtéarma le  
go mbeimid in ann  
**dul in oiriúint agus  
athléimneacht  
ár sócmhainní  
a chinntiú.**

# 7 | Cuspóir Straitéiseach 4: Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Aimsir atá Amach Romhainn



## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4

### Seirbhísí inbhuanaithe a oireann don aimsir atá amach romhainn

Déanfaimid cinntí don fhadtéarma le go mbeimid in ann dul in oiriúint agus athléimneacht ár sócmhainní a chinntiú.

#### 7.1 Réamheolas

I bhfianaise líon agus nádúr na ndúshlán atá romhainn sa mheántearma agus san fhadtéarma, tá sé den riachtanas anois go ndéanfaimid ár n-acmhainní a athrú ó bhonn mar aon leis an gcaoi a n-oibrímid le go mbeimid i mbun oibre sa todhchaí ar bhealach inbhuanaithe agus ciallmhar. Beidh an claochlú sin dúshlánach agus cuid den athrú sin baint amach neodracht carbóin chomh maith leis an méid acmhainní a úsáidimid a íoslaghdú.

Agus muid ag féachaint le bheith inbhuanaithe, tá sé mar aidhm againn freisin ár gcumais chun saolré sócmhainní a bhainistiú a fhorbairt chomh maith le pleanáil fhadtéarmach ionas gur féidir an luach sóisialta, eacnamaíoch agus timpeallachta ónár sócmhainní a uasmhéadú.





Agus forbairt á déanamh againn ar ár n-inbhuanaitheacht mar atá leagtha amach faoin gcuspóir straitéiseach seo, tá sé mar aidhm againn ár n-acmhainní uisce agus seirbhísí uisce a fhágáil i riocht níos fearr do na glúin atá le teacht ná mar atá anois orthu. Tugaimid dár n-aire chomh maith go ndéanfaidh gach ceann de na ceithre chuspóir straitéiseacha arna leagan amach sa Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce seo difear suntasach do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe in Éirinn, agus go mór SDG 6: Infhaighteacht agus bainistíocht inbhuanaithe uisce agus sláintíochta a chinntiú do chách; Tá baint dhíreach ag 10 gcinn de na 17 SDGanna lenár bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050.

Sa tréimhse go **2050**, de réir féidearthacht eacnamaíochta agus teicniúil, tá sé mar aidhm againn:



- A bheith inár bhfóntas uisce a bhfuil Neodracht Carbóin bainte amach aige.
- Uasmhéadú a bheith déanta againn ar aisghabháil acmhainní ag teacht le cur chuige an gheilleagair chiorclaigh;
- Cion tairbhe nach beag a bheith déanta againn d'athléimneacht aeráide na hÉireann.

## 7.2 AIDHM STRAITÉISEACH 10: Neodracht carbóin a bhaint amach

**Beimid ag obair linn beagán ar bheagán i leith seirbhísí atá saor ó charbón a bhaint amach**

### Treochlár maidir le Neodracht Carbóin a Bhaint Amach

*Gníomhaíocht 4.1: Plean maidir le Neodracht Carbóin a Bhaint Amach a fhorbairt agus a chur chun feidhme.*

Tá Treochlár maidir le Neodracht Carbóin a Bhaint Amach á fhorbairt againn le bheith mar thaca dúinn agus sinn ag iarraidh ár n-uaimhian Neodracht Carbóin a bhaint amach faoi 2040. Áireofar leis an bplean sin tionscnaimh amhail éifeachtúlacht fuinnimh, giniúint fuinnimh in-athnuaite, laghdúithe gás ceaptha teasa lena n-áirítear bainistiú astaíochtaí próisis, réitigh dhúlra bhunaithe agus comhoibriú slabhra soláthair.

Aithnímid go mbeidh sé den riachtanas go mbeidh comhpháirtíochtaí, comhoibriú agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ann má tá ár spriocanna le baint amach againn. Ní féidir le hUisce Éireann neodracht carbóin a bhaint amach leis féin agus ní mór dúinn oibriú as lámha a chéile chun na caidrimh, cumas agus scileanna atá de dhíth a chothú le go mbeimid in ann an sprioc uaimhianach sin a bhaint

amach agus cuspóirí indéanta a fhorbairt. Ní mór dúinn glacadh le cur chuige comhoibríoch chun na spriocanna sin a bhaint amach laistigh den am líne uaimhianach atá leagtha síos, agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt laistigh dár n-eagraíocht féin agus go seachtrach lenár slabhra soláthair agus páirtithe leasmhara.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- iad siúd atá ag obair dúinn a chumhachtú trí threoir straitéiseach a thabhairt dóibh le go ndíreoidh siad ar ghníomhaíochtaí a mbeidh neodracht carbóin mar thoradh orthu;
- dul i gcomhar lenár slabhra soláthair forleathan chun réitigh a fhorbairt, a bhfuil foghlamtha a roinnt agus tionscadail a sheachadadh atá inbhuanaithe, cost-éifeachtúil agus tairbheach don dá pháirtí;
- oibriú lenár gcustaiméirí agus pobail chun neodracht carbóin a bhaint amach trí rannpháirtíocht ghníomhach m.sh. trí sceitheadh uisce a thuairisciú agus trí fheachtais fheasachta cosúil leis an bhfeachtas a bhí againn faoin gcaoi Uisce a Chaomhnú.

Aithnímid go bhfuilimid ag céim luath dár dturas dícharbónaithe, ach táimid tiomanta go hiomlán na deiseanna atá againn carbón a laghdú a thuiscint, a anailísiú agus tús áite a thabhairt dóibh.

## Inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm go daingean inár slabhra soláthair.

**Gníomhaíocht 4.2: Obair i ndlúthchomhar lenár slabhra soláthair chun an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm go daingean sa chaoi ina gcuirtear bonneagar uisce agus fuíolluisce ar bun.**

Táimid tiomanta oibriú i gcomhar lenár slabhra soláthair forleathan chun an t-aistriú a dhéanamh chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, a bhfuil bithéagsúlacht shaibhir ann agus atá neodrach maidir leis an aeráid. Sa Chairt um Inbhuanaitheachta i measc Soláthraithe a d'fhoilsíomar in 2024, tugtar cuntas ar a thiomanta is atáimid don inbhuanaitheacht a chothú ó cheann ceann ár slabhra soláthair. Rud eile de, tacaíonn an Chairt lenár gCreat Inbhuanaitheachta uileghabhálach.

D'fhonn ár n-uaillmhian d'Éirí Saor ó Charbón a bhaint amach faoi 2040, táimid chun nuálaíocht a spreagadh inár slabhra soláthair, agus leanfaimid orainn i mbun comhpháirtíochtaí comhoibríocha a chothú lenár féidir luach agus feidhmíocht a mheas ach modheolaíochtaí costála saolré iomlán a úsáid. Déanfaimid ár ndícheall a bheith soiléir trédhearcach le linn plé lenár soláthraithe, sinn ag cur ar a súile dóibh na cuspóirí atá againn, chomh maith leis na nithe a bhfuilimid ag súil leo agus a thábhachtaí is atá sé go ndéanfaidís a gcion chun éirí Saor Ó Charbón.



## Cás-staidéar - Cairt um Inbhuanaitheacht i measc Soláthraithe



**Táimid tiomanta do inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm go daingean ar fud ár slabhra soláthair agus tuiscint againn ar a thábhachtaí is atá sé chun spriocanna na heagraíochta trí chéile a bhaint amach.**

Tá ár gCairt um Inbhuanaitheachta i measc Soláthraithe mar bhonn faoin ngealltanas seo agus é mar chreat dár soláthraithe caipitiúla agus oibriúcháin lenár féidir leo obair i gcomhar i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe.

Tá obair i gcomhar mar bhunchloch ag an gcairt agus í ag iarraidh féachaint chuige go mbeidh gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais mar dhlúthchuid de chleachtais soláthair.

Beimid ag súil leis na nithe seo a leanas ónár soláthraithe:

- **Timpeallacht** – cloí le caighdeáin chomhshaoil, laghdú loirg carbóin san áireamh, chomh maith le fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn agus acmhainní uisce a chaomhnú;
- **Sóisialta** – cothrom na Féinne a thabhairt d'fhostaithe, tacú le cearta oibríthe, agus cur le leas an phobail;
- **Rialachas** – féachaint chuige go bhfuil caighdeáin arda ionracais agus nósanna imeachta i leith sceithirí i bhfeidhm agus go gcuirtear deireadh le caimiléireacht;
- **Comhoibriú** – páirt a ghlacadh in obair i gcomhar tras-tionscail agus i dtograí nuálaíocha le feabhas a chur ar ghnéithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha tionscadal.

Oibreimid as lámha a chéile lenár soláthraithe agus sinn ag iarraidh tacú leo trí threoir a thabhairt maidir le cleachtais inbhuanaithe, amhail bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus tionscnaimh laghdaithe carbóin. Iníúchfaimid na dreasachtaí i leith inbhuanaitheachta a d'fhéadfai a thabhairt isteach le cliaint, conraitheoirí agus soláthraithe (ar chun a leasa féin a bheadh sé) a spreagadh chun obair ar scáth a chéile chun na scileanna agus t-eolas a chothú atá ag teastáil chun an bealach a réiteach do thodhchaí inar cuid den saol é acmhainní comhroinnte agus dea-chleachtais. Bhíomar i measc na gcomhpháirtithe a bhunaigh an brainse Éireannach den Scoil um Shlabhra Soláthair Inbhuanaithe ní i bhfad ó shin. Tá bród orainn a bheith páirteach leis an scoil seo ar comhoibriú atá ann idir cliaint, conraitheoirí agus soláthraithe a bhfuil leas ceachtartha acu na scileanna agus eolas atá riachtanach chun todhchaí inbhuanaithe a sheachadadh a fhorbairt.

### 7.3 AIDHM STRAITÉISEACH 11: Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh

**Bainistímid ár sócmhainní sa chaoi is go ndéantar a oiread aisghabhála acmhainní agus is féidir, go mbítear tíosach i mbun acmhainní a chaitheamh agus go ndéantar a lú dramhaíola agus is féidir.**

#### Plean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce

**Gníomhaíocht 4.3: Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce agus é a chur i bhfeidhm.**

Mar thaca do chuir chuige i leith geilleagar ciorclach a chur i bhfeidhm go daingean agus mar thaca dár gcuspóirí inbhuanaitheachta, táimid i mbun athbhreithniú á dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce agus é a chur i bhfeidhm. Leagfaimid amach sa phlean seo an chaoi ina bhfuil sé i gceist againn ár ngealltanas i leith asraonta geilleagair chiorclaigh a chur ar bun le haghaidh sloda fuíolluisce.

I gcomhthéacs ár seirbhísí fuíolluisce, is éard is bith-acmhainní ann ábhair luachmhara is féidir a aisghabháil ón bpróiseas cóireála amhail sloda ina bhfuil neart ábhar orgánach agus cothaitheach. Is féidir athearraíocht a bhaint as sloda agus é a chur chun fóinamh ar go leor bealaí. Mar shampla, is minic a úsáidtear mar oiriúntóir ithreach agus mar leasachán é.

I láthair na huaire, tá cóireáil á déanamh againn ar 100% de shloda fuíolluisce le bithsholaid a dhéanamh ar féidir é a úsáid sa talmhaíocht. Ag teacht leis an ngealltanas atá tugtha againn deireadh a chur le dramhaíl, táimid ag iarraidh bealaí nuálaíocha a aimsiú ina féidir leas a bhaint as na bith-acmhainní seo. Tá ardeicneolaíochtaí á meas againn chomh maith le próisis chun leas níos mó ná riamh a bhaint as sloda, rud a d'fhéadfadh a bheith ina shiocair le táirgí nó foinsí fuinnimh nua teacht ar an bhfód. Mar shampla, leanfaimid orainn i mbun díleá anaeróbach a ghlacadh isteach sa phróiseas cóireála sloda agus sinn ag baint leas as an mbithghás a astaítear as sin chun fuinneamh a aisghabháil.



#### Cás-staidéar - Aisghabháil Fosfair ag Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne



**D'fhonn fosfar a aisghabháil ó fhuíolluisce, tá scoth na nuálaíochta agus teicneolaíochta curtha i bhfeidhm againn in ionad cóireála fuíolluisce na Rinne arb é an ceann is mó sa tír é. Is í seo an chéad saoráid riamh in Éirinn le fosfar a aisghabháil ó fhuíolluisce.**

Cuirtear 40% d'fhuíolluisce na tíre chuig Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne le cóireáil a dhéanamh air sula scaoilfead isteach in Inbhear na Life Íochtaráí é. Agus leas á bhaint as an gcur chuige nuálaíoch seo, cuirtear prionsabail an gheilleagair chiorclaigh i bhfeidhm d'fhonn acmhainn luachmhar a dhéanamh don talmhaíocht agus d'earnálacha eile ag an am céanna.

Tá an tsaoráid seo le tógáil mar chuid d'infheistíocht €500 milliún atá á déanamh chun uasghrádú a dhéanamh ar Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne agus le féachaint chuige go bhfuil sé ag cloí le caighdeán an Aontais. Táirgfidh an tsaoráid seo 4,000 tonna leasacháin in aghaidh na bliana agus aisghabhfaidh sé 1.3 tonna fosfair in aghaidh an lae.

D'fhonn dlús a chur le héifeachtúlachtaí oibriúcháin, tá réitigh á gcur i bhfeidhm againn amhail Lárionaid Mhoil Sloda chun a oiread leasa agus is féidir a bhaint as an gcothromaíocht idir costais chóireála agus iompair. Agus é á dhearadh le freastal ar phobal Bhaile Átha Cliath go ceann 25 bliain, is eiseamláir é an tSaoráid Stórála Bithsholad Réigiúnach den chaoi ina bhféachfaimid le héirí níos éifeachtúla i mbun an líonra fuíolluisce a bhainistiú as seo go ceann i bhfad.

#### **Caighdeán dearaidh don gheilleagar ciorclach** **Gníomhaíocht 4.4: Na tairbhí a fhaightear ón** **geilleagar ciorclach a bharrfheabhsú**


Táimid meáite ar iompú i dtreo cleachtais ciorclacha níos inbhuanaithe fad is atá cineálacha cur chuige á gcur i bhfeidhm níos minice a fhéachann le himeacht ó na múnlaí líneacha atá i bhfeidhm le fada agus ina bhfuil an meon déan-tóg-faigh réidh leis go smior iontu.

Tá sé d'uaillmhian againn cur chuige an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm go daingean, múnla ina mbíonn táirgí agus ábhair mar chuid de thimthriall leanúnach seachas a bheith caite i dtraipisí nuair a bhaineann siad deireadh a saolré amach. I gcroílár ár straitéise tá Caighdeán Deartha nua le haghaidh Geilleagar Ciorclach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Bainfidh an caighdeán le saolré iomlán ár sócmhainní uisce agus fuíolluisce a bhainistiú, ó chéim an dearaidh agus soláthair tosaigh go cur i gcrích, stóráil, láimhseáil agus úsáid deiridh. Cumhdaítear inár gCaighdeán Deartha nua le

haghaidh Geilleagar Ciorclach an gealltanais fadtéarmach seo chun ciorclaíocht a chur i bhfeidhm go daingean ar fud ár n-oibríochtaí gnó. Is léiriú é an caighdeán seo ar phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh, lena n-áirítear, feidhm a bhaint as cineálacha cur chuige a fhéachann le dramhaíl a íoslaghdú sa chéim deartha ó thús an tionscadail, an bealach ar fad go dtí machnamh a dhéanamh ar conas ábhair an tionscadail a athúsáid nuair a thagann sé go deireadh a shaolré. Is freagairt é an cur chuige seo ar an ngá atá leis na treochtaí domhanda atá i réim faoi láthair i dtaca le hídiú acmhainní nádúrtha de a chur ar mhalairt treo agus ní féidir linn ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú gan é.

Má táimid chun cur chuige geilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm go daingean, beimid ag brath ar ár soláthraithe cuid mhaith chun é sin a bhaint amach. Rachaimid chun cainte lenár bpríomhsholáthraithe lena gcabhair a lorg chun ár n-uaillmhian a bhaint amach. De bharr an chur chuige seo, beimid in ann an sochar inbhuanaitheachta atá le baint as ár gcur chuige geilleagair chiorclaigh a mhéadú ar fud ár slabhra soláthair.

Mar shampla den mhéid iniúchta atá déanta againn ar an ngeilleagar ciorclach go dtí seo, tá an t-iniúchadh atá ar bun againn faoi láthair maidir le múnlaí atá níos inbhuanaithe, níos tíosaí agus níos ciorclaí le haghaidh iarmharaigh sholadacha a aisghabháil agus a athúsáid ón bpróiseas cóireála uisce. Ag an am céanna, laghdaíonn sé seo an lorg carbóin dian ó thaobh fuinnimh de a bhaineann le huisce sloda a dhí-uisciú.



## 7.4 AIDHM STRAITÉISEACH 12: Ár sócmhainní a bhainistiú

Cloífidimid le dea-chleachtas maidir le sócmhainní a bhainistiú chun na rioscaí atá ann dár seirbhísí agus an teacht aniar atá iontu ina n-aghaidh a bhainistiú.

### Ár sócmhainní a bhainistiú

**Gníomhaíocht 4.5: Na gníomhaíochtaí a dhéantar ar ár sócmhainní a bhainistiú ar bhealach comhordaithe thar a saolré ar fad d'fhonn deimhniú ISO55000 a bhaint amach.**

Caithfidimid ár sócmhainní a bhainistiú i dtreo is go bhfreastalaítear ar riachtanais ár gcustaiméirí agus go mbaintear ár gcuspóirí amach, ach a bhaineann an chothromaíocht is fearr agus is féidir amach idir costais, riosca agus feidhmíocht ag an am céanna. D'éirigh linn go dtí seo ár sócmhainní a bhainistiú le seirbhís a sholáthar dár gcustaiméirí ach, dar linn, tá mianach ionainn éirí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Cé go bhfuilimid éifeachtach sa chaoi ina mbainistimid ár sócmhainní faoi láthair, bímid i gcónaí ag iarraidh ár bpróisis, ár gcórais agus ár bhfaisnéis a fheabhsú d'fhonn a oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as ár sócmhainní. Chuige seo, cuirfidimid cur chuige bainistithe sócmhainní ISO55000 i bhfeidhm i leith gach gníomhaíocht a ndéanfaimid ar ár sócmhainní, rud a bheidh mar thaca dár gcuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích.

Sainmhínítear Bainistiú Sócmhainní mar ghníomhaíocht chomhordaithe á déanamh ag eagraíocht chun luach a shaothrú ó shócmhainní, ar nithe iad atá luachmhar i súile eagraíochta.



### Cás-staidéar - Ionad Cóireála Uisce Loch Tailt



**Trínár gcur chuige bainistíochta i leith saolré sócmhainní a chur i bhfeidhm, táimid ag leanúint orainn i mbun uisce glan agus sábháilte a sholáthar do na pobail a bhfreastalaíonn córas soláthair uisce Loch Tailt orthu. Tá réiteach cóireála eatramhach curtha i bhfeidhm againn agus sinn ag ullmhú d'fhoinsé soláthair mhalartach. Tá foinsé mhalartach ag teastáil chun ár n-astarraingtí a sheachaint, rud a d'fhéadfadh seilide rinseach Geyer atá faoi chosaint a chur i mbaol.**

*Iarradh ar na pobail a raibh foinsé Loch Tailt ag freastal orthu a gcuid uisce a fhiuchadh tar éis gur thángthas ar chripteaspóiridiam sa soláthar uisce i mí Eanáir 2019. Ní raibh an próiseas cóireála reatha sórt sásúil chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol seo. Rinneamar córas scagacháin nua a shuiteáil agus díghalrú ultraivialaite ina dhiaidh sin, rud a chuir deireadh leis an mbaol i dtaobh cripteaspóiridiam. Rinneadh ardteicneolaíocht cóireála nua, ar a dtugtar clóraitíniú, a shuiteáil freisin chun cosc a chur ar cheimiceáin dhíobhálacha (Trihalomethanes) a fhoirmiú sna píopaí dáileacháin. Chiaillaigh an t-uasghrádú cóireála seo go bhféadfaí fógraí fiuchphointe uisce a bhaint i mí na Samhna 2020, rud a thug uisce óil sábháilte ar ais do thuairim is 13,000 duine sa réigiún.*

*Chun feidhmiú sábháilte na teicneolaíochta nua seo a chinntiú, rinneamar ár ngníomhaíochtaí oibríochtúla agus cothabhála a chomhordú agus chuireamar próisis fhairisinge mhonatóireachta i bhfeidhm. Chuir an t-uasghrádú síneadh 10 mbliana le saolré oibríochta an ionaid chóireála atá ann faoi láthair.*



Tá níos mó i gceis leis, áfach, ná díreach leas a bhaint as sócmhainní, is bealach atá ann lena mbainimid leas as sócmhainní chun ár gcuspóirí gnó a bhaint amach. Meastar gur dea-chleachtas é an cur chuige Bainistíochta Sócmhainní d'aon eagraíocht a sholáthraíonn seirbhís le sócmhainní agus tacóidh sé linn seirbhísí uisce agus fuíolluisce atá éifeachtach, éifeachtúil agus inbhuanaithe agus cuspóirí ár PSSU 2050 a sheachadadh.

Trí bheith ina heagraíocht Bainistithe Sócmhainní, caithfear na riachtanais go léir de ISO55000 a chur i gcrích, lena n-áirítear an cultúr, an struchtúr eagraíochtúil, na beartais, na straitéisí, na pleananna, na próisis & na córais faisnéise a fhorbairt a bheidh ag teastáil chun ár sócmhainní a bhainistiú go héifeachtach.

Tá Córas Bainistithe Sócmhainní uainn atá oiriúnach don fheidhm agus a thacaíonn leis na gníomhaíochtaí uile a dhéantar ar ár sócmhainní ar feadh a saolré a chur i gcrích ar bhealach comhordaithe, ag brath ar sinn a bheith ag cur feabhais orthu go leanúnach. Cinnteoidh an Córas Bainistithe Sócmhainní go gcuirimid saolré iomlán ár sócmhainní san áireamh agus cinntí á ndéanamh againn maidir le hinfheistíocht a dhéanamh inár sócmhainní, cothabháil a dhéanamh orthu, iad a oibriú, fáil réidh leo/nó athúsáid a bhaint astu.

Tá príomhról ag sonraí sócmhainní maidir le ligean dúinn ár n-aibíocht mar eagraíocht Bainistithe Sócmhainní a mhéadú, mar tá sonraí maithe sócmhainní, lena n-áirítear sonraí

maidir le riocht agus feidhmíocht sócmhainní, riachtanach chun ár gcumas cinnteoireachta a fheabhsú. Cuir i gcás, má tá an fhaisnéis chúil againn, beimid in ann cothabháil a dhéanamh go tráthúil agus ar bhealach pleanáilte agus ní bheidh an oiread gá le cothabháil fhrithghníomhach a dhéanamh.

Is den rithábacht é córas bainistithe sócmhainní comhtháite a bheith i bhfeidhm a chloíonn le ISO55000 agus, maidir leis na gníomhaíochtaí casta éagsúla atá de dhíth chun ár sócmhainní a bhainistiú, go ndéantar iad a chomhordú agus a bharrfheabhsú. Cinnteoidh sé seo go léir go gcuirfear na cuspóirí i gcrích ar bhealach optamaithe/éifeachtach.

**Riosca agus cinnteoireacht bunaithe ar luach**  
**Gníomhaíocht 4.6: Féachaint chuige go**  
**gcuirtear riosca agus luach san áireamh i ngach**  
**cinneadh aon uair a dhéantar cinneadh thar**  
**saolré na sócmhainní.**

Beidh ról lárnach ag Bainistiú Saolré Sócmhainne i bhfreastal ar riachtanais custaiméirí agus pobal san am i láthair agus san am atá le teacht. Ní mór dúinn cothromaíocht a bhaint amach idir na cuspóirí atá in iomaíocht lena chéile i leith caighdeán seirbhíse, fás eacnamaíoch, freagracht timpeallachta, agus inbhuanaitheachta agus féachaint chuige ag an am céanna go soláthróimid seirbhísí atá ar na costais saolré is ísle agus is féidir. Is dúshlán é seo atá ag dul i ngéire de réir mar atá ár riachtanais infheistíochta ag dul i méid de dheasca bonneagair atá ag éirí sean, ceanglais bheartais agus reachtaíochta, athrú aeráide agus baint amach spriocanna i leith éirí saor ó charbón.

Ó tharla bonn sócmhainní an-mhór a bheith againn agus an gá atá ann le hinfeistíocht a dhéanamh go leanúnach i bhfad na haimsire; caithfidimid leanúint dár n-infeistíocht a dhíriú ar na rioscaí is mó a laghdú fad is nach ligimid d'aon rud sinn a chur ón oiread fiúntais agus is féidir a thabhairt do chustaiméirí agus Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce an Rialtais a chur i gcrích. Tá cur chuige glactha chugainn féin a dhírionn ar shócmhainní agus ar sheirbhísí a bhainistiú fad is a shaothraímid luach ónár sócmhainní uisce agus fuíolluisce.

Tá an cur chuige seo san áireamh inár bpróiseas um infheistíocht a phleanáil ar bhealach a thacaíonn le cinntí a dhéanamh i gcaoi a mbaineann cothromaíocht amach idir:

- torthaí níos fearr a thabhairt do chustaiméirí, do phobail agus don timpeallacht;
- oibríochtaí agus seirbhísí atá sábháilte do chustaiméirí agus do bhaill foirne;
- cloí le reachtaíocht;
- sócmhainní a bhainistiú ar bhonn saolré;
- planáil níos fearr a dhéanamh i dtaca le seasmhacht agus inbhuanaitheacht sócmhainní de.


Le go leanfar den oiread leasa agus is féidir a bhaint as an méid a infheistímid, táimid meáite ar ár bpróiseas planála infheistíochta a fheabhsú le cinntiú go bhfuil an chothromaíocht cheart bainte amach againn idir ár dtosaíochtaí infheistíochta. Leanfaimid d'fheabhas a chur ar ár gcumas cinntí a dhéanamh ar bhonn riosca agus luacha, lena n-áirítear leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha le cinntiú go ndéanaimid na cinntí infheistíochta cearta go tráthúil.

## **7.5 AIDHM STRAITÉISEACH 13:** **Tairbhe a bhaint as nuálaíocht**

**Cuirfidimid dlús le taighde agus nuálaíocht d'fhonn luach a shaothrú agus chun dul i ngleic le dúshlán a thitfidh amach san am atá le teacht.**



### **Cás-staidéar -** **Tionscadail an Chiste Nuálaíochta**



***Chuir an Coimisiún um Rialáil Fóntais ar chumas Uisce Éireann infheistiú a dhéanamh i dtionscadail nuálacha atá deartha chun buntáistí a sholáthar dár gcustaiméirí. Thapaíomar an deis seo chun teicneolaíochtaí agus socrúithe oibriúcháin nua a fhiosrú a chabhróidh linn seirbhísí uisce sábháilte agus iontaoifa a sholáthar a mbeidh torthaí níos fearr leo ó thaobh na timpeallachta de.***

*Is sampla é ár gclár píolótach i dtaobh Giolcarnáil Cóireála Sloda (féach Gníomhaíocht 3.8) de thionscadal ciste nuálaíochta as ar eascair modhanna saora agus inbhuanaithe chun ár bhfuíolluisce a chóireáil. Chomh maith leis sin, rinneamar scrúdú ar theicneolaíochtaí nua chun monatóireacht a dhéanamh ar eisilteach trádála agus laghdú sceite agus rinneamar taighde ar Abhantracha atá Íogair ó thaobh na hAeráide de chun cabhrú linn dul i dtailthí ar athrú aeráide. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár dtionscadail um chiste nuálaíochta ar ár suíomh Gréasáin:  
[https://www.water.ie/about/research-and-innovation.](https://www.water.ie/about/research-and-innovation)*

### Taighde agus nuálaíocht

**Gníomhaíocht 4.7: Cultúr a fhorbairt bunaithe ar nuálaíocht i roinn na seirbhísí uisce chun todhchaí inbhuanaithe a chothú.**

Táimid tiomanta do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a thiomáint a chumasaíonn todhchaí inbhuanaithe agus atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomadúla atá leagtha amach in PSSU 2050, lena n-áirítear athrú aeráide agus cailteanas bithéagsúlachta. Agus sinn ar an eolas go bhfuil forbairt mhór tagtha ar chúrsaí nuálaíochta agus taighde le tamall anuas, leagaimid béim inár gcuspóirí fadtéarmacha ar oiriúnú do theicneolaíochtaí a thiocfaidh ar an bhfód gan choinne. Bainfimid leas as teicneolaíochtaí digiteacha nua agus as an nuálaíocht a fhónann dúinn ár sócmhainní a bhainistiú ar bhealach a neartaíonn an teacht aniar atá iontu, a chumasaíonn ár gcustaiméirí, agus a dhéanann maitheas don timpeallacht i gcoitinne. Déanfaimid teicneolaíochtaí digiteacha nua a threisiú freisin chun cabhrú linn ár gcuspóirí fadtéarmacha a bhaint amach, ach ní mór infheistiúocht a dhéanamh i rialú sonraí agus i gcibearshlándáil chomh maith lena nglacadh.

Táimid meáite ar chomhoibriú ar bhonn leanúnach le páirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear institiúidí taighde, comhlachtaí rialála, agus soláthraithe teicneolaíochta, fad is a bheidh tréaniarracht á déanamh againn cultúr nuálaíochta a chothú le fostaithe a spreagadh chun smaointe a chur in iúl agus obair i gcomhar lena chéile ar fud na ranna.

### Clár Réamhfhéachana

**Gníomhaíocht 4.8: Leanúint i mbun cumas fadbhreathnaitheachta agus faire na fáistine a fhorbairt.**

Is den rithábhacht é go nglacaimid próiseas fadbhreathnaitheachta agus faire na fáistine chugainn féin chun an bealach a réiteach do chur chuige pleanála solúbtha agus oiriúnaitheach agus mar thaca dúinn cinntí a dhéanamh don fhadtéarma. Tá tábhacht nach beag aige seo i bhfianaise na héiginnteachta atá ann maidir le beartas, gluaiseacht daonra, ár slabhra soláthair agus an geilleagar de dheasca athrú aeráide agus cúinsí domhanda eile.

Leanfaimid d'fhorbairt a dhéanamh ar an obair a rinneamar faoi scáth Fhís 2050 chun ár gcumas fadbhreathnaitheachta agus faire na fáistine a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar thaca dár bpróisis phleanála. Tabharfaidh sé seo léargas dúinn ar an tionchar atá ag treochtaí ar an earnáil uisce agus ar ár soláthar seirbhíse. Táimid an-díograiseach faoi athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar ár bhfís fadtéarmach do 2050 i gcomhar le lucht rialála, lucht déanta beartas, ceannairí sa tionscal, custaiméirí agus earnáil an uisce i gcoitinne. Cabhróidh an cur chuige comhoibríoch seo linn féachaint chuige go mbaintear rud fóna amach d'Éirinn agus go bhfuil muinín agus iontaoibh ag custaiméirí agus ag pobail asainn.



### Cás-staidéar - Fís 2050



***I gcomhar lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, d'fhorbraíomar ár staidéar réamhfhéachana straitéiseach, Fís 2050. Chuireamar faire na fáistine i gcrích inar shamhlaíomar an earnáil uisce sa todhchaí ar mhaith linn í a thabhairt i gcrích agus leagamar amach comhfhís agus torthaí inmhianaithe don earnáil go dtí 2050.***

*Shainaitníomar dúshláin agus deiseanna, amhail athrú aeráide, fás daonra agus teicneolaíocht agus chinneamar conas a rachaidís i bhfeidhm ar ár dtorthaí inmhianaithe. Trí threochtaí a fhiosrú, d'fhorbraíomar trí chás don todhchaí: "Aimsir Ghrianmhar," "Aimsir Stoirmiúil," agus "Aimsir Scamallach le Baol Báistí," cuireann gach ceann acu síos ar thimpeallacht oibriúcháin fhéideartha amach anseo. Cabhraíonn na cásanna seo linn tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbeodh orainn an bealach a bhainistimid ár seirbhísí uisce a athrú chun ár dtorthaí inmhianaithe a bhaint amach faoi réimse cúinsí. Bhaineamar leas as na léargais seo chun an fhreagairt straitéiseach a leagtar amach in PSSU 2050 a fhorbairt.*



## 7.6 AIDHM STRAITÉISEACH 14: Maoiniú fadtéarmach a dhaingniú

**Oibreoidimid i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara chun maoiniú a fháil i bhfad na haimsire do sheirbhísí atá éifeachtúil athléimneach.**

### Infheistíocht fhadtéarmach

*Gníomhaíocht 4.9: Na riachtanais infheistíochta atá ag ár sócmhainní uisce agus fuíolluisce san fhadtéarma a chainníochtú agus a chur in iúl.*

Tá toradh aitheanta tearc-infheistíochta i seirbhísí uisce le blianta fada anuas agus easnaimh iarmhartacha i sócmhainní uisce agus fuíolluisce na hÉireann, i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile. Chuir sé seo isteach ar ár gcumas seirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí agus ceanglais timpeallachta a chomhlíonadh ag an am céanna ar bhealach sásúil, ar bhonn náisiúnta agus ag leibhéal an Aontais araon. Lean chois sin, ní mór dúinn tuiscint a fháil freisin ar na costais chothabhála agus athsholáthair caipitil saolré go léir a bhaineann le soláthar seirbhíse. Tá an tsaincheist seo i gceist le gach soláthraíocht fónais, nach bhfuil ach anois ag fáil tuiscint anois ar na riachtanais mhaoinithe fhadtéarmacha agus ar eacnamaíocht an tsoláthair seirbhíse.

Ó 2014 i leith tá Uisce Éireann ag dul i ngleic leis an tearc-infheistíocht seo trí infheistíocht chaipitil a dhéanamh ar bhonn leanúnach, agus tá súil againn go mbeidh tuairim is EUR 9 mbilliún á infheistiú againn faoi dheireadh 2024. Cé go

bhfuil toradh fóna ar an infheistíocht seo go dtí seo, tá neart le déanamh fós maidir sula mbeidh seirbhísí uisce agus fuíolluisce chomh maith lena macasamhlacha i dtíortha eile san Eoraip agus sula mbeifear ag cloí le ceanglais rialála agus beartais nua.

I bhfianaise na riachtanas infheistíochta go léir is eol dúinn, lena n-áirítear an gá atá ann ár sócmhainní reatha a choinneáil, an mbaol do sheirbhísí a laghdú agus soláthar a dhéanamh d'fhás amach anseo, measaimid go bhfuil gá le hinfeistíocht shuntasach a dhéanamh inár n-ionaid chóireála uisce agus fuíolluisce go léir agus sna córais uisce agus fuíolluisce ghaolmhara thar roinnt tréimhsí infheistíochta.

Bunaithe ar thiomhdí maoinithe reatha chun na leibhéil reatha infheistíochta a choinneáil sa mheántéarma agus san fhadtéarma (mar aon le maoiniú breise don Tionscadal Soláthair Uisce – Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre agus Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath), measaimid go mbainfear deireadh na 2040í / tús na 2050í amach sula mbeidh ár n-ionaid chóireála fuíolluisce go léir in ann a n-údaruithe reatha a chomhlíonadh go hiomlán. Tógfaidh sé i bhfad níos mó ama maidir lenár líonraí fuíolluisce. Mar an gcéanna, maidir le soláthar uisce, tríd an leibhéal infheistíochta sin á choinneáil, ba cheart go mbeimis in ann na réitigh is fearr PSSU a sholáthar d'fhorhmór ár gcustaiméirí faoi 2050; mar sin féin, beimid fós i bhfad ó na réitigh is fearr a sholáthar do gach soláthar. Is den rithábacht é mar sin go

dtiocfaidh méadú ar leibhéal na hinfeistíochta caipitil agus go gcoinneofar é ar a laghad ar leibhéal seasta (ar bhonn praiticiúil) nó go dtiocfar ardú air sa tréimhse go dtí 2050 más féidir. Lena chois sin ní mór dúinn obair i gcomhar lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus réitigh níos cliste a sholáthar ionas go mbeidh córais soláthair uisce agus fuíolluisce athléimneach againn a bheidh i gcomhréir lenár n-údaruithe faoi 2050.

Toisc go mbíonn an scála ama le haghaidh seachadadh tionscadal níos faide ná 5 bliana go hiondúil chomh maith le moill a d'fhéadfadh tarlú mar shampla de bharr pleanála, ní mór dúinn an phunann tionscadal mór caipitil seo a bhainistiú thar iliomad tréimhsí infheistíochta. Chun tacú leis sin, tá ár gcumas pleanála um infheistíocht fhadtéarmach á fhorbairt againn, lena gcuimseofar pleannanna uisce agus fuíolluisce a rolladh amach thar thréimhse 10-15 bliana. Tacóidh sé sin le dearcadh infheistíochta ar aghaidh thar thréimhse 25-30 bliain a chuirfidh taca faoinár straitéisí uisce agus fuíolluisce fadtéarmacha.

Ina theannta sin, i bhfianaise measúnuithe tosaigh measaimid gur baolach go gcosnóidh ceanglais mhaoinithe chun cuntas sásúil a thabhairt ar bhainistiú sócmhainní saolré ó thús go deireadh iolraí den mhaoiniú atá ar fáil faoi láthair. Oibreoidimid i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara maoinithe sna blianta atá romhainn chun scrúdú a dhéanamh ar na bealaí cuí chun aghaidh a thabhairt air seo.

## Maoiniú ilbhliantúil

### *Gníomhaíocht 4.10: Cur chuige i leith maoiniú ilbhliantúil a chur i bhfeidhm.*

Is fóntas rialaithe é Uisce Éireann agus is é an CRF a shocraíonn ár liúntas ioncaim do gach tréimhse rialaithe ioncaim, tréimhse a maireann ar feadh 5 bliana go hiondúil. Ar na príomhchodanna d'ioncaim ceadaithe tá ioncam fóirdheontais, ioncam arb ionann é agus 80% dár n-ioncam agus a thagann ón Státchiste thar ceann custaiméirí baile. Ioncam tráchtála atá i gceist leis an 20% eile agus é ag teacht ó chustaiméirí tráchtála i gcomhréir le taraifí tomhaltais agus ceadaithe. Cé gurb é an CRF a shocraíonn ár liúntas ioncaim thar thréimhse ilbhliantúil, d'fhéadfadh athrú teacht air ag brath ar phróiseas bhuiséad bhliantúil an Rialtais, próiseas a thagann, ar a sheal, faoi thionchar cúinsí maicreacnamaíocha seachtracha, lena n-áirítear an méid maoinithe atá ag teastáil ó eintitis stáit agus leathstáit eile.


I measc ár bpíomhfhoinsí maoinithe eile tá cothromas (ar an gcoinníoll go vótálann an Rialtas ina fhabhar), ioncam ó cheangail nua (caiteachas caipitiúil ar cheanglais nua a fhéinmhaoiniú) agus fiachas (áis a chuireann an tAire Airgeadais ar fáil). Táthar ag súil go mbeimid neodrach ó thaobh airgead tirim de gach bliain, agus an méid céanna d'insreafaí agus d'eis-sreafaí againn. Seans maith mar sin nach mbeidh teacht againn go ceann tamall eile ar shaoráidí iasachta tráchtála eile / ar mhaoiniú ar mhargaí caipitil, rud a fhágann go mbeifear fós ag brath ar an Státchiste agus gan aon athrú ar an

neamhchinnteacht mhaoinithe atá ann ó bhliain go bliain. I bhfianaise go ndéantar ár maoiniú a shrianadh sa bhliain, ní mór aon róchaiteachas oibríochta a thabhaítear gan choinne (e.g. le linn na géarchéime sa mhargadh fuinnimh in 2022) a athchothromú trí theorannú ar chaiteachas caipitil, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar theorannú tionscadal.

Mar gheall ar an neamhchinnteacht atá ann maidir le UÉ a chistiú, gan trácht ar gan teacht a bheith aige ar mhargaí caipitil agus é a bheith neodrach ó thaobh airgid thirim de, ní beag na dúshlán atá romhainn i gcomhthéacs mhéid agus scála ár gclár infheistíochta caipitil ná roimh ár slabhra soláthair agus ár gconraitheoirí. Le leanúint orainn ag cothú muiníne inár bpíblíne tionscadail agus, uaidh sin, le go mbeadh ár slabhra soláthair in ann a n-acmhainneacht a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, ba mhór againn dá mbeadh cinnteacht ann go raibh cistiú daite dúinn go ceann roinnt blianta. Bheadh géarghá leis seo i gcás tionscadail ilbhliantúla chostasacha arb é an nós toiliú a fháil ón Aire ar bhonn céimnithe agus gan aon chinnteacht ann dá réir go bhfaighfear maoiniú amach anseo.

Admhaímid agus fáiltímid roimh an ngrúpa oibre maoinithe tras-eintiteas lena n-áirítear ionadaithe ó DHLGH, NewERA, DPER, UÉ agus CRU. Bunaíodh an grúpa oibre in 2024 agus breithneoidh sé samhail mhaoinithe Uisce Éireann amach anseo d'fhonn cinnteacht ilbhliantúil a sholáthar agus a áirithiú go mbeidh sí ag teacht leis an tsamhail rialála.





**Sa tréimhse go dtí 2050 is baolach go bhfuil athruithe nach bhfacthas riamh roimhe i ndán dúinn, a bhféadfadh an t-athrú aeráide, fás an daonra, géarchéimeanna comhshaoil agus bithéagsúlachta, aosú an bhonneagair, athruithe ar rialacháin agus beartais, agus dálaí eacnamaíocha a bheith ina gcúiseanna leo.**

## 8 | Cuir Chuige maidir le Dúshlán Fhadtéarmacha a Shárú

**Sa tréimhse go dtí 2050 is baolach go bhfuil athruithe nach bhfacthas riamh roimhe i ndán dúinn, a bhféadfadh an t-athrú aeráide, fás an daonra, géarchéimeanna comhshaoil agus bithéagsúlachta, aosú an bhonneagair, athruithe ar rialacháin agus beartais, agus dálaí eacnamaíocha a bheith ina gcúiseanna leo.**

Sa chomhthéacs seo, is é ár dtuairim nach mór dúinn cuir chuige nua agus bealaí oibre nua a ghlacadh chugainn féin ionas gur féidir linn ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Beidh sé d'aidhm againn na cineálach cur chuige agus na bealaí oibre sin a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán a bheidh againn amach anseo, agus ag an am céanna a aithint go mbeidh gá le ceannach isteach freisin ónár bpáirtithe leasmhara i roinnt mhaith cásanna.

### Comhoibriú

**Comhoibrímid le páirtithe leasmhara chun torthaí a sheachadadh d'Éirinn nach bhféadfaí a bhaint amach dá mbeimis ag obair as ár stuaim féin.**



Is dúshlán an-mhór iad go leor de na dúshlán atá romhainn agus níl sé d'acmhainn ag aon


eagraíocht amháin iad a réiteach. Trí obair i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara, is é ár dtuairim gur féidir linn torthaí a sheachadadh d'Éirinn ar bhealach níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos tapúla ná dá mbeimis ag obair as ár stuaim féin. Molaimid an cur chuige seo, is é sin, “Foireann na hÉireann” cibé ait a rachaidh sé don tairbhe don tír ó thaobh luacha de.

Sampla amháin de chás ina mbeidh gá le comhoibriú ná chun Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a bheidh riachtanach faoin Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, mar a thuairiscítear i nGníomhaíocht 3.2. Príomhrud a dhéanfaidh é seo a chumasú is ea cur chuige agus modheolaíochtaí nua a fhorbairt le haghaidh pleanála do chomhlíonraí séarachais agus séarachais stoirme, ar gá go mbeidh beartas náisiúnta nua mar thaca faoi, mar shampla reachtaíocht a bhaineann le forscéití uisce stoirme. Beidh comhoibriú éifeachtach ag teastáil idir príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear UÉ, RTRÁO, GCC agus earnáil na n-údarás áitiúil chun na cineálacha cur chuige nua seo a fhorbairt. Ba cheart go ndéanfaidh sé sin comhlíontacht a chumasú ansin maidir leis an Treoir nua agus torthaí athléimneachta comhshaoil agus aeráide a bhaint amach trí chur


chuige cliste mar a thuairiscítear i nGníomhaíocht 3.2, agus nach mbeadh costas iomarcach i gceist leis ach oiread.

### Smaointeoireacht córais

**Aithnímid an chastacht a bhaineann le timthriall an uisce agus tá sé d'aidhm againn dearcadh iomlánaíoch a ghlacadh maidir leis na réitigh is fearr san fhadtéarma a chinneadh.**



Soláthraímid seirbhísí dár gcustaiméirí trí chórais chasta sócmhainní uisce agus fuíolluisce. Cé is moite dár sócmhainní, táimid ag brath ar chórais níos leithne, mar shampla córais hidreolaíocha agus éiceolaíocha na timpeallachta uisce a sholáthraíonn ár bhfoinsí amhuisce agus a ghlacann scaoileadh fuíolluisce cóireáilte. Ionas go mbeimid in ann na réitigh is fearr le haghaidh seirbhísí uisce agus fuíolluisce a chinneadh, tá sé ríthábhachtach mar sin go nglacfaimid dearcadh ar an gcóras trí chéile chugainn féin, seachas déileáil le sraith sócmhainní amháin ar bhealach cúlaigeanta. D'fhéadfadh cur chuige i leith smaointeoireacht chórasach comhoibriú le páirtithe leasmhara eile a chumasú óir uaireanta is féidir lenár réitigh tairbhí iomadúla a sholáthar lena n-áirítear cuspóirí páirtithe leasmhara eile agus vice versa.




Sampla amháin de chás ina gcaithfimid cur chuige i leith smaointeoireacht chórasach a ghlacadh is ea an timthriall uisce uirbigh. Ar na hionchuir sa timthriall uisce uirbigh tá soláthar an uisce phoiblí agus uisce báistí a thiteann ar an dobharcheantar uirbeach. Ar na haschuir ón timthriall uisce uirbigh tá bailiú agus cóireáil fuíolluisce, draenáil agus iompar uisce stoirme agus an tionchar a bhíonn ag sceitheadh ar dhobharlacha glactha. Má bhreithnímid ár sócmhainní uisce agus fuíolluisce, tá siad seo nasctha trínár gcustaiméirí agus mar sin níor cheart dúinn pleanáil a dhéanamh dóibh siúd astu féin. Mar shampla, más féidir glacadh níos leithne le bailiú báistí a bhaint amach, ní hamháin go laghdódh sé seo an t-éileamh ar uisce ach laghdódh sé freisin an t-ualach hidrálach ar na comhlíonraí séarachais agus séarachais stoirme. I dtaca le draenáil, is iondúil go mbíonn freagracht roinnte againn maidir le draenáil na gceantar uirbeach leis na húdaráis áitiúla mar a thuairiscítear i nGníomhaíocht 3.2. Leis an gceanglas nua maidir le Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach, beidh gá le pleanáil chomhtháite le haghaidh draenála

lena n-áirítear na comhlíonraí séarachais agus séarachais stoirme, an fearann poiblí uirbeach agus an timpeallacht thógtha agus dobharlacha glactha. Agus na húdaráis áitiúla i mbun draenáil uirbeach inbhuanaithe atá bunaithe ar an dúlra a chur i bhfeidhm (bonneagar gorm glas) atá i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta, beidh tairbhí dearfacha ag baint leis seo maidir leis an ualach hidrálach a laghdú ar na comhlíonraí séarachais agus séarachais stoirme. Ar an gcuma chéanna, sa chás go n-aithníonn Uisce Éireann draenáil uirbeach inbhuanaithe atá bunaithe ar an dúlra mar réiteach ar shaincheist feidhmíochta séarachais chomhcheangailte, beidh tairbhí níos leithne ag baint leis seo freisin don bhithéagsúlacht, don fholláine agus do cheantair uirbeacha ar fusa cónaí iontu.

Beidh sé d'aidhm againn cur chuige i leith smaointeoireachta chórasach a ghlacadh chugainn féin, lena n-áirítear rannpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara nuair is cuí, maidir leis an bpleanáil dár sócmhainní.

**Pleanáil oiriúnaitheach**  
**Tá cur chuige oiriúnaitheach againn maidir le pleanáil don am atá le teacht ionas gur féidir linn freagairt do threochtaí agus riachtanais a bhíonn ag athrú.**



Tá roinnt éiginnteachtaí ríthábhachtacha le sárú againn go fadtéarmach lena n-áirítear mar shampla cad atá i ndán dúinn ó thaobh athrú aeráide de agus, dá dtiocfadh orainn, an mbeadh fás daonra nach bhfacthas riamh cheana i ndán dúinn mar gheall ar imirce aeráide. Is cur chuige é an phleanáil oiriúnaitheach lena n-aithnítear cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí, lena gcoinnítear súil ar tháscairí treochta cuí agus lena n-aithnítear pointí truícir sna táscairí a mbeadh ina gcúis dúinn ár bplean a oiriúnú don chás dóchúil atá ag teacht chun cinn.

Cé go mbeidh cuid mhór dár bpleanáil agus dár n-infheistíochtaí "saor ó aiféala nó ar bheagán aiféala", i.e. bheadh siad tairbheach faoi cibé cás a d'fhéadfadh tarlú amach anseo, beidh orainn a bheith oiriúnaitheach maidir le cuid dár bpleanáil.



Tá sé d'aidhm againn ár gcumas pleanála ó thaobh oiriúnú de a fhorbairt sa ghearrthearma ionas gur féidir linn an t-ullmhúchán is fearr a dhéanamh do na héiginnteachtaí ríthábhachtacha san fhadtearma.

**Ár gcultúr a fhorbairt, ár ndaoine a chumasú**  
**Tá cultúr sábháilte ilchineálach ionchuimsitheach againn, ina bhfuil cumhacht ag ár ndaoine agus ina ndéanann siad sárobair.**



Anseo ag Uisce Éireann, bíonn réimse leathan spreagúil dúshlán romhainn gach lá. Tá lucht saothair atá éagsúil agus oilte riachtanach do na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus beidh sé riachtanach i gcónaí ionas gur féidir linn déileáil leis na castachtaí agus na neamhchinnteachtaí a bheidh romhainn amhail an t-athrú aeráide agus fás méadaithe an daonra.

Agus sinn ag dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le seirbhísí bunathraitheacha uisce a chur ar fáil, ar seirbhísí iad lena ndéantar pobail

a chumasú ionas gur féidir leo dul ó neart go neart, aithnímid go bhfuil sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh inár ndaoine, agus cultúr eagraíochta atá ag teacht lenár luachanna comhroinnte agus a thacaíonn lenár bhfoireann a chur i bhfeidhm go daingean. Agus sinn ag bunathrú chun feabhais le bheith inár bhfóntas uisce lán-chomhtháite, déanaimid gach iarracht a bheith inár bhfostóir ar a mbeidh an-tóir ag gairmithe seirbhísí uisce atá ag gach céim dá ngairm bheatha, agus a thagann as gach aicme den tsochaí. Táimid tiomanta chun a áirithiú go mbíonn ár bhfostaithe agus ár gcomhpháirtithe go léir slán sábháilte san áit oibre, agus go ndéantar forbairt ar ár gcumas comhchoiteann agus ar ár gcuid scileanna ceannaireachta. Is mór againn scileanna, eolas agus dearcadh uathúil gach uile fhostaí. Anseo in Uisce Éireann, tá ionad oibre againn ina dtacaítear le fás leanúnach, dul chun cinn sa ghairm bheatha, oiliúint agus cláir chúnamh d'fhostaithe. Teastaíonn róil thar raon disciplíní chun seirbhísí inbhuanaithe uisce a sholáthar do phobail ar fud na tíre, lena n-áirítear innealtóireacht, TF, eolaíocht, cumarsáid, oibríochtaí, tógáil, airgeadas agus cuntasaíocht. Cuireann sé sin deiseanna ar fáil do ghairmithe, do cheardaithe

ag gach leibhéal, lena n-áirítear céimithe, printísigh, agus oibríthe oilte chun cur lena bpobail áitiúla agus gairmeacha fiúntacha á bhforbairt acu.

Anseo in Uisce Éireann, táimid tiomanta dár n-ait oibre a dhéanamh níos éagsúla, níos ionchuimsithí agus níos cothroime, agus do dhaoine a chumasú ionas gur féidir leo a bheith ar a nós féin ag an obair. Tacaítear leis seo trínár gclár éagsúlachta agus cuimsithe ibelong. Is féidir linn comhoibriú a spreagadh agus feabhsú leanúnach a bheith againn trí infheistíocht a dhéanamh i gcultúr na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta agus trí infheistíocht a dhéanamh in oiliúint leanúnach.

Déanaimid cinnte de freisin go gcuirtear bearta i bhfeidhm agus go mbíonn acmhainní againn chun sábháilteacht, sláinte agus leas ár bhfostaithe a chinntiú. Baineann sé seo freisin le daoine eile a bhféadfadh tionchar a bheith ag ár n-oibreacha orthu, lena n-áirítear custaiméirí, cuairteoirí agus daoine den phobal. Tá sé de chuspóir againn nach ndéanfaidh ár ngníomhaíochtaí agus sócmhainní aon dochar do dhuine ar bith.




Tá Uisce Éireann meáite ar na cuspóirí atá leagtha amach sa cháipéis seo a bhaint amach, agus is **trí phleanáil láidir, ailíniú straitéiseach, agus tiomantas d'fheabhsú leanúnach** a dhéanfar é sin.

## 9 | Cur chun Feidhme

### 9.1 An tslí a ndéanfaimid ár gcuspóirí a bhaint amach

Leagtar síos in PSSU 2050 an creat uileghabhálach le haghaidh pleananna cur chun feidhme ina dhiaidh sin a bheidh níos mionsonraithe na é. Léirítear i bhFíor 9.1.x an bhaint atá ag an bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce seo (Leibhéal 1) leis na pleananna cur chun feidhme (Leibhéal 2) agus leis na pleanannar a bheidh ann amach anseo (Leibhéal 3) agus léirítear san fhíor sin freisin an bhaint atá acusan leis na beartais agus straitéisí náisiúnta agus áitiúla a áiríodh.

Cé go leagtar amach sa PSSU ár gcuspóirí fadtéarmacha agus ár dtreo straitéiseach taistil chun iad a bhaint amach, soláthraítear níos mó sonraí inár bpleananna Shraith 2 faoin gcaoi a bhfuil sé mar aidhm againn ár gcuspóirí a bhaint amach. Áirítear leis sin ár bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce a dhéanann measúnú ar riachtanais acmhainní uisce reatha agus amach anseo, agus saináithnítear ann réitigh chun gur féidir soláthairtí athléimneacha uisce a chur ar fáil go ceann tréimhse pleanála 25 bliain. Is é ár bplean coibhéseach le haghaidh fuíolluisce ná ár gCreat Straitéise Náisiúnta um Fhuíolluisce agus pleananna comhfhreagracha ag leibhéal ceirtleánaithe.



Fíor 9.1 An gaol atá ag PSSU Shraith 1 seo le Pleananna Straitéiseacha Shraith 2, Straitéisí Tacaíochta agus pleananna cur chun feidhme níos mionsonraithe agus an gaol atá acu le beartais agus straitéisí náisiúnta agus áitiúla.



Chomh maith lenár bpleananna Sraith 2 tá raon straitéisí agus pleananna tacaíochta againn lena n-áirítear, mar shampla, ár bPlean Náisiúnta um Bainistiú Sloda Dramhuisce agus ár bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta. Nuair is gá, déanfar Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chúil ar ár straitéisí agus ar ár bpleananna, agus beidh comhairliúchán poiblí mar chuid den phróiseas sin.

Tá an PSSU mar aon lenár bpleananna Shraith 2 agus straitéisí tacaíochta mar bhonn lenár bpleananna, lena n-áirítear tionscadail agus cláir chaipitiúla, a ullmhaímid do gach tréimhse rialaithe rialála, a mhaireann 5 bliana de ghnáth. Toisc go sáróidh na riachtanais infheistíochta ar fud an bhoinn sócmhainní i gcónaí an maoiniú atá ar fáil (go ceann i bhfad), déantar tosaíocht mar chuid den phróiseas pleanála infheistíochta chun ailíniú le tosaíochtaí an Rialtais mar atá leagtha amach sa Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce a áirithiú (RBSU).

Faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2017, ullmhaíonn an tAire Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce a leagann amach cuspóirí beartais agus tosaíochtaí an Rialtais maidir le soláthar seirbhísí uisce don tréimhse a shonraítear sa ráiteas. Clúdaíonn an RBSU reatha an tréimhse ó 2024 go 2030. Ullmhaíonn Uisce Éireann Plean Maoinithe Straitéiseach ansin ina leagtar amach an clúdach maoinithe a mheasaimid a bheith riachtanach don tréimhse rialaithe rialála ina dhiaidh sin. Tar éis don Aire an Plean Maoinithe

Straitéiseach a fhaomhadh, ullmhaímid ár n-aighneachtaí rialála ansin, lena n-áirítear an Plean Infheistíochta le cur faoi bhráid an CRF. Agus ár bPlean Infheistíochta á ullmhú, ní mór dúinn dul i gcomhairle leis an GCC, leis na tionóil réigiúnacha agus leis na húdaráis phleanála áitiúla. Ansin déanaimid an Plean Infheistíochta a thabhairt chun críche le cur faoi bhráid an CRF agus déanann an CRF comhairliúchán poiblí ar an bplean, sula socraítear an t-ioncam ceadaithe do Uisce Éireann.

Mar chuid dár dtiomantas maidir le feabhsúchán leanúnach a bhaint amach, tá ár n-acmhainn phleanála infheistíochta sócmhainne á forbairt againn trí aistriú chuig cur chuige bunaithe ar chóras fiontair a chumasóidh comhsheasmhacht sonraí infheistíochta agus gabháil riachtanas, cumas samhaltaithe cásanna agus an cumas freagairt go héifeachtach do thosaíochtaí agus do dhúshláin athraitheacha. Leagfar amach freisin an obair uasghrádaithe agus chothabhála go léir atá beartaithe i bPleananna Bainistíochta Sócmhainní do gach sócmhainn chun comhordú níos fearr a chumasú maidir le saolré iomlán na sócmhainne a bhainistiú.

## 9.2 An tslí a ndéanfaimid dul chun cinn a mheas

Tá Uisce Éireann faoi réir monatóireacht agus tomhas críochnúil chun ár bhfeidhmíocht a mheas agus chun a chinntiú go mbeimid i gcónaí freagrach do chustaiméirí agus páirtithe leasmhara.



Déanann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta monatóireacht ar fheidhmíocht san earnáil uisce i gcoitinne, lena n-áirítear feidhmíocht Uisce Éireann. Tá dhá rialálaí ar leith ann a dhéanann Uisce Éireann a rialáil. Is é an Coimisiún um Rialáil Fónais (CRF) ár rialálaí eacnamaíoch, agus is iad a dhéanann maoirseacht ar ár gcaiteachas oibríochtúil agus infheistíocht chaipitil. Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) an rialálaí timpeallachta atá againn.

Mar chuid den phróiseas rialála, déanaimid tuairisciú rialta don CRF ar phríomh-mhéadracht i roinnt catagóirí amhail Seirbhís do Chustaiméirí, Feidhmíocht Timpeallachta, Cáilíocht an tSoláthair Uisce, Seasmhacht an tSoláthair Uisce agus i gcatagóirí eile nach iad.

Chomh maith leis sin, mar chuid den timthriall rialála, tá ár bPlean Infheistíochta Caipitil atá beartaithe faoi réir próiseas reachtúil rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara arna dhéanamh ag Uisce Éireann, agus faoi réir próiseas comhairliúcháin phoiblí arna dhéanamh ag an CRF. Déanaimid tuairisciú freisin ar an dul chun cinn atá déanta ar ár bPlean Infheistíochta Caipitil le linn gach timthrialla rialála thar raon méadrachta. Ansin, foilsíonn an CRF tuarascálacha ar an measúnacht a dhéanann sé ar ár bhfeidhmíocht.

Is é an GCC an rialálaí timpeallachta, agus cinntíonn sé go gcloímid le caighdeán uisce óil agus fuíolluisce de réir mar is cuí. Bímid i dteagmháil ar bhonn rialta leis an GCC agus

cuirimid tuarascálacha faoina bhráid ar bhonn rialta. Foilsíonn an GCC tuarascáil bhliantúil ar “Cáilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí” agus an Liosta Gníomhaíochta Feabhais, ar clár de sholáthairtí uisce poiblí é a bhfuil gá le gníomh ceartaitheach a dhéanamh ina leith. Foilsíonn an GCC tuarascáil bhliantúil freisin ar “Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh” agus liosta de na Limistéir Uirbeacha Tosaíochta, ar liosta de limistéir thosaíochta é nach mór cóireáil fuíolluisce a fheabhsú iontu chun tosaíochtaí náisiúnta comhshaoil a réiteach.

Chomh maith le tuairisciú rialála, déantar ár bhfeidhmíocht a dhoiciméadú inár dtuarascáil bhliantúil. Tugtar sa tuarascáil sin léargas ar fheidhmíocht na heagraíochta i gcoinne meadarachtaí seanbhunaithe. In 2026, áireofar leis sin an chéad tuairisciú faoin Treoir um Inbhuanaitheacht Chorporáideach (AE 2022/2464) (‘CSRD’), don bhliain airgeadais 2025. Éilíonn an CSRD ar chuideachtaí faisnéis a sholáthar ar an gcaoi a dtéann cúrsaí inbhuanaitheachta i bhfeidhm ar an gcuideachta, agus ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí na cuideachta ar an timpeallacht agus ar dhaoine.

### 9.3 Monatóireacht ar an timpeallacht

Tá plean monatóireachta ag teastáil faoi na rialacháin um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) chun bunús a sholáthar d’fhonn iarmhairtí suntasacha timpeallachta a shainiú agus gníomhaíochtaí sonracha faoi PSSU 2050 á gcur i bhfeidhm. Tá sé seo ag teastáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionchair PSSU 2050 atá tuartha ag an MST

agus chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an leor na bearta maolaithe agus feabhsaithe atá molta chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní comhshaoil a sainiú agus freisin ar cibé acu an féidir torthaí tairbhiúla a thacaíonn le cuspóirí MST a bhaint amach.

Cuirtear an Dréachtphlean Monatóireachta ar fáil i dTábla 9.2 den Tuarascáil Timpeallachta MST agus tabharfar cothrom le dáta é tar éis comhairliúcháin ar an Dréacht-PSSU 2050 seo agus ar an Tuarascáil Timpeallachta. Beidh sé mar chuid den ráiteas MST a fhoilseofar leis an PSSU 2050 Deiridh.

Comhtháthófar an mhonatóireacht MST isteach i gcreat monatóireachta foriomlán PSSU 2050 chun a áirithiú go ndéantar measúnú ar chúrsaí timpeallachta in éineacht le príomhbhearta feidhmíochta eile. Is éard a bheidh i gceist leis an bpróiseas seo ná measúnú a dhéanamh ar thionchair timpeallachta chur i bhfeidhm an phlean, le fócas ar inbhuanaitheacht na seirbhísí uisce agus ar chosaint na n-éiceachóras, sliogéisc agus uiscí snámha ó dhoirteadh fuíolluisce. Cuirfidh na torthaí ó mhonatóireacht MST leis na hathbhreithnithe a dhéantar gach cúig bliana ar an PSSU, chomh maith leis na hoibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta bliantúla faoin Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corporáidí (CSRD). Áiritheofar leis sin go bhfreagróidh an plean i gcónaí do reachtaíocht chomhshaoil agus dár dtiomantas do chosaint an chomhshaoil agus do mhaolú agus oiriúnú don athrú aeráide.



Is doiciméad  
ríthábhachtach  
é PSSU 2050 **ina**  
**leagtar amach an**  
**tslí a ndéanfar**  
**seirbhísí uisce**  
**poiblí a sholáthar**  
**in Éirinn.**

## 10 | Athbhreithniú agus Nuashonrú

### Is doiciméad ríthábhachtach é PSSU 2050 ina leagtar amach an tslí a ndéanfar seirbhísí uisce poiblí a sholáthar in Éirinn. Is ann a dhéantar an bealach a réiteach le haghaidh uisce óil sábháilte a sholáthar agus le haghaidh an timpeallacht a chosaint ar sceitheadh fuíolluisce.

Déanfar athbhreithniú ar bhonn rialta ar an PSSU, gach cúig bliana ar a laghad, de réir mar a éilítear sa reachtaíocht. Cuirfidh na hathbhreithnithe seo ar ár gcumas dul i ngleic le cúinsí de réir mar a thagann athruithe orthu agus dul i ngleic le riachtanais a bhíonn ag athrú i rith an ama. Cuirfidh athruithe ar reachtaíocht agus ar bheartas an rialtais a bhaineann le seirbhísí uisce agus faisnéis níos fearr bonn eolais faoi nuashonruithe ar an PSSU, go háirithe maidir le feidhmíocht sócmhainní, déimeagrafaic, agus athrú aeráide.

Meastar go mbeidh tionchar ag na dúshlán atá leagtha amach i gCuid 2 den phlean reatha ar ár spriocanna agus ar ár gcuipóirí. Tá fás daonra, iarmhairtí an athraithe aeráide, agus dul chun cinn teicneolaíochta i measc na ndúshlán sin. Leanfaimid de mhonatóireacht a dhéanamh ar na tosca sin agus de dhul chun cinn a sheiceáil i gcoinne gach gníomhaíochta. Tacóidh

monatóireacht rialta ar an bplean le cur chuige oiriúnaitheach maidir le roghanna sonracha a roghnú faoi gach gníomhaíocht le linn chur chun feidhme an phlean.

Úsáidfean an measúnú gach cúig bliana chun a sheiceáil go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i dtreo cuspóirí PSSU 2050 a bhaint amach trí chur i bhfeidhm. Má aimsíonn an measúnú gach cúig bliana go mb'fhéidir nach mbainfí amach cuspóirí PSSU 2050 agus/nó go bhfuil gá le cur chuige nua chun freastal ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce atá slán, sábháilte agus iontaofa d'Éirinn, déanfar gníomhartha sa straitéis a nuashonrú de réir mar is gá. Nuair a bheidh gá le hathrú ar PSSU 2050, déanfaimid meastóireacht air maidir le tionchar timpeallachta de réir rialachán MST agus MC. Tá comhairliúchán leis an GCC agus le ranna rialtais mar chuid den phróiseas seo, mar atá sainordaithe ag rialachán an AE. Má mheastar go mbíonn tionchar suntasach ag an athrú ar an timpeallacht, déanfar Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST). Ina theannta sin, déanfar Measúnacht Chuí (MC) más rud é go bhféadfadh an t-athrú difear suntasach a dhéanamh do láithreáin Eorpacha, seachas sa chás go bhfuil sé riachtanach chun láithreáin a bhainistiú agus nach féidir aon éifeachtaí suntasacha a chur as an áireamh go heolaíoch.

Leagfar amach i gcónaí sa PSSU na cuspóirí straitéiseacha a bhfuil gá leo chun seirbhísí uisce éifeachtúla éifeachtacha a chur ar fáil. Tá rún daingean againn i gcónaí seirbhísí uisce d'ardchaighdeán a chur ar fáil agus an timpeallacht a chosaint ag an am céanna.

Ní rud seasta é an PSSU; déantar athruithe air de réir mar a thagann athruithe ar riachtanais in Éirinn. Cinntimid, trí uasdátú rialta a dhéanamh ar an bplean seo, go mbíonn ár seirbhísí uisce ag teacht leis an dea-chleachtas, go gcloítear leis na ceanglais dhlíthiúla a bhaineann leo agus go gcuirtear an tírdhreach a bhíonn ag síorathrú san áireamh.

### Chun tuilleadh fiosruithe a dhéanamh nó chun aiseolas a fháil, déan teagmháil linn ag:

**Ríomhphost:** [wssp@water.ie](mailto:wssp@water.ie)

**Post:** An Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce, Uisce Éireann, P.O. Oifig Poist 13216, Gleann na gCaorach, Co. Bhaile Átha Cliath

**Saorghlao:** 1800 46 36 76

Is éard atá i gceist leis an bpróiseas MST ná measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ar **an timpeallacht mar thoradh ar chur chun feidhme PSSU 2050 agus roghanna réasúnta eile a mheas chun gur féidir na cuspóirí céanna a bhaint amach.**



## Aguisín A | Comhthéacs Reachtaíochta

Gníomhaímid i gcomhréir leis na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce, 2007 go 2022. Baineann tábhacht ar leith leis na hachtanna seo a leanas maidir lenár PSSU a ullmhú.

### An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh.2), 2013

Ní mór PSSU a ullmhú i gcomhréir leis an Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 (arna leasú) (An tAcht um Sheirbhísí Uisce).

Ní mór cuspóirí Uisce Éireann thar thréimhse 25 bliain a lua ann chomh maith leis na modhanna atá beartaithe aige chun na cuspóirí sin a bhaint amach, lena n-áirítear maidir leis na nithe seo leanas:

- Caighdeán an uisce óil.
- Rioscaí do shláinte an duine nó don timpeallacht a chosc nó a mhaolú i gcás rioscaí a bhaineann le seirbhísí uisce a sholáthar.
- An t-éileamh reatha agus an t-éileamh réamh-mheasta ar sheirbhísí uisce.
- Socruithe reatha agus socruithe beartaithe i dtaca le soláthar seirbhísí uisce.
- Easnaimh reatha nó easnaimh réasúnta intuartha ar sholáthar seirbhísí uisce.

- Bearta reatha agus bearta beartaithe a bhaineann le caomhnú uisce.
- Bainistíocht ar réadmhaoin Uisce Éireann.

Leis an Acht um Sheirbhísí Uisce, ní mór dúinn go rachfar i gcomhairle leis An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, gach údarás áitiúil agus gach comhlacht réigiúnach roimh ullmhú PSSU nua. Deirtear sa reachtaíocht freisin go mbeidh an PSSU chomhsheasmhach chomh fada agus is praiticiúil maidir le:

- An Creat Náisiúnta Pleanála.
- Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha.
- Aon phlean bainistíochta abhantraí a bheidh i bhfeidhm ag an am.

Ní mór aird mar is cuí a thabhairt san PSSU ar phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe, i measc nithe eile, ar leibhéal an chontae agus leibhéal áitiúil. Baineann na treoracha seo a leanas leis chomh maith; an Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta <sup>3</sup>(MST), An Treoir maidir le hÉin<sup>4</sup> agus an Treoir maidir le Gnáthóga<sup>5</sup>.

### Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Is éard atá i gceist leis an bpróiseas MST ná measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ar an timpeallacht mar thoradh ar chur chun feidhme PSSU 2050 agus roghanna réasúnta eile a mheas chun gur féidir na cuspóirí céanna a bhaint amach. Áirítear na hiarmhairtí comhcheangailte agus carnacha a bheadh mar thoradh ar PSSU 2050 as féin agus in éineacht le pleananna agus cláir eile mar chuid den mheasúnú freisin. Is é an chéad chéim sa phróiseas MST ná céim an scagtha, rud a dhéantar chun a fháil amach an gá MST a dhéanamh. Cinneadh (faoi mar atá leagtha amach sa Doiciméad Scagtha<sup>6</sup> maidir le MST) gur cineál plean é PSSU 2050 a mbaineann Treoir MST/ Rialacháin MST leis, agus dá bhrí sin, go bhfuil sé éigeantach MST a dhéanamh air. Tugadh PSSU 2050 ar aghaidh, dá bhrí sin, chuig céim Scóipe an MST agus comhairliúchán reachtúil leis na húdaráis timpeallachta ainmnithe.

<sup>3</sup> Treoir 2001/42/CE ón gComhairle

<sup>4</sup> Treoir 2009/147/CE ón gComhairle

<sup>5</sup> Treoir 92/43/CEE ón gComhairle

<sup>6</sup> I gceangal leis an Tuarascáil Scóipeála MST, <https://www.water.ie/projects/strategic-plans/water-services-strategic/>

Déantar sonraí bonnlíne a chur i dtoll a chéile agus a chur ar fáil sa chéim reatha seo, déantar saincheisteanna ábhartha timpeallachta a shainnithint agus leagtar raon feidhme an MST amach chun críche an chomhairliúcháin. Trasuítear an Treoir MST in Éirinn faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) 2004, arna leasú (na Rialacháin MST). Agus Rialacháin MST<sup>7</sup> trasuite i ndlí na tíre anois, tá riachtanais shonracha leagtha amach le haghaidh comhairliúcháin le húdaráis timpeallachta ag an gcéim scoipeála den phróiseas MST. Bhí an staidéar scoipeála agus freagraí comhairliúcháin bainteacha mar bhonn eolais don Tuarascáil Timpeallachta MST atá á foilsiú taobh lenár dréacht PSSU 2050. Ullmhaítear an Tuarascáil Timpeallachta MST i gcomhar leis an dréacht PSSU 2050.

### Measúnacht Chuí

Ní mór PSSU 2050 a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Treoir maidir le MST, agus chomh maith leis sin, ní mór é sin a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach sa Treoir maidir le Gnáthóga agus sa Treoir maidir le hÉin. Rinneadh na teoracha seo a thrasú i ndlí na hÉireann leis an Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 (arna leasú)

agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011) (arna leasú) (na Rialacháin maidir le Gnáthóga).

Éilítear faoin Treoir maidir le Gnáthóga go ndéantar Measúnacht Chuí (MC) sa chás go meastar go mbeidh iarmhairt shuntasach ag plean, beartas nó clár ar láithreán Eorpach amháin nó níos mó (is é sin, Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS (Caomhnú)) nó Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LCS (Cosaint)), dá ngairtear Líonra “Natura 2000” freisin), cé acu ina aonar nó in éineacht le scéimeanna, pleananna nó tionscadail eile.

An chéad chéim i bpróiseas an MC ná tabhairt faoi scagadh MC. Is éard atá i gceist le scagadh MC ná an réamh-mheasúnú ar phlean nó tionscadal, de réir faisnéis eolaíochta, chun a fháil amach an bhfuil aon seans ann go bhféadfadh iarmhairtí shuntasacha a bheith ag an bplean nó tionscadal ina aonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile ar láithreán Eorpach i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an láithreáin sin. Má chinneann an scagadh nach féidir é seo a chur as an áireamh, ní mór d’Uisce Éireann a chinneadh go bhfuil MC riachtanach.

I bhfianaise luathchéimeanna an PSSU 2050, meastar nach féidir an poitéinseal le haghaidh iarmhairtí suntasacha dóchúla ar láithreán Eorpach amháin nó níos mó a chur as an áireamh, i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe na láithreán sin. Tá gach láithreán Eorpach i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann curtha san áireamh le haghaidh scagtha ag an gcéim luath seo den phróiseas MC. Dá bhrí sin, de réir Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga, tá Céim 2 den MC ar an PSSU 2050 ag teastáil. Cuirfear é seo ar fáil i Ráiteas Tionchair Natura (RTN) in éineacht le dréacht PSSU 2050 d’fhonn bonn eolais a chur faoin MC atá dhéanfaidh Uisce Éireann.

<sup>7</sup> Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe), 2004 (I.R. Uimh. 435 de 2004) arna leasú


## Aguisín B | An tionchar a bhí ag na próisis MST agus MC ar ár nDréacht-PSSU

### B.1 Comhairliúchán poiblí

Rinneadh an PSSU 2050, Tuarascáil Timpeallachta MST agus MC / RTN a fhorbairt go comhthreomhar trí phróiseas atriallach agus céimnithe, le comhairliúchán i ngach céim, mar a leagtar amach i dTábla B-1. Léirítear i bhFíor B-1 na naisc i bpróiseas forbartha na ndoiciméid seo.

	Pleananna/ Tuarascálacha	Comhairliúchán
CÉIM 1	<b>Páipéar Saincheisteanna, Tuarascáil Scóipeála MST, Tuarascáil Scagtha MC</b>	Comhairliúchán le páirtithe leasmhara lena n-áirítear na húdaráis timpeallachta atá sonraithe sna Rialacháin maidir le MST, na páirtithe leasmhara a dtagraítear dóibh in alt 33(2) den Acht um Sheirbhís Uisce (Uimh. 2), 2013 (arna leasú) agus údaráis timpeallachta Thuaisceart Éireann. <b>Tá an comhairliúchán seo curtha i gcrích anois.</b>
CÉIM 2	<b>Dréacht PSSU 2050, Tuarascáil Timpeallachta MST, Ráiteas Tionchair Natura</b>	Comhairliúchán poiblí agus páirtithe leasmhara reachtúla.
CÉIM 3	<b>PSSU Deiridh 2050, Ráiteas MST, Aguisín a ghabhann le Ráiteas Tionchair Natura (más gá) agus Cinneadh MC</b>	Pleananna/Tuarascálacha nuashonraithe chun aghaidh a thabhairt ar aiseolas comhairliúcháin.

Tábla B-1 Céimeanna oibre agus comhairliúcháin le linn fhorbairt PSSU 2050



Fíor B-1 Forbairt PSSU 2050 leis na Measúnachtaí Timpeallachta



## Comhairliúchán 1

Tá Comhairliúchán 1 bunaithe ar ár bPáipéar Saincheisteanna, Tuarascáil Scóipeála MST agus Scagadh MC. Bhí an comhairliúchán sin ar siúl ar feadh ocht seachtaine ón 19 Meán Fómhair go dtí an 17 Samhain 2023. Rinne Uisce Éireann teagmháil díreach le príomhpháirtithe leasmhara reachtúla agus rialála le linn na tréimhse comhairliúcháin seo. Déantar achoimre sa Pháipéar Saincheisteanna ar na príomhdhúshláin a mbeidh tionchar acu ar ár n-eagraíocht agus ar na seirbhísí a chuirfimid ar fáil d'ár gcustaiméirí idir seo agus 2050. Chuidigh na dúshláin a aithníodh sa Pháipéar Saincheisteanna, mar aon leis na freagraí comhairliúcháin a fuairamar ónár bpáirtithe leasmhara i gComhairliúchán 1 linn chun na cuspóirí fadtéarmacha atá curtha i láthair againn sa dréacht PSSU 2050 a shainiú.

Leagtar amach i gCuid 3.1 agus Foscríbhinn A den Tuarascáil Timpeallachta MST conas ar cuireadh na freagraí comhairliúcháin ar na staidéir timpeallachta san áireamh in ullmhú na tuarascála timpeallachta. Tugann Foscríbhinn C den tuarascáil seo cur síos ar conas a bhí tionchar ag na freagraí comhairliúcháin ar ár ndrúacht PSSU.

## Comhairliúchán 2

I gComhairliúchán 2 cuirimid ár ndrúacht PSSU 2050 agus an Tuarascáil Timpeallachta MST ghaolmhar agus RTN i láthair. Beidh an

comhairliúchán ar siúl ón 21 Bealtaine 2024 go dtí 29 Iúil 2024. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gcomhairliúchán seo ar fail inár mBroisiúr PSSU 2050 atá foilsithe taobh lenár ndrúacht PSSU 2050.

## B.2 Measúnú ar roghanna malartacha

Maidir leis an bpróiseas atriallach a ghlacamar chun ár ndrúacht PSSU 2050 a fhorbairt agus a bheachtú, bhí sraith ceardlanna inmheánacha i gceist, le réimse rannóga ar fud na heagraíochta a bheidh freagrach as an bplean a chur i bhfeidhm. Bhí na seisiún rithábhachtach chun ár gcuspóirí straitéiseacha agus aidhmeanna a fhorbairt agus na bearta riachtanacha chun iad a bhaint amach. Anuas air seo, éilítear leis an MST go ndéantar roghanna malartacha a fhiosrú chun slite éagsúla a shainiú chun cuspóirí an phlean a sholáthar agus ag dul i ngleic le saincheisteanna timpeallachta ag an am céanna. Rinne ár bhfoireann pleanála a thuilleadh ceardlanna a réachtáil lenár bhfoirne inmheánacha agus leis an bhfoireann MST chun tástáil a dhéanamh ar gach bearta molta a forbraíodh tríd ár gceardlanna tosaigh, i gcoinne na ceisteanna seo a leanas:

- **An féidir linn leanúint** leis an gcur chuige reatha Gnó mar is gnách (BAU) bunaithe ar an gcleachtas reatha?
- **An féidir linn níos lú a dhéanamh** agus ár gceanglais rialála agus reachtaíochta a bhaint amach fós?

- **An féidir linn níos mó a dhéanamh**, agus ag dul thar na beartais molta chun cuspóirí a bhaint amach níos tapúla nó imeacht níos faide?
- **An féidir linn rudaí a dhéanamh go difriúil** chun ár gcuspóirí a bhaint amach? Mar shampla, cur chuige inghlactha ag cuideachtaí eile a chur san áireamh.

Agus ár PSSU reatha foilsithe sa bhliain 2015, aithnítear go bhfuil go bhfuil ár gcur chuige tar éis forbairt de bharr reachtaíocht nua, athruithe beartais agus dúshláin atá ag teach chun cinn. Is réamhobair iad na tionscnaimh ar cuireadh tús leo i ndiaidh 2015, amhail An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce agus pleananna agus cláir nua eile, le haghaidh na bearta molta inár ndrúacht PSSU 2050.

In go leor cásanna, déantar contanam a bhunú a leathnaíonn ó idirghabháil íosta go cás 'gnó mar is gnách' ina bhfuil cleachtais reatha mar chuid de agus a d'fhéadfadh a chur chun cinn níos mó chun a bheith ag teacht le haidhmeanna agus spriocanna an dréacht PSSU 2050.

Rinneamar measúnú ar na roghanna malartacha ar dtús trí féachaint chuige an bhféadfaidís a bheith ina roghanna réasúnacha chun cuspóirí an phlean a bhaint amach. Níor thógadh an rogha 'níos lú a dhéanamh' níos faide mar ba mhinic a cuireadh i láthair é mar chéim siar ón gcur chuige 'gnó mar is gnách' agus ní bhainfeadh sé amach na cuspóirí.

Tá gealladh níos mó i gceist leis na bearta níos uailmhianaí agus níos nuai agus chuidigh siad chun na bearta PSSU 2050 a bheachtú trí phlé atriallach. Níor measadh go raibh roinnt bearta indhéanta gan na bearta PSSU 2050 molta a chur i bhfeidhm agus a leabú ar dtús, nó ar chúiseanna eile, amhail na beartais ag brath ar pháirtithe leasmhara chun iad a thabhairt chun cinn. Aithníodh leis an bpróiseas bearta a bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh orthu i leaganacha eile den phlean amach anseo.

Aithníodh cúig rogha malartach:

- **Rogha Mhalartach 0: An méid is lú a dhéanamh** maidir le bearta, áit a bhféadfaí ceanglais reachtaíochta reatha a bhaint amach.
- **Rogha Mhalartach 1: BAU:** Leanúint leis an gcur chuige reatha - pleananna reatha a chur i bhfeidhm agus ceanglais reachtaíochta a bheadh i gceist.
- **Rogha Mhalartach 2: PSSU 2050:** An cur chuige molta sa PSSU 2050 chun cuspóirí an phlean a bhaint amach - ag cur leis na bearta BAU (BAU+)
- **Rogha Mhalartach 3: PSSU 2050 +:** Níos mó a dhéanamh, nó spriocanna a bhaint amach níos tapúla ná an PSSU 2050 atá beartaithe.
- **Rogha Mhalartach 4: Éagsúil:** Cur chuige difriúil le PSSU 2050 atá beartaithe a ghlacadh

Sainmhíníodh na roghanna malartacha do gach gníomhaíocht agus i gcás nár sainithníodh aon rogha réasúnta eile rinneadh é sin a thaifeadadh freisin. Tá achoimre déanta i gcodanna 7.2 go 7.6 ar an measúnú a rinneadh de réir na gculpóirí MST faoi gach ceann de na ceithre chuspóirí PSSU 2050. Ina measc seo tá táblaí measúnaithe do gach gníomhaíocht i gcoinne na gculpóirí MST

## Aguisín C | An tionchar a bhí ag Comhairliúchán a hAon maidir lenár bPáipéar Saincheisteanna ar ár nDréacht-PSSU

### C.1 Réamheolas

#### PSSU 2050 Páipéar Saincheisteanna

Is é an Plean Straitéiseach um Sheirbhís Uisce 2050 (PSSU) ár bplean fadtéarmach ina leagtar amach ár gcuspóirí don 25 bliana amach romhainn agus aithnítear straitéiseacha ann chun na spriocanna seo a bhaint amach. D'fhoilsíomar an chéad PSSU sa bhliain 2015, chlúdaigh sé an tréimhse 2015 go 2040. Clúdóidh an PSSU nua an tréimhse ó 2025 go 2050. Leis an PSSU, cinnteofar soláthar sábháilte agus iontaofa uisce agus caomhnú ár gcomhshaol i gcomhthéacs na ndúshlán is práinní atá romhainn sa lá atá inniu ann agus amach romhainn, lena n-áirítear athrú aeráide, agus daonra na hÉireann atá ag fás go tapa.

Sa chéad chéim d'fhorbairt an dréacht PSSU 2050, chruthaíomar Páipéar Saincheisteanna a thug achoimre ar na deiseanna agus na bagairtí a bhfuil tionchar acu ar ár n-eagraíocht agus a bhfuil tionchar acu ar na seirbhísí a sholáthraímid d'ár gcustaiméirí. Bhí na saincheisteanna a d'aithníomar mar bhonn eolais d'ár gcuspóirí straitéiseacha agus chuidigh siad linn an treo a ghlacfaímid agus a leagadh amach chun uisce sábháilte agus iontaofa a chinntiú d'ár gcustaiméirí, draenáil atá athléimneach i dtaobh

aeráide a bhaint amach d'ár gcathracha agus bailte a dhéanann ár timpeallacht uisce a chaomhnú freisin agus seirbhísí inbhuanaithe a sholáthar chun tacú le sláinte agus folláine ár bpobail.

#### Comhairliúchán maidir leis an bPáipéar Saincheisteanna

Tharla Comhairliúchán maidir leis an bPáipéar Saincheisteanna leis na príomhpháirtithe leasmhara rialála agus reachtúla, agus Údaráis Timpeallachta.

Bhí sé mar aidhm ag an gcomhairliúchán seo an méid seo a leanas a dhéanamh:

- teagmháil a thosú leis na príomhpháirtithe leasmhara rialála agus reachtúla an phlean;
- deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt ag luathchéim forbartha an PSSU 2050.
- Comhthéacs an chomhairliúcháin maidir le dréacht PSSU 2050 a chumadh agus aon ábhar imní féideartha a shainaithint ar ghá dul i ngleic leo sa dréacht PSSU 2050 agus tuarascálacha timpeallachta bainteacha.

Soláthraíodh an Tuarascáil Scóipeála MST agus an Tuarascáil um Scagadh MC do gach páirtí leasmhar reachtúil i gcomhréir le ceanglais comhairliúcháin na Rialacháin MST agus na Rialacháin Éin agus Gnáthóga. Ainneoin nach bhfuil sé forordaithe faoi Rialacháin MST, áirímid an Coimisiún um Rialáil Fónais (CRF) de bharr an leibhéal teagmhála a cheanglaítear lenár Rialálaí Geilleagrach agus An Fóram Uisce (AFU) de bharr a gcuid feidhmeanna faoin Acht um Sheirbhís Uisce, 2017.

Bhí an comhairliúchán ar siúl ar feadh ocht seachtaine ón 19 Meán Fómhair 2023 go dtí an 17 Samhain 2023.

Sa tuarascáil seo, déantar achoimre ar na freagraí ábhartha don Páipéar Saincheisteanna PSSU 2050 amháin. Pléitear le haiseolas sonrath ar an Scóipeáil MST agus Scagthástáil MC leis féin sa Tuarascáil Timpeallachta MST agus Measúnacht Tionchair Nádúrtha a fhoilsítear leis an dréacht PSSU 2050.

### Ceisteanna Comhairliúcháin

Chlúdaigh an comhairliúchán ar an bPáipéar Saincheisteanna na trí príomhréimse seo a leanas:

- Príomh-shaincheisteanna
- Téamaí atá ag teacht chun cinn don PSSU 2050
- Cur chuige maidir le pleanáil fhadtéarmach

Chun cabhrú le páirtithe leasmhara aighneacht a dhéanamh maidir leis an gcomhairliúchán Páipéar Saincheisteanna, d'iarramar aiseolas ar na ceisteanna comhairliúcháin seo a leanas thar na réimsí seo.

# Ceiste	Sonraí
1	An aontaíonn tú leis na príomhcheisteanna atá aitheanta againn?
2	Cad iad na príomhcheisteanna eile ar cheart dúinn machnamh a dhéanamh orthu?
3	An aontaíonn tú leis an gcur chuige don phleanáil fhadtéarmach atá aitheanta againn?
4	Cad iad na cineálacha cur chuige eile ar chóir dúinn machnamh a dhéanamh orthu?
5	Cad iad na samplaí dea-chleachtais maidir le pleanáil fhadtéarmach a bhféadfaimis foghlaim uathu?
6	An aontaíonn tú lenár smaointe tosaigh ar na téamaí don PSSU 2050?
7	Cad iad na téamaí eile ar cheart dúinn machnamh a dhéanamh orthu?
8	Cén chaoi ar mhaith leat a bheith páirteach i bhforbairt PSSU 2050?

### Idirchaidreamh

Ghlac Údarás Timpeallachta páirt i gceardlann comhairliúcháin ar an Máirt 17 Deireadh Fómhair 2023. D'fhreastail ionadaithe ón GCC, SPNF, DEARA, agus An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar an gceardlann. Bhí cruinniú faisnéise ar líne leis an CRF ar siúl ar an gCéadaoin, 18 Deireadh Fómhair 2023.

Sheolamar fógraí ríomhphoist go dtí na páirtithe leasmhara ábhartha don chomhairliúchán seo, ina raibh sonraí maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin agus conas aiseolas a thabhairt. Bhí doiciméid comhairliúcháin ar fáil freisin ag <https://www.water.ie/projects/strategic-plans/water-services-strategic/> chun tagairt a dhéanamh dóibh.

### C.2 Forbhreithniú aighneachta Aighneachtaí a fuarthas

Fuaireamar naoi n-aighneacht (tá liosta díbh in larscríbhinn 1) mar fhreagra ar an gcomhairliúchán maidir leis an bPáipéar Saincheisteanna. Déantar achoimre ar chatagóir an pháirtí leasmhair i Table 2 1. Rinne cuid de na haighneachtaí seo tráchtairacht freisin maidir leis na tuarascálacha gaolmhara Scóipáil MST agus Scagadh MC.

Catagóir Páirtithe Leasmhara	Líon na n-aighneachtaí
Údarás Comhshaoil	3
Údarás Áitiúil	1
Tionól Réigiúnach	1
Páirtí Leasmhar Rialáil/Reachtúil	2
Páirtí Leasmhar a bhfuil suim acu	2

Tábla C-1 Ionadaíocht Páirtithe Leasmhara

### Achoimre Aighneachtaí - PSSU 2050 Páipéar Saincheisteanna

Is forbhreithniú ard leibhéal é an achoimre seo maidir leis na príomhthopaicí ó na haighneachtaí comhairliúcháin thar na trí príomhréimse a rinneadh comhairliúcháin orthu. Tá ár bhfreagra leagtha amach againn maidir leis na topaicí seo agus nuair is cuí, rinneamar cur síos ar an tionchar a bhí ag an gcomhairliúchán ar an dréacht PSSU 2050.

Ar an iomlán, d'aontaigh páirtithe leasmhara leis na seacht saincheist agus ceithre théama a cuireadh i láthair sa Pháipéar Saincheisteanna agus measadh go raibh siad 'cuimsitheach agus ábhartha don chás in Éirinn faoi láthair'. Bhí tacaíocht ann don méid seo a leanas:

- an cur chuige pleanála oiriúnaitheach chun freagairt ar dhúshlán an athraithe aeráide a chinntiú;

- tiomantas do chur chuige comhoibríoch maidir le hobair lenár gcustaiméirí agus lenár bpobail, thar earnálacha agus le páirtithe leasmhara iolracha chun meas a chothú ar luach uisce, spreagadh a thabhairt d'athrú iompair agus tairbhí níos leithne a sholáthar don tsochaí;
- an fócas ar phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh a neadú i seachadadh seirbhísí uisce;
- infheistíocht mhéadaithe i réitigh agus teicneolaíocht uisce cliste;
- tiomantas chun an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú chun tacú le héiceachórais agus pobail agus béim ar bhainistiú fuíolluisce agus uisce stoirme mar chuid de chur chuige Bainistíochta Uisce Uirbeach Comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an truailithe.

Thug na geallsealbhóirí chun suntais nár tugadh aghaidh go leor ar na hábhair seo a leanas sa Pháipéar Saincheistanna:

- ní áirítear sa phlé ar phríomh-shaincheist an athraithe aeráide go leor sonraí ar an tionchar a bhíonn ag ardú teochta, ag laghdú frasaíochta, agus ag ardú leibhéil na farraige ar sheirbhísí uisce;
- ba cheart slándáil bia a mheas i gcomhthéacs an athraithe aeráide, an fháis ar an daonra, sláinte na hitreach agus cáilíocht an uisce;
- is breithniú tábhachtach é athléimneacht triomach d'fhorbairt an tsoláthair uisce reatha agus sa todhchaí agus ba cheart go gcuirfeadh Uisce Éireann treoir ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le húsáid inbhuanaithe uisce agus caomhnú uisce.

### C.3 Ár bhFreagra

Ár bhfreagra maidir leis na príomhphointí a ardaíodh thar na haighneachtaí ar fad faoi na topaicí seo a leanas:

- **Saincheistanna:** na seacht saincheist a measaimid a bhfuil an tionchar is mó acu ar Uisce Éireann thar an tréimhse go 2050;
- **Téamaí PSSU 2050:** na ceithre théama a cuireadh i láthair sa Pháipéar Saincheistanna trína rachfaí i ngleic leis na saincheistanna agus a bheadh mar bhonn eolais maidir le cuspóirí straitéiseacha an Phlean;

- **Cur chuige maidir le Pleanáil fadtéarmach:** an cur chuige a ghlacfaimid chun ár spriocanna a bhaint amach i gcomhthéacs todhchaí neamhchinnte;
- **Reachtaíocht agus Beartas:** an reachtaíocht agus beartas ar chóir don PSSU a chur san áireamh;
- **MST/MC:** an chaoi ar chóir go mbeadh an MST/MC a bheith mar bhonn eolais don PSSU.



## Príomh-shaincheistean

Aiseolas Comhairliúcháin	Ár bhFreagra	Tagairt dréacht PSSU 2050
<p>Mheas páirtithe leasmhara nár cuireadh na saincheistean seo a leanas san áireamh go sásúil sa Pháipéar Saincheistean:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Slándáil bhia, lena n-áirítear iascaireacht agus doharshaothrú</li> <li>• Bainistiú an tsoláthair uisce le linn tréimhsí triomaigh an tsamhraidh</li> <li>• Fás daonra:</li> <li>• Trédhearcacht agus iontaobhas</li> </ul>	<p>Aontaímid gur saincheistean tábhachtacha iad slándáil bhia, triomach agus fás daonra ar ghá dul i ngleic leo sa Pháipéar Saincheistean sa PSSU 2050. I gCuid 3 den dréacht PSSU 2050, déanaimid plé ar na saincheistean gur dócha a mbeidh tionchar acu ar sheirbhísí uisce go 2050. Sainiithnímid na tionchair a bhaineann le hathrú aeráide, lena n-áirítear an dóchúlacht mhéadaithe maidir le triomaigh agus meath sa thimpeallacht uisceach, rud a bhagraíonn ár n-iascaigh agus slándáil bhia. Anuas air seo, aithnítear gur príomh-shaincheist é an daonra agus fás geilleagrach lena n-éilítear bonneagar nua agus uasghrádaithe agus straitéiseacha caomhnaithe chun an t-éileamh ar acmhainní uisce a laghdú.</p> <p>Aithnímid ár ról maidir leis an gcomhshaol a chaomhnú agus a athchóiriú, ní amháin ar son leas an uisce óil ach ar son leas na bithéagsúlachta agus slándáil bhia freisin. Tríd na bearta a d'aithníomar chun tacú lenár Aidhm Straitéiseach ‘Uisce Óil Sábháilte a Chinntiú’ táimid tiomanta a bheith ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara agus pobail chun bearta cosanta foinse a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chosnóidh uisce agus sláinte ithreach. Aistríonn sé seo go tairbhí do na tionscail talmhaíochta agus iascaireachta freisin.</p> <p>Téann ár nAidhm Straitéiseach chun “Ár dtimpeallacht uisce a chaomhnú” i ngleic leis an saincheist maidir le meath na timpeallachta uiscí agus mara freisin. Táimid tiomanta maidir lenár n-astarraingtí a bhainistiú freisin, ionas go bhfuil siad inbhuanaithe, agus go ndéanann siad ár gcóras fuíolluisce a bhainistiú chun truailliú a laghdú ónár líonra séaraigh comhcheangailte agus lena gcinntítear go mbainimid amach ár gcaighdeáin sceite fuíolluisce chun an timpeallacht ghlactha a chosaint ó mheá.</p> <p>Aithnímid an tionchar atá ag triomach taobh istigh de chomhthéacs an athraithe aeráide agus tá sé beartaithe againn pleananna triomaigh a fhorbairt do na córais soláthair uisce ar fad faoinár nAidhm Straitéiseach “Soláthair uisce iontaofa a sholáthair”.</p> <p>Aithnímid go bhfuil trédhearcacht agus iontaobhas tábhachtach chun obair i gcomhar go héifeachtach lenár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara chun ár n-ionchais a bhaint amach agus ár n-acmhainní roinnte a chaomhnú. Tá comhoibriú lárnach d’ár gcur chuige chun ár ndúshlání fadtéarmacha a bhaint amach. I measc beartas chun ár nAidhm Straitéiseach “Soláthair do Chustaiméirí” tá faisnéis cothrom le dáta a chur ar fáil atá inrochtana do chustaiméirí trí ilchainéil cumarsáide agus táimid tiomanta go é seo a chaomhnú agus tiomanta go soiléireacht maidir leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil lena n-áirítear faisnéis do chustaiméirí chun An Treoir maidir le hUisce Óil a chomhlíonadh agus an Treoir Athmhúnaithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a chomhlíonadh agus sonraí maidir le oibreacha agus tionscadail bheartaithe agus neamhbheartaithe.</p>	<p><i>Cuid 2:</i> Na dúshlán atá romhainn go dtí 2050</p> <p><i>Cuid 4.2:</i> Uisce óil sábháilte a chinntiú</p> <p><i>Cuid 4.3:</i> Soláthairtí iontaofa uisce a sheachadadh</p> <p><i>Cuid 5.2:</i> Soláthar d’ár gcustaiméirí</p> <p><i>Cuid 6.2:</i> Ár gcomhshaol uisce a chosaint</p>
<p>Ní áirítear sa phlé ar príomh-shaincheist an athraithe aeráide go leor sonraí ar an tionchar a bhíonn ag seirbhísí uisce mar thoradh ar ardú teochta, ag laghdú frasaíochta, agus ag ardú leibhéal na farraige.</p>	<p>I gCuid 3 den dréacht PSSU 2050, tugtar cur síos ar na dúshlán atá romhainn go 2050. Sa chuid seo déanaimid tionchar athraithe aeráide ar ár seirbhísí uisce a mhíniú. I measc seo tá an tionchar a bheidh ag ardú teochta ar ár mbonneagar, oibríochtaí agus uiscí glactha, an tionchar a bhíonn ag laghdú frasaíochta ar infhaighteacht uisce agus cáilíocht an uisce agus an tionchar a bhíonn ag ardú leibhéal na farraige ar riosca tuilte agus ionsá sáile ar uiscígh.</p>	<p><i>Cuid 2</i></p>
<p>Ba chóir ganntanas uisce, éifeachtúlacht uisce agus tuiscint maidir le foinsí uisce, cóireáil agus soláthair a chur san áireamh mar shaincheistean taobh istigh den saincheist Feasacht agus Iompraíocht.</p>	<p>Tá bearta forbartha againn faoin aidhm straitéiseach, “Tacú lenár gcustaiméirí, leis na pobail agus leis an ngeilleagar” a dhíríonn ar oideachas a chur ar ár gcustaiméirí agus pobail agus cumarsáid a dhéanamh leo maidir leis an luach a bhaineann lenár acmhainn roinnte uisce. Is bonn tábhachtach iad rannpháirtíocht agus oideachas maidir lenár dtionscnaimh chun feasacht a chruthú maidir le úsáid éifeachtúil uisce chun ár nAidhm Straitéiseach “Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú” a bhaint amach.</p>	<p><i>Cuid 4.4:</i> Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú</p> <p><i>Cuid 5.2:</i> Seachadadh do chustaiméirí</p> <p><i>Cuid 5.3:</i> Teagmháil le pobail</p>

## Téamaí PSSU 2050

Aiseolas Comhairliúcháin	Ár bhFreagra	Tagairt dréacht PSSU 2050
<p>Ba chóir go mbeadh na cuspóirí straitéiseacha agus tacúla i gcomhréir leis an Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce (RBSU)</p>	<p>Tá ár PSSU i gcomhréir le fíis an Rialtais maidir le seirbhísí uisce mar luaitear sa RBSU. Tá ár gcuspóirí straitéiseacha ag teacht leis na cuspóirí agus tosaíochtaí an ráitis beartais. Lenár straitéis, cuirtear an na dúshlán chasta agus idirghaolmhar atá romhainn san áireamh maidir le soláthair seirbhíse uisce agus clúdaítear na trí phríomhchuspóir seo a leanas den ráiteas beartais:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cáilíocht agus Iontaofacht</li> <li>• Sábháilteacht agus Cáilíocht</li> <li>• Inbhuanaitheacht</li> </ul>	<p><i>Alt 3:</i> Sracfhéachaint ar ár gCuspóirí Straitéiseacha.</p>
<p>Ní léir cad is brí le huisce óil iontaofa.</p>	<p>Tá Gluais na dTéarmaí curtha san áireamh againn sa dréacht PSSU 2050 agus déantar an téarma iontaofa a mhíniú i gcomhthéacs ár gCuspóir Straitéiseach, “Uisce Óil Sábháilte agus Iontaofa” faoin Aidhm Straitéiseach seo a leanas: Soláthairtí iontaofa uisce a sheachadadh</p>	<p>Gluais na dTéarmaí agus cuid 4.3</p>
<p>Tá sé molta ag páirtithe leasmhara go bhfeabhsóimid ár infhaighteacht sonraí agus go gcuirfimid comhoibriú chun cinn leis na soláthairí bonneagair.</p>	<p>Cur chuige amháin atá againn maidir le dul i ngleic leis na dúshlán amach anseo ná chun sonraí agus teicneolaíocht a ghíaráil ar fud ár seirbhísí chun ár n-oibríochtaí a bharrfheabhsú, ár sócmhainní a bhainistiú agus cumarsáid a dhéanamh lenár gcustaiméirí. Aithnítear lenár bearta tacúla conas atá sé beartaithe againn sonraí agus teicneolaíocht a úsáid chun ár gcuspóirí agus ár n-aidhmeanna a bhaint amach.</p> <p>Is príomhchuid é an comhoibriú freisin d’ár gcur chuige maidir le soláthar ár seirbhísí uisce agus is cuid lárnach é de go leor de na bearta thar ár gcuspóirí straitéiseacha. Mar shampla, tugtar tacaíocht dár nAidhm Straitéiseach maidir le “Fás a sholáthar” trí bhearta ina bhfuil comhoibriú lenár príomhpháirtithe leasmhara chun tacú le pleanáil bheartais agus tithíocht agus forbairt tionscail. Tá sé i gceist againn a bheith ag obair i gcomhair le soláthraithe bonneagair eile chun ailíniú a chinntiú thar na hearnálacha agus chun tuiscint roinnte a chruthú maidir le riachtanais bonneagair.</p>	<p><i>Cuid 8:</i> Cineálacha chur chuige maidir le dúshlán fhadtéarmacha a sháru</p> <p><i>Cuid 5.1:</i> Fás a sholáthar</p>
<p>Leis an PSSU 2050, ba chóir go ndéanfaí breithniú maidir le conas a rachfar i ngleic leis na saincheisteanna a bhaineann le huisce óil, fuíolluisce agus uisce snámha a aithníodh i gceantair thosaíochta GCC.</p> <p>Leis an PSSU 2050, ba chóir go dtabharfar tús áite d’infheistíocht i gcóireáil fuíolluisce uirbeach chun an tionchar ar uiscí glactha a laghdú agus infheistíocht i gcosaint foinse agus soláthair óil is mó atá i mbaol.</p>	<p>Lenár gcuspóirí straitéiseacha maidir le “Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa” agus “An Timpeallacht a Chosaint agus a Chur ar Ais mar a bhí”, cuimsítear cuspóirí agus bearta tacúla a théann i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le huisce óil, fuíolluisce agus uisce snámha. Mar shampla, le Gníomh 1.1, gealltar forbairt agus cur i bhfeidhm Plean Sábháilteachta Uisce Óil chun rioscaí i soláthair uisce a shainiathint agus chun dul i ngleic leo agus le Gníomh 3.5 gealltar bainistiú sheirbhísí uisce d’ár n-oibleagáidí rialála lena n-áirítear comhlíonadh leis an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus cuspóirí timpeallachta CTU.</p>	<p><i>Cuid 4.2:</i> Uisce óil sábháilte a chinntiú</p> <p><i>Cuid 6.2:</i> Ár gcomhshaoil uisce a chosaint</p> <p><i>Cuid 6.3:</i> Ar ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce</p>

## Forbairt

Aiseolas Comhairliúcháin	Ár bhFreagra	Tagairt dréacht PSSU 2050
<p>Chuir páirtithe leasmhara fáilte roimh ár gcur chuige comhoibríoch agus chuir siad béim ar an tábhacht a bhaineann le luath-rannpháirtíocht agus cumarsáid shoiléir.</p>	<p>Míníodh sa Pháipéar Saincheisteanna an tslí ina bhfuil an comhoibriú mar bhonn taca maidir lenár gcur chuige le planáil fhadtéarmach Aithnímid an tábhacht a bhaineann le obair i gcomhar lenár gcustaiméirí, pobail agus páirtithe leasmhara chun seirbhís inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce a bhaint amach agus chun ár n-acmhainn timpeallachta a bhfuil luach uirthi a chaomhnú. Inár dréacht PSSU, aithnítear comhoibriú mar phríomhchuid dár gcur chuige chun tacú lenár gcuspóirí agus chun ár bhfís a sholáthair.</p>	<p><i>Cuid 8:</i> Cuir chuige maidir le dúshláin fhadtéarmacha a shárú</p> <p>Leagtar amach lenár gcuspóir straitéiseach, “Tacú lenár gcustaiméirí” (Cuid 5) leis na pobail agus leis an ngeilleagar” straitéiseacha chun tacú lenár gcustaiméirí agus pobail.</p>
<p>Tá sé molta ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) go bhfoghlaimoimid ó dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus go n-oibreoidimid i gcomhar le soláthróirí bonneagair eile lena gcinntítear éifeachtúlacht d’fhorbróirí agus d’úsáideoirí deiridh</p>	<p>Inár PSSU 2050, aithnímid gur chur chuige soláthair tábhachtach é an comhoibriú chun seirbhís inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce a chinntiú. Leis seo, beidh cumarsáid le soláthróirí bonneagair eile i gceist agus seirbhísí nua agus uasghrádaithe á bplanáil agus á soláthair againn. Tugtar tacaíocht dár nAidhm Straitéiseach maidir le “Fás a sholáthar” trí bhearta ina bhfuil comhoibriú lenár príomhpháirtithe leasmhara chun tacú le planáil bheartais agus tithíocht agus forbairt tionscail. Tá sé i gceist againn a bheith ag obair i gcomhair le soláthraithe bonneagair eile chun ailíniú a chinntiú thar na hearnálacha agus chun tuiscint roinnte a chruthú maidir le riachtanais bonneagair.</p>	<p><i>Cuid 8:</i> Cuir chuige maidir le dúshláin fhadtéarmacha a shárú</p> <p><i>Cuid 5.4:</i> Fás a sholáthar</p>

## Reachtaíocht, beartas agus rialáil agus Príomhphleananna agus Cláir eile

Aiseolas Comhairliúcháin	Ár bhFreagra	Tagairt dréacht PSSU 2050
<p>Ba chóir go mbeadh an PSSU comhsheasmhach, chomh fada agus is féidir, leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus pleananna réigiúnacha agus áitiúla eile amhail na Straitéiseacha Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus Pleananna Forbartha Contae.</p>	<p>Déanann an dréacht PSSU 2050 ár dtreo straitéiseach a leagan amach chun ár seirbhísí uisce a sholáthar ag leibhéal náisiúnta. Táimid i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (CNP), mar is cuí, agus rinneadh breithniú le linn an dréachtaithe.</p> <p>Is boinn eolais iad an CNP agus an plean Réigiúnach agus na pleananna ag leibhéal áitiúil freisin maidir lenár bpleananna leibhéal 2 agus leibhéal 3, amhail An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce. I measc ár bpróisis tacúla tá cumarsáid leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le hinniúlacht d’fhorbairtí tithíochta nua. Tugtar tacaíocht d’ár nAidhm Straitéiseach, “Fás a Sholáthar” le Beart 2.6 “Dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara agus comhoibriú leo chun tacú le beartas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil”</p>	<p><i>Cuid 5.4:</i> Fás a sholáthar</p>
<p>Leis an PSSU, ba chóir go gcuirfí an Creat-treoir Straitéise Mara 2008/56/EC, an Straitéis um Fheirm go Forc agus reachtaíocht Thuaisceart na hÉireann ábhartha san áireamh.</p>	<p>Leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta d’ár ndréacht PSSU 2050, cuireadh an Creat-Treoir Straitéise Mara 2008/56/CE, an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc agus reachtaíocht Thuaisceart na hÉireann is ábhartha san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an PSSU. Bhí an mheasúnacht seo mar bhonn eolais maidir le forbairt ár gcuspóirí straitéiseacha, ár n-aidhmeanna agus ár mbearta.</p>	<p><i>Tuarascáil MST</i></p>



### Idirghníomhaíocht MST agus RTN leis an PSSU 2050.

Aiseolas Comhairliúcháin	Ár bhFreagra	Tagairt dréacht PSSU 2050
Tá sé iarrtha ag páirtithe leasmhara go ndéantar ár dtiomantas maidir le cur i bhfeidhm na moltaí MST agus MC a luadh go soiléir.	Tá na cuspóirí MST curtha san áireamh againn le linn fhorbairt an Phlean agus ionchorpraíodh moltaí ó na próisis MST agus MC araon leis na bearta a d'aithníomar chun ár gcuspóirí plean a bhaint amach. Tuairiscítear torthaí na bpróiseas seo sa Tuarascáil Timpeallachta MST agus sa Ráiteas Tionchair Natura a ghabhann leis an dréacht PSSU.	<i>Tuarascáil MST</i>

### Iarscríbhinn 1: Aighneachtaí maidir leis an bPáipéar Saincheisteanna

Geallsealbhóir	Catagóir Páirtithe Leasmhara
Comhairle Contae na Mí (CCM)	Údarás Áitiúil
Tionól Réigiúnach Oirthir agus Lár-Tíre (TROLT)	Tionól Réigiúnach
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM)	Údarás Timpeallachta
Bord Iascaigh Mhara (BIM)	IPáirtí Leasmhar a bhfuil suim acu
An Fóram Uisce (AFU)	Rialáil
Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe - Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann (DAERA - NIEA)	Údarás Timpeallachta
Údarás um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)	Údarás Timpeallachta
Iascaigh Intíre Éireann (IFI)	Údarás Timpeallachta
An Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF)	Rialáil

## Acrainmneacha agus Giorrúcháin

Téarma	Sainmhíniú
(BTCanna)	Bogaigh Thógtha Chomhtháite
AE	An tAontas Eorpach
BSÉ	Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála
BSIU	Bonneagar Saorga um Iompar Uisce
CBL	Córas Bainistíochta Ligin
CNP	An Creat Náisiúnta Pleanála
CO2	Dé-Ocsaíd Charbóin
CRF	An Coimisiún um Rialáil Fóntais
CSÉ	Cothromaíocht idir Soláthar agus Éileamh
CTU	An Chreat-treoir Uisce
DD	Dlúthdhiosca
DÉF	Dearadh don Éifeachtúlacht Fuinnimh
EDS	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
FCS	Forsceitheadh Comhchóras Séarachais
GCC	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
GFT	An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail
ICU	Ionad Cóireála Uisce
IOCE	Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach
LCS (Caomhnú)	Limistéar Caomhantais Speisialta
LCS (Cosaint)	Limistéar faoi Chosaint Speisialta
LMC	Limistéir Mhéadraithe Ceantair
MC	Measúnacht Chuí

Téarma	Sainmhíniú
MST	Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
OP	Oifig Poist
PCS	Plean Cistiúcháin Straitéisigh
PGB	Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht
PNAU	An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce
PSSU	An Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce
PSSU 2015	Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2015
PSSU 2050	Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050
PSUÓ	Plean um Sholáthar Uisce Óil
RBSU	Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce
RDB	Réitigh Dhúlrbhunaithe
RTN	Ráiteas Tionchair Natura
RTN2	Ráiteas Tionchair Natura 2
SATÉ	Seirbhís Athsheachadóra Téacs na hÉireann
SSER	Straitéisí Spáis agus Eacnamaíocha Réigiúnacha
TCFU	Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh
THM	Tríhalaimeatáin
TSEB	Tionscnamh um Sprioc Eolaíochtbhunaithe
TUÓ	An Treoir maidir le hUisce Óil
ÚÁ	Údarás Áitiúil
UÉ	Uisce Éireann

## Gluais

Téarma Gluaise	Sainmhíniú
<b>Abhantrach</b>	An limistéir talún ina bhfuil clúdach dromchla uisce ó bháisteach ag airde níod lú, in abhainn, loch nó inbhear. Áirítear leis an abhantrach gach cainéal draenála, fo-abhainn (srutháin níos lú) agus tuilemhá.
<b>Acmhainn Bhitheolaíoch</b>	Ábhar ar féidir a athshlánú ón bpróiseas cóiríochta amhail sloda, atá saibhir in ábhar orgánach agus cothaithe. Is féidir comhábhar shloda a athshlánú agus é a úsáid i mbealaí tairbheacha amhail oiriúntóir ithreach agus is ábhar orgánach é leasachán ar féidir a úsáid mar foinse fuinnimh nó cothaitheach i bpróiseas athchórála uisce. I measc bith-acmhainní, tá sloda fuíolluisce, dramhaíl bhia, iarmhair thalmhaíochta agus miocralgaí.
<b>Áineas</b>	An luach sóisialta nó tairbhe do dhaoine a eascraíonn ó idirghníomhú le háit nó a bheith gar d'áit. Maidir le háineas, féadfaidh taitneamh aeistéitiúil agus físeach, deiseanna do chaitheamh aimsire, suaimhneas agus éalú ón mbrú uirbeach agus tábhacht cultúrtha agus spioradálta a bheith i gceist. Tá tionchar ag cáilíocht, cainníocht agus suíomh na sócmhainní uisce ar áineas.
<b>Astarraingt</b>	Ciallaíonn “Astarraingt” aon rud a dhéanamh a bhaineann le huisce a bhaint nó a atreorú trí mhodhanna meicniúla, píopa nó aon struchtúr innealtóireachta nó oibrithe ó aon chuid den timpeallacht uisce, lena n-áirítear aon rud ina ndéantar an t-uisce a bhaint nó a atreorú chun críche é a bheith aistrithe go cuid eile den timpeallacht uisce; (Rialachán an Aontais Eorpaigh (Beartas Uisce) (Clárúchán Astarraingt) 2018 I.R. Uimh. 261 de 2018).
<b>Athrú aeráide</b>	Athrú ar an aeráid arb í gníomhaíocht an duine, go díreach nó go hindíreach, is cúis leis lena n-athraítear comhdhéanamh atmaisféar an domhain agus atá sa bhreis ar athraitheacht aeráide nádúrtha a fheictear thar thréimhsí ama inchomparáid
<b>Bainistíocht Abhantraí</b>	Próiseas ina n-aithnítear abhantrach mar an aonad cuí chun talamh, uisce agus éiceachórais a thuiscint agus a bhainistiú.
<b>Bainistíocht ar éileamh</b>	Beartas a dhéanann comhlachtaí uisce agus eile chun éileamh teaghlaigh agus neamhtheaghlaigh a bhainistiú le haghaidh uisce. I measc na mbeartas tá bainistiú sceite, éifeachtúlacht uisce agus méadrú.
<b>Bainistiú comhtháite uisce</b>	Is cur chuige é bainistíocht uisce comhtháite ina dtógtar gach gné den timthriall uisce san áireamh chun na torthaí is fearr a bhaint amach le haghaidh na sochaí, an chomhsaoil agus an gheilleagair agus seirbhísí á bpleanáil agus á soláthair. Mar aon leis sin, breathnaítear ar cén chaoi a mbaineann an timthriall uisce le forbairt uirbeach agus próisis bainistiú talún agus acmhainne eile. Baineann bainistiú comhtháite uisce leas as na naisc idir na comhpháirteanna éagsúla seo agus forbraítear réitigh a bhfuil tairbhí níos leithne agus níos fadtéarmaí acu.
<b>Caomhnú uisce</b>	An cleachtas uisce a úsáid go héifeachtach agus laghdú a dhéanamh ar dhiomlach uisce. Is féidir é seo a bhaint amach trí bhonneagar uisce a fheabhsú (laghdú sceite), teicneolaíochtaí sábhála uisce a ghlacadh, beartais agus rialacháin uisce a chur i bhfeidhm, agus feasacht agus oideachas uisce a chur chun cinn.

Téarma Gluaise	Sainmhíniú
<b>Custaiméir</b>	Ciallaíonn “Custaiméir” maidir le soláthar seirbhísí uisce, áititheoir an áitribh a gcuirtear na Seirbhísí Uisce ar fáil ina leith [An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013].
<b>Earnáil an uisce</b>	Aon eagraíocht a bhfuil ról acu i mbainistiú uisce. Mar shampla, cuideachtaí uisce, údaráis bhainistíochta abhantraigh, údaráis áitiúla agus rialálaithe.
<b>Éilleáin atá ag teacht chun cinn</b>	Substaintí nach bhfuil rialaithe nó nach bhfuil monatóireacht á dhéanamh orthu in uisce óil ach d’fhéadfadh a bheith ina mbaol do shláinte an duine nó an comhshaol. I measc iad seo tá cógaisíocht, lotnaidicídí, ceimicí tionsclaíocha agus micreaphlaistigh.
<b>Forsceitheadh Uisce Stoirme</b>	Ciallaíonn “forsceitheadh uisce stoirme” struchtúr nó gléas ar chóras séarachais deartha agus tógtha chun críche an córas forsceitheadh iomarcach a mhaolú a easraíonn mar thoradh ar uisce báistí nó sneachta leáiteach san abhantrach séaraithe, agus an forsceitheadh iomarcach á scaoileadh go huiscí glactha.
<b>Geallsealbhóir</b>	Duine nó eagraíocht ar féidir leo tionchar a bheith acu ar chinneadh nó beart, ar féidir cinneadh nó beart tionchar a bheith aige orthu nó duine a bhraitheann a bhfuil tionchar ag cinneadh nó beart orthu
<b>Geilleagar ciorclach</b>	I ngeilleagar ciorclach, baintear a oiread fiúntais agus úsáidte agus is féidir as táirgí agus as ábhair. Íslítear dramaíil agus úsáid acmhainne, agus nuair a shroicheann táirge deireadh a shaolré, baintear úsáid arís as chun a thuilleadh luach a chruthú.
<b>Glanbhreisiú ó Thaobh Bithéagsúlachta De</b>	Is ionann bithéagsúlacht agus an réimse orgánach beo lena n-áirítear ainmhithe, feithidí agus plandaí. Gnóthachan glan is ea an próiseas a bhaineann le luach bithéagsúlachta iomlán a chur chun cinn.
<b>Gnáthóg</b>	Baile nó timpeallacht nádúrtha planda nó ainmhí.
<b>Iarmharaigh</b>	Seachtháirgí an phróisis córála uisce a bhaineann solaid ar fuaidreamh ó amhuisce nó camras. Féadfaidh siad a bheith ina leacht nó solad ag brath ar fhoinsé an uisce agus an cineál cóireála.
<b>ISO55000</b>	Soláthraítear le ISO55000:2014 forbhreathnú maidir le bainistíocht sócmhainne, a prionsabail agus téarmaíocht, agus na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo ó bhainistíocht sócmhainne a ghlacadh.
<b>ISO55001</b>	Sainnítear le ISO 55001:2014 na ceanglais le haghaidh córas bainistíochta sócmhainne taobh istigh de chomhthéacs na heagraíochta.
<b>Leibhéal Seirbhíse</b>	Ráiteas nó tuairisc maidir leis an aschur seirbhíse nó le haghaidh an gníomhaíocht áirithe nó limistéar seirbhíse inar féidir feidhmíocht a thomhas ina coinne.
<b>Limistéar Méadraithe Ceantair (LMC)</b>	Limistéar sainithe den líonra dáileacháin ar féidir a scoitheadh le comhlaí agus a bhfuil na cainníochtaí uisce at ag dul isteach agus ag imeacht a mhéadrú.
<b>Líonra cliste</b>	Córas ina mbaintear úsáid as teicneolaíochtaí sonraibhunaithé chun éifeachtúlacht agus iontaofacht a chur chun cinn maidir le dáileadh uisce, bailiúchán fuíolluisce agus próisis cóireála. Is braiteoirí iad cuid acu ina mbailítear agus ina dtarchuirtear sonraí ó phointí éagsúla sa líonra agus anailísíocht sonraí ina sholáthraítear léargais agus réitigh le haghaidh dúshláin bainistíochta uisce.

Téarma Gluaise	Sainmhíniú
<b>Liosta Gníomhaíochta Feabhais (LGF)</b>	Clár soláthar uisce poiblí a bhfuil na heasnaimh is dáiríre acu agus is mó i mbaol, áit a n-éilíonn an GCC go nglacfaidh Uisce Éireann beart ceartaitheach chun sábháilteacht agus slándáil na soláthar a chinntiú [GCC].
<b>Méadar cliste</b>	Gléas digiteach ina ndéantar an líon uisce a úsáideann tomhaltóir a thaifeadadh agus a chur in iúl.
<b>Measúnacht Chuí</b>	Is ionann measúnacht chuí agus measúnacht ar thionchair dhiúltacha ionchasacha plean nó tionscadail (i gcomhcheangal le pleananna nó le tionscadail eile) ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus ar Limistéir faoi Chosaint Speisialta. Tá na láithreáin sin faoi chosaint ag Dlí Náisiúnta agus Eorpach.
<b>Meigilítear (ML)</b>	1 mhilliún (1,000,000) lítear.
<b>Pobal</b>	Daoine atá in a gcónaí in Éirinn, a oibríonn inti nó a thugann cuairt uirthi.
<b>Réitigh Dhúlra bhunaithe</b>	Obair in éineacht leis an nádúr seachas a bheith ag iarraidh é a rialú leis an bhféidearthacht a bheith ann go leor leasanna a bhaint amach le haghaidh cáilíocht uisce, cainníocht uisce, bithéagsúlacht, oiriúnú aeráide agus athléimneacht.
<b>Séarachas</b>	“Baintear úsáid as “Séarachas” chun cur síos a dhéanamh ar pháibí a iompraíonn camras/ fuíolluisce. I measc úsáidí an téarma tá “líonra séarachais” agus “Scéim Séarachais” Cé gurb é “fuíolluisce” an téarma molta, baineadh úsáid as “Séarachas” go stairiúil in ainmneacha tionscadail agus baintear úsáid as seo go fóill ar an mbonn seo”.
<b>Sloda fuíolluisce</b>	Seachtháirge orgánach na cóireála bitheolaíoch fuíolluisce ina bhfuil meascán de sholaid agus uisce orgánacha. Ar a dtugtar freisin sloda séarachais
<b>Sócmhainn</b>	Earra, ní nó eintiteas a bhfuil poitéinseal nó luach iarbhír aige d’eagraíocht
<b>Soláthar uisce iontaofa</b>	Cumas uisce leordhóthanach agus sábháilte a sholáthar chun freastal ar riachtanais daonra nó córas gan bhriseadh ná teip.
<b>Suímh cosanta</b>	Limistéar a ainmníodh a bhfuil luach speisialta éiceolaíochta aige faoi reachtaíocht AE amhail Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS (Cosaint)), Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS (Caomhnú)) agus Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (LON).
<b>Tríhalaimeatáin</b>	Déantar tríhalaimeatáin a chumadh mar sheachtháirge go príomha nuair a bhaintear úsáid as clóirín chun uisce óil a dhíghalrú.
<b>Uirbeach</b>	Ceantair dhlúthdhaonra atá foirgnithe le teaghaisí, foirgnimh agus bonneagar.
<b>Uisce Stoirme</b>	Uisce a shruthaíonn ó dhromchlaí neamh-thréscaoilteach amhail bóithre agus cosáin nuair a bhíonn sé ag cur báistí, a mbíodh ag sileadh sa talamh agus sútha ag fásra roimh fhorbairt uirbeach. Ciallaíonn “uisce stoirme” rith báistí a théann isteach i bpíobán ar bith [An tAcht um Sheirbhísí Uisce 2007].
<b>Uiscíoch</b>	Stóras nádúrtha uisce faoi thalamh a fhoirmítear nuair a shileann uisce isteach sa talamh.
<b>Úsáid uisce lasmuigh den teach</b>	Ídiú uisce chun críche eile seachas úsáid teaghlaigh nó pearsanta. I measc seo tá uisce a bhíonn in úsáid ag tionscail, talmhaíocht, tráchtáil, seirbhísí poiblí agus úsáidí comhshaoil.
<b>Úsáid uisce sa teach</b>	An méid uisce a ídítear sa teaghlach chun críche éagsúla amhail ól, cócaireacht, glanadh, garraíodóireacht agus sláintíocht.

Má tá ceist ar bith agat nó má theastaíonn tuilleadh eolais uait, téigh i dteagmháil linn:

## Teagmháil sonraí

**Gréasán:**  
[www.water.ie](http://www.water.ie)

**Twitter:**  
@IWCare

Uisce Éireann  
Bosca Oifige Poist 860  
Oifig Seachadta na Cathrach Theas  
Cathair Chorcaí

## Fiosruithe agus aiseolas ón gcomhairliúchán

**9rn–5.30in, Luan–Aoine**

**Ríomhphost:**  
[wssp@water.ie](mailto:wssp@water.ie)

**Post:**

An Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce,  
Uisce Éireann,  
BOSCA Oifig Poist 13216,  
Gleann na gCaorach,  
Co. Bhaile Átha Cliath

**Saorghlao:**  
1800 46 36 76

